

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

2022

Uisce Éireann
Irish Water

**Seoladh:**

Áras Colvill, 24 -26 Sráid Thalbóid, Baile
Átha Cliath 1, D01 NP86, Éire

# Clár ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 02 |
| Buaicphointí | 02 |
| Méid agus Scála ár nOibríochtaí | 02 |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc Straitéiseach** | **03** |
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 04 |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 06 |
| Creat straitéiseach | 10 |
| Múnla gnó Uisce Éireann | 12 |
| Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha | 15 |
| Príomhtháscairí feidhmíochta | 16 |
| Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara | 20 |
| Bainistíocht riosca | 24 |
| Athbhreithniú airgeadais | 32 |
| Foireann feidhmiúcháin | 38 |
| Athbhreithniú oibriúcháin | 39 |
| Inbhuanaitheacht | 46 |
| Am chun dreas cainte a dhéanamh | 49 |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc Rialachais** | **55** |
| Bord Uisce Éireann | 56 |
| Tuarascáil an Bhoird | 60 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 72 |

| | |
|---|---|
| **Ráitis Airgeadais** | **74** |
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Uisce Éireann | 76 |
| Ráiteas ioncaim | 78 |
| Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile | 79 |
| Clár comhardaithe | 80 |
| Ráiteas ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna | 81 |
| Ráiteas ar shreabhadh airgid | 82 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 83 |
| Stiúrthóirí agus faisnéis eile | 126 |

# Réamhrá

## Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce slán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar do mhuintir na hÉireann

Táimid freagrach as uisce glan agus sábháilte a chur ar fáil do na milliúin duine ar fud na hÉireann. Oibrímid agus déanaimid cothabháil ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce lena n-áirítear na mílte ionad cóireála agus sócmhainn, chomh maith leis na mílte ciliméadar de líonra píobáin.

Cuirimid soláthar uisce óil sábháilte agus iontaofa ar fáil dár gcustaiméirí agus bailímid a bhfuíolluisce go sábháilte, agus cuirtear ar ais don timpeallacht é. Agus na seirbhísí ríthábhachtacha sin á soláthar, atá mar bhonn faoin bhfás sóisialta agus eacnamaíoch don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, táimid ag comhoibriú lenár gcomhpháirtithe Na Údaráis Áitiúil chun líonraí uisce na hÉireann, atá ag dul in aois, a athrú ó bhonn, faoi aon fhóntas náisiúnta amháin a bheidh nua-aimseartha agus éifeachtúil.

# Buaicphointí

**Ioncam**
**€1,309m**

**Caiteachas caipitil**
**€1,061m**

**Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim***
**€253m**

**Meánlíon na bhfostaithe**
**1,231**

* Déantar aon bharrachas a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú.

## Méid agus Scála ár nOibríochtaí

**Uisce** | **Fuíolluisce**

| | Uisce | Fuíolluisce |
|---|---|---|
| **Lítir a ndéantar cóireáil orthu gach lá** | 1.72 bn | 1.26 bn |
| **Stáisiúin chaidéalaithe** | 1,796 | 2,250 |
| **Ionaid cóireála uisce** | 716 | 1,057 |
| **Km de líonra** | >64,000 | >26,000 |



# Tuairisc Straitéiseach

# Tuarascáil an Chathaoirligh



**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

## Ghabh ár gcaiteachas caipitiúil ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce thar €1bn den chéad uair riamh.

Le hinfheistíocht thar gach téama polasaithe um Cháilíocht (€496.7m), Caomhnú (€186m) agus Cúrsaí a Sheasfaidh an Aimsir (€377.1m) soláthraíodh aschuir thábhachtacha agus torthaí dearfacha do chustaiméirí agus do phobail, lena ndéantar cáilíocht an uisce a fheabhsú, athléimneacht a fheabhsú agus an tionchar ar ár dtimpeallacht a laghdú.

Cuirimid luach lárnach ar an tsábháilteacht ag Uisce Éireann, agus tá sé mar chuspóir againn nach ndéanfadh ár ngníomhaíochtaí aon dochar d'aon duine. Mar sin féin, is oth liom a thuairisciú go raibh an chéad teagmhas báis againn in Uisce Éireann bhain le conraitheoir, ar shuíomh arna bhainistiú ag conraitheoir, in Eanáir 2023. Tá an fiosrúchán ar an teagmhas fós ar siúl le gach páirtí leasmhar cuí. Táim fós tiomanta go leanfar leis an gcultúr sábháilteachta a chinntiú trí na tionscnaimh Shábháilteachta Oibre atá deartha chun an luach sábháilteachta a neadú ar fud ár n-oibríochtaí - ag cur sábháilteachta i gcroílár ár n-oibre.

## Uisce Éireann - Fóntas faoi úinéireacht phoiblí, náisiúnta, neamhspleách, rialaithe

I mí na Nollag, tháinig an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2022 (Léasú) i bhfeidhm agus chuir sé beocht i dtiomantas Chlár an Rialtais chun an Chuideachta a choimeád, leis an ainm Uisce Éireann anois, faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta, neamhspleách, rialaithe agus scartha ó Ghrúpa Ervia. Ba gharsprioc thábhachtach é dar n-eagraíocht agus do thodhchaí sheirbhísí uisce na hÉireann.

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Bord Uisce Éireann neamh-fheidhmeannach nua le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Athshannadh ceathrar ball de Bhord Ervia do Bhord Uisce Éireann chun leanúnachas agus soláthar na taithí cuí a chinntiú. Go suntasach, déantar ionadaíocht do Chomhdháil na gCeardchumann de réir na reachtaíochta ar Bhord Uisce Éireann.

Faoin gcóras nua seo, beidh leibhéil mhéadaithe freagrachta agus trédhearcachta ann i gcomhréir le leibhéal maoinithe an Státchiste d'Uisce Éireann. Ó 1 Eanáir 2023 i leith, beidh Uisce Éireann faoi réir dhá iniúchóireacht ceann ag an Ard-Reachtaire agus an ceann ag Ard-Iniúchóir agus a iniúchóir reachtúla tráchtála faoi Acht na gCuideachtaí agus beidh sé freagrach freisin don Choiste um Chuntais Phoiblí.

## Céim shuntasach chun tosaigh ar an athrú chun feabhais na hearnála uisce.

Ba gharsprioc suntasach é conclúid na gcainteanna faoi scáth an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus foilsiú an Chreata le haghaidh Sholáthar na Todhchaí de chuid na hEarnála Uisce ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dúinn in 2022. Léiríonn an Creat an chéad chéim eile sa phróiseas trí na nglacfaidh Uisce Éireann freagracht iomlán le haghaidh soláthar gach seirbhíse uisce poiblí agus déantar soláthar leis d'aistriú deonach bhaill foirne sheirbhísí uisce na hÚdarás Áitiúil go dtí Uisce Éireann. Cinnteoidh comhtháthú seirbhísí uisce ar bhonn náisiúnta forbairt inbhuanaithe seirbhísí uisce poiblí in Éirinn agus go ndéanfar na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht shuntasach chaipitiúil inár gcórais uisce a uasmhéadú.

## Tithíocht do Chách

Tá Uisce Éireann tiomanta dá pháirt a ghlacadh san fheachtas náisiúnta chun tithíocht a sholáthar dóibh siúd a bhfuil sí de dhíth orthu trí thosaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do sholáthar príomhbhonneagair na seirbhíse uisce a. Táimid fós tiomanta go hiomlán do na gníomhaíochtaí sonracha a leagadh orainn a sholáthar i gclár Tithíochta do Chách an Rialtais. Áirítear leo sin Scéim Creidiúnaithe Eispéireasbhunaithe a

fhorbairt agus clár acmhainneachta a fhoilsiú. Tháinig méadú i mbliana ar an éileamh ar fhiosruithe ceangail nua agus ar sheirbhísí iarratais. Thugamar freagraí dearfacha ar 3190 fiosrú a bhain le 116647 aonad tithíochta agus thugamar 4473 tairiscint cheangail a bhain le 36989 aonad tithíochta. Ghlac custaiméirí le 3693 tairiscint a bhain le 28188 aonad tithíochta. Chuir Uisce Éireann 4,258 ceangal le bonneagar seirbhísí uisce a bhain le 25,347 aonad tithíochta i gcrích i mbliana.

## Inbhuanaitheacht

Tá Uisce Éireann ar an aistear le bheith ina fhóntas uisce inbhuanaithe ísealcharbóin atá tíosach ar fhuinneamh. Glacann ár straitéis agus clár bainistíochta fuinnimh cur chuige ar fud an ghnó, lena n-áirítear dearadh tíosach ar fhuinneamh, nuálaíocht, iarfheistiú fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, soilsiú agus téamh, iniúchtaí fuinnimh agus pleanáil, optamú próisis, feasacht agus oiliúint foirne. Táimid fós ar an mbóthar ceart lenár sprioc d'fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 50% a bhaint amach faoin mbliain 2030.

## An bhearna phá idir na hInscní

Tá sé ríthábhachtach dár gcuspóir, dár bhfís agus dár straitéis cultúr a spreagadh a mheallann an tallann is fearr agus a chruthaíonn timpeallacht a thacaíonn le dul chun cinn agus le fás gairme agus a thacaíonn leis sin chomh maith. Teastaíonn tiomantas agus níos tábhachtaí fós, gníomh marthanach chun ionad oibre iomlán cuimsitheach ionadaíoch a chruthú. D'fhoilsíomar an chéad tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Nollag agus cuirtear na sonraí in iúl dúinn go bhfuil Bearna Phá idir na hInscní in Uisce Éireann agus tá tuilleadh oibre le déanamh againn nuair a bhaineann sé le hionadaíocht na mban. Nuair a ríomhaimid an mheánìocaíocht do gach fear san eagraíocht in aghaidh na huaire agus an mheánìocaíoch do gach bean san eagraíocht in aghaidh na huaire, tá bearna 7.37% idir an dá mheán.

Tá roinnt tosca ag baint leis an mbearna phá sin. Ar an gcéad dul síos, tá níos mó fear i róil shinsearacha san eagraíocht, is fir iad 67% den cheathairíl phá uachtarach agus ina iomláine, tá comhréir na bhfear níos mó ná comhréir na mban fostaithe ag Uisce Éireann, rud a bhíonn tionchar aige ar phíblíne na hionadaíochta ceannaireachta. Chomh maith leis sin, is comhlacht ETIM den chuid is mó é Uisce Éireann agus go traidisiúnta mheall sé níos mó iarrthóirí fear ná ban le haghaidh folúntas ar gach leibhéal. Bíonn tionchar aige sin ar ionadaíocht inscne san eagraíocht. Beimid ag díriú ar mhná a mhealladh chun oibre linn agus chun leanúint ar aghaidh freisin ag forbairt agus ag fás ár dtallainne mná. Tógfaidh sé roinnt mhaith ama leis an mbearna phá a chúngú, d'Uisce Éireann agus don tsochaí i gcoitinne, ach táimid tiomanta do ghníomh fiúntach a ghlacadh chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hInscní. Tá an tuarascáil iomlán maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.water.ie.

## Rialachas

Ba struchtúr boird aonadaigh é Bord Ervia, rud a chiallaíonn gurb ar an mbord a bhí an fhreagracht sa deireadh as rialachas Ervia agus a chuid fochuideachtaí. Bhí coistí cuí i bhfeidhm ar leibhéal Ervia in 2022 agus ghníomhaigh siad i dtaobh Grúpa Ervia ina iomláine. Bhí Coiste Luacha Saothair Ervia freagrach as spriocanna feidhmíochta a shocrú agus a athbhreithniú. In ainneoin na timpeallachta dúshlánaí, go háirithe maidir le praghsanna fuinnimh mhéadaithe, d'éirigh go maith le hUisce Éireann in 2022, agus tháinig feabhas ar an maoirseacht bhainistíochta ar ionaid chóireála uisce do dhaonra 3.1 milliún trí Ionad Náisiúnta Bainistíochta Oibríochtaí. Tá tuilleadh sonraí ar an dul chun cinn a rinneadh i mbliana ar ár dtáscairí feidhmíochta ar fáil ar leathanach 16-19.

I rith 2022 lean Bord Ervia ag tabhairt tosaíochta do rialachas corparáideach i gcomhréir le dea-chleachtas, trédhearcacht, rialachán atá ag teacht chun cinn agus treochtaí. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar athbhreithniú foirmiúil agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na Maoluithe agus srianta cuí i bhfeidhm.

Táimse sásta mar Chathaoirleach go bhfuil na rialúcháin inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár gceanglais rialachais a bhaint amach. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ach féach ar Thuarascáil an Bhoird ar leathanach 60-71.

## Conclúid

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na hoifigigh ag NewERA as ucht a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Ba bhliain í ina tugadh faoi phróiseas casta atheagrúcháin lena n-áirítear athbhreithnithe ar Bhunreacht Uisce Éireann, struchtúir inmheánacha nua, socruithe pinsin mar aon le bogadh foirne ó Ervia go dtí Uisce Éireann.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le Cathal Marley, cathaoirleach an Bhoird in 2022, a sholáthair, i dteannta bhaill an Bhoird agus mo chomhghleacaithe ar Bhord Ervia, a dtiomantas, a ndíograis agus a rialachas éifeachtach leanúnach ar an ngnó in 2022, agus gabhaim buíochas leo as ucht a gcuid seirbhísí. Cuirim fáilte roimh cheapachán bhaill neamhfheidhmeannacha an Bhoird agus táim ag súil le bheith ag obair leo.

Tá sé tábhachtach go n-aithneoinn ár bhfoireann agus na páirtithe ar fad agus go ngabhfainn mo bhuíochas leo as ucht a gcúnaimh lenár dtiomantas a sholáthar do na pobail a bhfreastalaímid orthu.

**Tony Keohane**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin



**Niall Gleeson**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Freagraíonn Niall Gleeson ceisteanna ar oibríochtaí Uisce Éireann lena n-áirítear feidhmíocht an ghnó in 2022, tionchar an bhoilscithe, na dúshláin agus tosaíochtaí na todhchaí.

Bíonn tionchar ag mór-threochtaí agus forbairtí sa gheilleagar go ginearálta ar an gcaoi a gcruthóimid luach go fadtéarmach. Ó am go chéile, cruthaíonn na treochtaí sin éiginnteacht dúinn, dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara i gcoitinne.



| Tuairiscímid ar | Leathanaigh |
|---|---|
| Cruthú luacha | 12-13 |
| Mór-threochtaí | 15 |
| Príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí maoluithe | 24-31 |



### Cad iad na buaicphointí a bhí agat in in 2022?

Agus an tuarascáil seo a hullmhú, tuigim go bhfuil an cogadh san Úcráin ag dul isteach sa dara bliain. Tá na tionchair sin leitheadach agus beidh siad fós le brath ar feadh i bhfad. Leag an bhliain seo a dúshláin féin romhainn; margaí fuinnimh mhíshocra, briseadh i slabhraí an tsoláthair, brú boilscithe, agus sa chéad leath den bhliain bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm, ach fós féin, d'éirigh linn. Is féidir ár n-athbhreithniú oibríochta ar an mbliain a léamh ar leathanach 39-45 agus tá sonraí ar ár bhfeidhmíocht airgeadais in 2022 ar leathanach 32-36. Táimid tiomanta go hiomlán dá chinntiú go leanfaidh Uisce Éireann le fócas láidir custaiméirí a choimeád agus leanfaimid lenár gcuid oibre lena chinntiú go mbeidh Uisce Éireann freagrach agus trédhearcach i gcónaí, agus luach ar airgead á sholáthar do cháiníocóirí. Tugaimid tosaíocht do ról ríthábhachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid go dlúth leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas agus is féidir leat léamh fúthu ar leathanach 20-22.

| In 2022, rinneamar | Leathanach |
|---|---|
| Dul chun cinn suntasach maidir le hullmhú d'aistriú de réir a chéile na freagracht iomláine as seirbhísí uisce poiblí ó na hÚdaráis Áitiúla in 2023. | 39 |
| Lainseáladh an tIonad Náisiúnta Bainistíochta Oibríochtaí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath atá ag feidhmiú 24/7 anois, agus déanann sé monatóireacht ar bhreis is 966 aláram inár 92 ionad Cóireála Uisce is mó. | 40 |
| Bainistíodh an filleadh ar ais sábháilte chuig na hoifigí agus thosaíomar an scéim oibre cumaisc ar bhonn píolótach. | 50 |
| Lainseáladh ár straitéis nua cuspóra, físe agus THRIVE. | 10 |
| Rinneamar ceiliúradh ar roinnt mhaith tionscnamh Éagsúlachta agus Cuimsitheachta agus fós soláthraíonn ár gclár Time to Talk tacaíocht shárluachmhar. | 50 |
| Fuarthas Gradam Glas mór le rá, i gcomhar lenár bpáirtithe VESI Environmental agus Comhairle Contae Chiarraí le haghaidh tionscadal nuálach chun inbhuanaitheacht, cóireáil uisce ísealfhuinnimh a bhaint amach do bhaile Leic Snámha i gContae Chiarraí. | 53 |

“

***Leanfaimid orainn ag obair lena chinntiú go mbeidh Uisce Éireann freagrach agus trédhearcach i gcónaí, agus luach ar airgead á chur ar fáil aige do cháiníocóirí.***

## An bhfuil aon rud ann a dteastaíonn uait aird a tharraingt air?

Tá sábháilteacht an phobail, ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí agus páirtithe na nÚdarás Áitiúil i gcroílár ár ngníomhaíochtaí. I mí Eanáir 2023, ar an drochuair cuireadh ar an eolas sinn gur maraíodh conraitheoir a bhí ag obair thar ceann Uisce Éireann. Táim ag fanacht ar thorthaí an fhiosrúcháin a rinneadh ar an teagmhas lena chinntiú go gcuirfear aon cheacht a foghlamíodh i bhfeidhm. Beidh sé fós ina phríomhfhócas againn feasacht a chinntiú faoi na cinntí agus na contúirtí a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála, i bhfianaise an bháis sin, agus leanfaidh mé le tús áite a thabhairt do shábháilteachta in 2023, agus ár dtionscnaimh um chultúr sábháilteachta Work Safe Home Safe á sholáthar.

Admhaím an méadú a tháinig ar líon na ndaoine a bhí ar Fhógraí 'Uisce a Fhiuchadh' ag deireadh 2022 agus aithním an cruatan agus an mhíchaoithiúlacht a bhaineann le Fógraí 'Uisce a Fhiuchadh'. Tá clár oibre leagtha amach ag Uisce Éireann chun an cháilíocht uisce óil a fheabhsú ach is tírdhreach síorathraitheach é ina dtagann fadhbanna nua chun cinn ar bhonn leanúnach. Ag deireadh 2022, bhí 13 sholáthar faoi réir Fhógraí Uisce a Fhiuchadh a bhí i bhfeidhm le breis is 30 lá. Bhí tromlach na ndaoine a bhí buailte lonnaithe in 3 áit, An Geata Bán (9482 duine), Maigh Chromtha (4237 duine) agus An Chloch/Caisleán an Chomair (3195 duine). Cuireadh deireadh leis an bhFógra 'Uisce a Fhiuchadh' i Maigh Chromtha ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2023. Beidh uasghráduithe suntasacha caipitiúla ag teastáil chun dul i ngleic go hiomlán le saincheisteanna ag an nGeata Bán agus sa Chloch/Caisleán an Chomair. Beidh na soláthairtí sin á gcur ar Fhógra 'UIsce a Fhiuchadh' agus á mbaint díobh, de réir mar a bheidh ag teastáil chun sláinte an phobail a chosaint, go dtí go gcríochnófar na huasghráduithe caipitiúla. Chuireamar tionscnaimh chun cinn i rith na bliana chun oibríocht agus monatóireacht ar ár n-ionaid chóireála uisce agus líonraí gaolmhara a fheabhsú. Ciallaíonn na feabhsuithe sin go bhfuil líon níos mó Fógraí 'Uisce a Fhiuchadh' ar an iomlán á bhfeiceáil againn. Mar sin féin, baineann an chuid is mó acu le tréimhsí gearra. Déileáladh le breis is 67% d'Fhógraí 'Uisce a Fhiuchadh' a cuireadh i bhfeidhm in 2022 agus cuireadh ar ceal iad laistigh de 30 lá.

Leanamar anuraidh le feabhas a chur ar chailíocht an uisce, ag baint 11 soláthar uisce, a d'fhreastail ar 130034 duine ó Liosta Gníomhaíochta Feabhais an GCC. Is taifead é sin de na soláthairtí uisce poiblí atá i mbaol agus ina n-iarrann GCC ar Uisce Éireann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh ina leith. Chuir an GCC breis scéimeanna leis an liosta i rith na bliana. Aithníodh saincheisteanna ag na soláthairtí seo mar thoradh ar iniúchóireacht GCC, nó i gcásanna áirithe mar thoradh ar mhonatóireacht fheabhsaithe ar ár n-ionaid chóireála uisce. Ag deireadh na bliana 2022, bhí 58 scéim faoi riosca ar an liosta a bhí ag soláthar daonra thart ar 480,000 duine. Baineann os cionn 40% den daonra sin le 2 sholáthar a cuireadh

## Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (ar lean)

leis an liosta sa bhliain 2022, cathair Luimnigh agus soláthar na Bearú. Tá sé i gceist againn, faoi dheireadh na bliana 2023, oibreacha a chur i gcrích ag 7 scéim a fhreastalaíonn ar dhaonra thart ar 20,000 duine le chéile. Chomh maith leis sin, táim ag súil go ndéanfar soláthairtí go cathair Luimnigh agus cathair Chill Chainnigh a sholáthraíonn daonra os cionn 130,000 duine, a fheabhsú faoin mbliain 2024.

### Cén chaoi a bhfuil tionchar ag costais fuinnimh ardaithe agus praghsanna ardaithe ar Uisce Éireann?

Tá éifeacht shuntasach ag an gcogadh san Úcráin agus na smachtbhannaí a gearradh ar gheilleagar na Rúise ar an ngeilleagar domhanda agus cuireadh tuilleadh brúnna boilscitheacha ar an téarnamh eacnamaíoch i ndiaidh COVID-19 leis. Is fíordhúshláin shuntasacha iad sin nach mór don earnáil uisce agus don tionscal tógála i gcoitinne déileáil leo, rud a imríonn tionchar ar chostas agus infhaighteacht ábhar agus acmhainní araon.

Glacann Uisce Éireann, atá ar na móríditheoirí fuinnimh san earnáil phoiblí, cur chuige stuama maidir le soláthar leictreachais agus maidir le rialú láidir costas airgeadais. Ciallaíonn an rialú agus an disciplín sin go bhfuil fócas leanúnach ar bhainistíocht ár gcaiteachais. Mar sin féin, mar gheall ar na costais ardaithe agus ar an luaineacht i bpraghsanna, rinne an Coimisiún um Rialáil Fóntais cinneadh leithdháileadh a dhéanamh ar liúntas um chaiteachas oibríochtúil 2023 breise chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a tharla mar gheall ar mhéaduithe boilscithe agus fuinnimh.

Thug an Coimisiún um Rialáil Fóntais rochtain d'Uisce Éireann ar chistí a bhí imfhálaithe roimhe seo lena n-atreorú go dtí an buiséad caiteachais chaipitil níos leithne agus dúshláin boilscitheacha.

Táim tiomanta do luach ar airgead a fháil don cháiníocóir agus do sholáthar éifeachtúil an phlean infheistíochta caipitiúla.

### Cad iad na príomhchonstaicí atá ag baint le dul chun cinn chuspóirí straitéiseacha Uisce Éireann in 2023?

Cruthaíonn amlínte fada maidir le cinnteoireacht a phleanáil agus an éiginnteacht faoi cathain a dhéanfar cinntí, an-chuid deacrachtaí maidir le tionscadail straitéiseacha a bhaint amach agus bíonn sé deacair cinnteacht a sholáthar maidir le baint amach ár spriocanna, ár bplean infheistíochta agus ár bPlean Forbartha Náisiúnta a chur i gcrích. Bhí moilleanna mar thoradh ar fhadhbanna maidir le cead pleanála, éadáil talún agus toilithe reachtúla. Tá sé sin dúshlánach dúinn agus dár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear úinéirí talún, cinnteoirí, pobail áitiúla agus gach duine a bhraitheann ar ár gclár infheistíochta chun cuspóirí náisiúnta a sholáthar, agus feabhsuithe timpeallachta a sholáthar nuair atá siad de dhíth. Dá réir sin, chuir mé fáilte roimh na leasuithe ar an bpróiseas pleanála a bhí molta in 2022 mar chuid den Bhille um Pleanáil agus Forbairt agus tá súil agam go bhfeicfimid tionchair na n-athruithe sin go luath, rud a chuideoidh linn tionscadail a bhogadh ar aghaidh níos tapúla.

Ní leor an infheistíocht chaipitiúil leanúnach agus na tionscnaimh laghdaithe ligin chun an acmhainneacht chuí a sholáthar lena chinntiú go mbeidh soláthar uisce óil iontaofa i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, áit nach bhfuil aon lamháil nó fíorbheagán lamhála ann. Go dtí go gcuirfear mórfhoinse nua uisce ar fáil. Ní bheidh Uisce Éireann in ann seirbhís ar an gcaighdeán atá á lorg a bhaint amach agus beidh baol ann i gcónaí go dtarlóidh bristeacha a mhairfidh i bhfad, rud a chuirfidh isteach go mór ar thithe agus ar ghnólachtaí.

Is tionscadal nach ndéantar ach go hannamh é Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chun acmhainneacht chóireála fuíolluisce shásúil a sholáthar agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar reachtaíocht AE agus reachtaíocht náisiúnta. Tabharfaidh sé cosaint do shláinte an phobail agus don timpeallacht agus tabharfaidh sé tacaíocht d'fhás inbhuanaithe sa todhchaí. Tugtar tús áite dó sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus tá sé an-tábhachtach go soláthrófaí é.

### Cad iad do phríomhthosaíochtaí don bhliain romhainn?

Tá sé mar phríomhthosaíocht againn, de réir mar a ghlacaimid freagracht iomlán as seirbhísí uisce poiblí in 2023, go gcinnteoimid go bhfeidhmeofar go réidh an próiseas aistrithe do gach Údarás Áitiúil gan aon bhaol don tseirbhís ná don tsábháilteacht. Beimid ag díriú freisin ar:

- Clár Caiteachais Chaipitiúil de €1.2 billiún a sholáthar.
- Leanúint ar aghaidh le soláthar seirbhíse custaiméirí a fheabhsú tríd an gClár Custaiméirí chun Tosaigh.
- Brúnna Boilscithe Leanúnacha a bhainistiú.
- An Straitéis THRIVE agus ár gclár oibre inbhuanaitheachta a sholáthar.
- Éagsúlacht agus Cuimsiú a leathnú laistigh d'Uisce Éireann agus comhionannas inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal san eagraíocht.

Ba bhliain dhúshlánach í 2022 agus bhaineamar sárfheidhmíocht amach. Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun mo bhuíochas a ghabháil le baill an Bhoird, le mo chomhghleacaithe, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus lenár bpáirtithe seachadta as ucht a dtiomantais agus a ndíograise chun seachadadh chuig ár gcustaiméirí. Táim ag súil le bliain úr ghnóthach agus rathúil in 2023.



# Creat straitéiseach

## Cuspóir

Táimid ábalta don dúshlán a bhaineann le seirbhísí uisce bunathraitheacha a sholáthar, rud a chuireann ar chumas pobal déanamh go maith.

## Fís

Éire inbhuanaithe, áit a dtugtar meas d'uisce agus a ndéantar é a chosaint, don phláinéad agus don bheatha lena dtacaíonn sé.

## Cuspóirí straitéiseacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| T | **Bonneagar uisce na hÉireann a athrú ó bhonn** | Trí sheirbhísí uisce tráthúla, riachtanacha le luach ar airgead a sholáthar | Féach tuilleadh ar Aschuir agus Torthaí ar leathanach 16 go dtí 19. |
| H | **Leas a bhaint as cultúr sábháilte, éagsúil agus cuimsitheach** | Áit a bhfuil ár bhfoireann cumhachtaithe agus ardfheidhmiúil | Léigh faoinár dtionscnaimh éagsúlachta agus chuimsitheacha ar leathanach 50. |
| R | **Uisce Éireann imeasctha a bhaint amach** | Chun seirbhísí uisce sábháilte, inacmhainne, dírithe ar chustaiméirí, a sholáthar dár dtír | Tá nuashonruithe maidir le seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar fáil ar leathanaigh 39-45. |
| I | **Múscail féinmhuinín** | Go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas iontaofa do sheirbhísí uisce in Éirinn | Chun forléargas a fháil ar ár gcur chuige ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara téigh go dtí leathanaigh 20-22. |
| V | **Meas a bheith ar ár dtimpeallacht agus feabhas a chur uirthi** | Trí thús áite a thabhairt do cháilíocht agus teacht aniar ár n-uisce chun go mbeimid inár n-eiseamláir d'inbhunaitheacht | Is féidir teacht ar ár dtuarascáil Inbhuanaitheachta ar leathanaigh 46-53. |
| E | **Deimhnigh an maoiniú riachtanach** | D'fhonn na riachtanais ar sheirbhísí náisiúnta uisce in Éirinn a shásamh | Tá tuilleadh eolais ar mhaoiniú an ghnó ar fáil ar leathanaigh 32-36. |

## Luachanna

Is iad na cúig luach atá againn a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta. Is iad na luachanna sin a threoraíonn ár ngníomhaíochtaí agus ár gcinntí agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.



### Feidhmíocht

Déanaimid ár ndícheall a bheith inár bhfóntas ardfheidhmíochta, a sholáthraíonn seirbhísí agus bonneagar d'ardchaighdeán an t-am ar fad.



### Ionracas

Táimid oscailte agus macánta i ngach a ndéanaimid. Caithimid go measúil lena chéile, lenár gcustaiméirí, lenár sócmhainní agus leis na hacmhainní nádúrtha a bhfuilimid ag brath orthu.



### Sábháilteacht

Cuirimid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.



### Comhar

Bímid ag obair as lámha a chéile chun torthaí a bhaint amach agus sinn ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.



### Seirbhís do chustaiméirí

Is é is cuspóir dúinn seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Éistimid leo maidir lena bhfuil uathu agus déanaimid iarracht níos mó ná sin a bhaint amach.

# Múnla ghnó Uisce Éireann

## Ionchuir

### Airgeadas

Faighimid toradh rialáilte ar ár gcuid sócmhainní.

€6.4bn**Iomlán na Sócmhainní**

### Líonraí

Clúdaíonn na líonraí uisce agus fuíolluisce fud fad na tíre.

**Os cionn 90,000km** de líonraí uisce agus fuíolluisce poiblí.

### Daoine agus comhpháirtithe

Ag obair le chéile agus ár saineolas in éineacht á úsáid againn, is féidir linn ár ngnó a chothú agus a fhás.

**Gar do 1,200** fostaí in **11** láthair mar aon le thart ar **3,000** fostaí i **31** Údarás Áitiúil agus ár gcomhpháirtithe soláthair.

### Páirtí Leasmhar

Téimid i gcomhairle leis na pobail ina mbímid ag obair, agus lenár gcustaiméirí, ár rialtóirí agus leis an Rialtas agus bímid gníomhach ag lorg a dtuairimí.

- **Ranníocaíocht chaipitiúil €454m**
- Fóirdheontas rialtais de **€961m.**

### Acmhainní nádúrtha

Cosnaímid ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár gcladaí.

**1.7bn** lítear d'uisce glan sábháilte óil a sholáthar in aghaidh an lae agus an **1.26bn** lítear d'fhuíolluisce a tháirgtear a chóireáil.

## Gníomhaíochtaí gnó

### **Pleananna don todhchaí a fhorbairt** agus a mhaoiniú

- Plean Maoinithe Straitéiseach
- Rialú Praghsanna Ioncaim
- Tosaíochtaí infheistíochta

### Ár dtairiscint **a fheabhsú** go leanúnach

- Ceangail nua
- Réitigh nuálacha
- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht

### **Freastal ar** ár gcustaiméirí

- Tús áite a thabhairt dár gcuid custaiméirí
- Tacú le fás eacnamaíochta

## I gcomhar lenár ndaoine agus ár gcuid comhpháirtithe, déanaimid ár gcuid líonraí uisce agus fuíolluisce a thógáil, a chothabháil agus a oibriú chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcuid custaiméirí, do phobail agus don gheilleagar.

### **Infheistiú** i sócmhainní nua in 2022

- Cáilíocht Uisce
- Cáilíocht Fuíolluisce
- Caomhnú
- Féachaint chuige go seasfaidh rudaí an aimsir

### **Ár mbonn sócmhainní** a chothabháil

- Laghdú ar sceitheadh
- Athchóiriú líonra

### **An córas a** oibriú

- Slándáil soláthair
- Cóireáil uisce
- Cóireáil fuíolluisce

### Aschuir

Seirbhísí atá ag éirí níos éifeachtúla, níos cost-éifeachtúla agus a bhfuil an custaiméir lárnach acu.

Bonneagar feabhsaithe chun tacú le fás eacnamaíochta agus riachtanais ár bpobal.

### Tairbhí

#### Na custaiméirí

- Freastalaíodh ar **1.8m** custaiméir tí agus gnó.
- **716** ionad cóireála uisce agus **1,057** ionad cóireála fuíolluisce a fheidhmiú 24/7/365 lá an bhliain ar fad.

#### Na fostaithe

- Foghlaim agus forbairt.
- Sláinte agus Folláine.
- Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

#### Na pobail

- Ag cosaint an chomhshaoil agus ag tacú le bithéagsúlacht.
- Ag tacú le pobail áitiúla.

#### Na páirtithe leasmhara agus na rialtóirí

- Ag cur feabhais ar fheidhmíocht de réir caighdeán rialála.

#### Na Scairshealbhóirí

- Ag cumasú fás eacnamaíochta.
- Ag tabhairt tacaíochta don tithíocht agus d'fhorbairt.
- Ag infheistiú i mbonneagar uisce agus fuíolluisce.



# Tosca a mbíonn tionchar acu ar chruthú luacha

| | Is é an dúshlán: | Ciallaíonn sé sin gur gá dúinn | Agus cruthóimid luach trí |
|---|---|---|---|
| **An timpeallacht eacnamaíochta** | Feidhmiú laistigh de chonradh rialála in ainneoin brúnna praghais ardaithe, leibhéil fáis ag moilliú agus costas fiachais ag méadú. | Oibriú go dlúth lenár bpáirtithe agus conraitheoirí chun bainistíocht chúramach a dhéanamh ar an mbonn costais. | **Bhainistíocht a dhéanamh ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí éifeachtúla agus cost-éifeachtúla.** |
| **Beartas an rialtais** | Infheistíocht Thionscadal Éireann 2040 a sholáthar i dtionscnamh bonneagair atá chomhdhéanta den Chreat Náisiúnta Pleanála go dtí 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ina dtugtar tús áite d'infheistíocht i mbonneagar de nach mór €200bn. | Uasghráduithe suntasacha a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce poiblí chun freastal ar an daonra agus ar an ngeilleagar atá ag dul i méid agus chun caighdeáin chomhshaoil reatha agus amach anseo a chomhlíonadh. | **Infheistíocht chaipitiúil a sholáthar ar aon dul le Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce an Rialtais agus de réir na dtograí maoiniúcháin a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040.** |
| **An todhchaí inbhuanaithe** | Feidhmiú ar bhealach a léiríonn meas don timpeallacht, agus meas do na hacmhainní. | Bainistíocht a dhéanamh ar an méadú atá ag teacht ar éileamh na seirbhísí uisce poiblí, rud a chuireann an-bhrú ar ár mbonneagar, agus tá níos mó ionchuir fhuinnimh agus acmhainní ag teastáil dá bharr le leibhéil níos mó dramhaíola agus fotháirgí eile. | **Oibriú chun ár straitéisí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta a fhorbairt, rud a laghdóidh ídiú fuinnimh agus a mhéadóidh an acmhainneacht chun inbhuanaitheacht an tsoláthair uisce phoiblí a mhéadú.** |
| **An custaiméir** | Eispéireas custaiméara a fhreastalaíonn ar a riachtanais a sholáthar. | Leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil le custaiméirí agus páirtithe leasmhara le seirbhís bhreisluach a chinntiú. | **Feabhas leanúnach a spreagadh chun an iarracht a laghdú ar fud rannpháirtíocht chustaiméirí, agus soláthar oibríochtaí custaiméirí cost-éifeachtúla a ghealladh.** |

# Príomhtháscairí feidhmíochta

## An chreat-treoir uisce

**Ráiteas Polasaí Seirbhísí Uisce**

**Plean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce**

**Plean Maoinithe Straitéiseach**

Comhlacht tráchtála rialaithe Stáit atá in Uisce Éireann atá faoi úinéireacht phoiblí. Tá an comhlacht freagrach as sócmhainní uisce agus fuíolluisce a oibriú agus a choinneáil.

Tá samhail oibriúcháin Uisce Éireann á leagan síos i gcomhthéacs Chreat-Treoir Uisce AE (CTU). Tá an CTU ina Threoir uileghabhálach maidir le polasaí uisce san AE.

| Aird á díriú ar | In 2022, rinneamar |
|---|---|
| **Cáilíocht** | • Baineadh 18,584 custaiméir ó Fhógraí 'Uisce a Fhiuchadh' a bhí i bhfeidhm ar feadh breis is tríocha lá, agus le 18,287 níos mó Fógra 'Uisce a Fhiuchadh' ar feadh breis is 30 lá ag deireadh na bliana.<br>• Baineadh agus athsholáthraíodh timpeall 10,801 nasc seirbhíse luaidhe.<br>• Áiríodh breis is 187, 000 tástáil i dtuairisceáin mhonatóireachta rialála. |
| **Caomhnú** | • Rinneadh roinnt sceití a dheisiú chun glanchoigilteas 29.81 meigilítear uisce in aghaidh an lae a bhaint amach (go deireadh R3 2022).<br>• Rinneadh breis is 2,800 sceitheadh a bhí ag custaiméirí a dheisiú, mar chuid den scéim um chéad deisiú saor in aisce. |
| **Féachaint chuige go seasfaidh rudaí an aimsir** | • 6 ionad cóireála uisce uasghrádaithe nó tógtha as an nua.<br>• 9 n-ionad cóireála fuíolluisce uasghrádaithe nó tógtha as an nua.<br>• Rinneadh 315km de líonra príomhphíobáin uisce a leagan nó a athshlánú.<br>• Rinneadh 102km de líonra séaraigh a leagan nó a athshlánú. |

| | | Tomhas | Sainmhíniú | Aonad | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cáilíocht** | | | | | | | |
| Uisce | Uisce Óil | **Fógra UIsce a Fhiuchadh (> 30 lá)** | Líon na ndaoine go fóill ar FUF faoi dheireadh na bliana atá i bhfeidhm ar feadh > 30 lá | An líon atá fágtha | 1,042 | 908 | 18,287* |
| Uisce | Uisce Óil | **Scéimeanna ar Liosta Gníomhaíochtaí Ceartaitheacha GCC** | Líon na scéimeanna ar an Liosta Gníomhaíochtaí Ceartaitheacha beo | An líon atá fágtha | 46 | 52 | 58 |
| Uisce | Luaidhe | **Luaidhe** | Líon na seirbhísí luaidhe a athsholáthraíodh | Uimh. | 3,025 | 5,876 | 10,801 |
| Fuíolluisce | UWWTD | **Ceantair thosaíochta le haghaidh feabhsuithe fuíolluisce** | Líon na réimsí tosaíochta le haghaidh feabhsú fuíolluisce (pointe tosaigh R1 2015) | An líon atá fágtha | 113 | 97 | 91 |
| Fuíolluisce | UWWTD | **Ceirtleáin neamhchóireáilte** | Líon ceirtleán nach bhfuil aon chóireáil déanta orthu nó réamhchóireáil amháin | An líon atá fágtha | 34 | 33 | 29 |
| **Caomhnú** | | | | | | | |
| Coigilteas | | **Sceitheadh** | Glanchoigilteas uisce sa lá** | Ml/lá | 51 | 35 | 29.81 |
| **Féachaint chuige go seasfaidh rudaí an aimsir** | | | | | | | |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Ionaid chóireála fuíolluisce** | Iomlán (cainníocht) nua agus uasghrádaithe | Uimh. | 7 | 8 | 9 |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Ionaid chóireála uisce** | Iomlán (cainníocht) nua agus uasghrádaithe | Uimh. | 5 | 12 | 6 |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Líonra fuíolluisce** | Fad an tséaraigh nua/athchóirithe a leagadh (iomlán) | km | 42 | 26 | 102 |
| Acmhainn agus teacht aniar | | **Líonra uisce** | Fad an phríomhphíobáin uisce nua/athchóirithe a leagadh (iomlán) | km | 178 | 241 | 315 |


* Ag deireadh 2022 bhí 13 'Fógra Uisce a Fhiuchadh' i bhfeidhm ar feadh breis is 30 lá. Bhí tromlach na ndaoine a bhí buailte lonnaithe i dtí áit, An Geata Bán (9,482 duine), Maigh Chromtha (4,237 duine) agus An Chloch/Caisleán an Chomair (3,195 duine). Cuireadh deireadh leis na 'Fógra Uisce a Fhiuchadh' i Maigh Chromtha i mí Feabhra 2023, Ceartaíodh breis is 67% de na 'Fógra Uisce a Fhiuchadh' a cuireadh i bhfeidhm in 2022 laistigh de 30 lá.

** Déantar tuairisciú ar mhéadrach sceitheanna i riaráiste agus ba í sonraíocht R3 an figiúr is déanaí a bhí ar fáil ag am an tsínithe.

# Príomhtháscairí feidhmíochta (ar lean)

## Sábháilteacht

Minicíocht Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin iomlán – fostaithe (>1 lá) #/100k uair an chloig




### An rud a thomhaisimid


Bainimid úsáid as Minicíochtaí Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin chun líon na dtimpistí fostaithe in aghaidh an 100,000 uair a oibríodh a rianú, rud a fhágann go mbíonn ar bhall foirne >1 lá a thógáil saor ón obair. Ní raibh Gortú is Cúis le hAga Díomhaoin i gceist maidir le haon fhostaí ó 2018 i leith.

### An fáth go dtomhaisimid é

Tá an tsábháilteacht ina chroíluach ag Uisce Éireann. Tá clár chultúr na sábháilteachta Obair Shábháilte Baile Sábháilte i bhfeidhm ó 2015 i leith agus bímid ag obair i rith an ama le go dtiocfadh feabhas ar chomhlíonadh ár ndualgas sábháilteachta.

## Uisce a sábháladh

Uisce a sábháladh trí sceithe a dheisiú (meigilítir charnacha in aghaidh an lae)




### An rud a thomhaisimid


Is é atá ansin ná tomhas ar an uisce a sábháladh mar thoradh ar ár gcuid iarrachtaí chun príomhlíonraí a athchóiriú agus sceitheadh a aimsiú agus a dheisiú.

### An fáth go dtomhaisimid é

Is é is aidhm dúinn méid an uisce a chailltear sa chóras a laghdú ionas go ndéanfaimid éifeachtacht agus dianseasmhacht ár líonra a mhéadú.

## Fógraí Uisce a Fhiuchadh (>30 lá)

# na gcustaiméirí atá fágtha




### An rud a thomhaisimid

Líon na bhFógraí Uisce a Fhiuchadh atá i bhfeidhm ar feadh níos mó ná tríocha lá.

### An fáth go dtomhaisimid é

Déantar Fógra Uisce a Fhiuchadh a fhorchur áiteanna a bhfuil éilliú ar sholáthar an uisce óil tite amach i ndiaidh dúinn dul i gcomhairle le FSS.

## Seirbhís do chustaiméirí

Réiteach nuair a dhéantar an chéad teagmháil – méadrú agus oibríochtaí %




### An rud a thomhaisimid


Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmháil custaiméara gach mí thar réimse de chineálacha difriúla glao. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.

### An fáth go dtomhaisimid é

Insíonn an tomhas seo dúinn a mhinice is atá muid in ann iarratas custaiméara a réiteach tar éis a gcéad theagmhála linn gan an gá tuilleadh eolais a fháil, é a chur ar aghaidh chuig an gcúloifig, gearán a chruthú nó fiosrú a dhéanamh.

## Inbhuanaitheacht

# láithreán a bhfuil bearta bithéagsúlachta i bhfeidhm orthu




### An rud a thomhaisimid


Tomhaiseann sé seo feidhmíocht an láithreáin maidir le tacú le bithéagsúlacht ar an láithreán agus sa tírdhreach mórthimpeall.

### An fáth go dtomhaisimid é

Úsáidtear an beart seo chun comhairle a thabhairt ar ghníomhartha atá le déanamh chun an láithreán a fheabhsú ó thaobh na bithéagsúlachta de.

## Éifeachtúlachtaí oibriúcháin

Éifeachtúlachtaí carnacha Costais Oibriúcháin €m




### An rud a thomhaisimid

Tomhaisimid muid éifeachtúlachtaí oibriúcháin trí thionscnaimh bharainneacha agus feabhas leanúnach a bhaint amach.

### An fáth go dtomhaisimid é

Cuirimid chun cinn éifeachtúlachtaí sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn leanúnach.


# Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara

Chun ár misean a chomhlíonadh mar atá seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar de réir na gcaighdeán is airde, ní foláir go mbeidh plé luachmhar ag Uisce Éireann le raon leathan páirtithe leasmhara. Tugaimid tosaíocht do ról ríthábhachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid i ndlúthpháirt leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas.

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara an próiseas trína ndéanaimid teagmháil go gníomhach lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus fiúntach. Tugaimid tosaíocht do ról ríthábhachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid i ndlúthpháirt leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas. Lorgaímid aiseolas go gníomhach freisin ónár bpáirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil ar cé chomh maith agus atáimid ag comhlíonadh na n-ionchas sin.

Déanann Uisce Éireann teagmháil le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí maidir lenár gcuid tionscadal agus pleananna bonneagair. Táimid tiomanta do chumarsáid dhá bhealach leanúnach agus freagrúil a dhéanamh, ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin, chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas inrochtana, luachmhar, trédhearcach agus freagrúil le haghaidh gach páirtí leasmhar.

Ní bhaineann plé le páirtithe leasmhara le comhairliúchán reachtúil amháin agus is féidir é a chatagóiriú go leathan thar raon catagóirí. Mar thoradh ar na bearta a forchuireadh chun dul i ngleic le scaipeadh COVID-19, tháinig tábhacht níos mó le húsáid cianbhealaí agus bealaí



ar líne le haghaidh rannpháirtíochta le blianta beaga anuas. Bhí ár láithreán gréasáin agus ár mbealaí ar líne fós ina bhfoinsí tábhachtacha faisnéise agus leathnaíodh amach iad chun faisnéis agus tacaíocht dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh.

Comhtháthaíodh cianbhealaí, amhail ardáin ar líne le haghaidh cruinnithe agus seimineáir gréasáin, inár rannpháirtíocht agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus leanadh ar aghaidh le himeachtaí agus gníomhaíochtaí ag baint úsáid as na bealaí cuí. Ag féachaint ar bhuntáistí iomadúla atá feicthe againn leis an rannpháirtíocht ar líne, beidh ról fós aici maidir le cabhrú linn teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara agus éisteacht leo toisc go bhfuilimid fillte anois ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí duine le duine agus bheith i láthair go pearsanta.

## Custaiméirí agus pobail

Is iad ár gcuid custaiméirí agus pobal na páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn. Tarlaíonn rannpháirtíocht gach lá trínár gcuid cainéal custaiméara agus soláthraímid comhairliúchán poiblí, feachtais eolais phoiblí agus bainistímid teagmhais agus cur isteach trí rannpháirtíocht leis na meáin chumarsáide, na meáin dhigiteacha agus shóisialta, imeachtaí oscailte, fógraíocht agus cruinnithe duine le duine nó fíorúla.

## Scairshealbhóir agus rialálaithe

Bíonn Uisce Éireann ag plé go leanúnach leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le hoifigigh na Roinne lena chinntiú go gcuirfear beartas an Rialtais ar sheirbhísí uisce poiblí i bhfeidhm.

Tá dhá phríomhrialálaí ag Uisce Éireann. Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) ár rialtóir eacnamaíoch agus is é an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC) ár Rialálaí Comhshaoil. Bímid ag plé go díreach leis an dá rialálaí agus ag tabhairt tuairisc dóibh ar ár bhfeidhmíocht agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta ar rialú praghsanna agus ar an gcomhshaol againn.

Pléann Uisce Éireann freisin leis an FSS ar bhonn leanúnach chun a chinntiú nach mbíonn tionchar ag ár gcuid próiseas cóireála uisce óil agus fuíolluisce ar an tsláinte phoiblí.

Tá comhlachtaí eile lena n-áirítear An Bord Pleanála, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisinéir Faisnéise, an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus Iascaigh Intíre Éireann freagrach as cloí leis an reachtaíocht ábhartha agus téimid i dteagmháil leis na comhlachtaí sin i gcruinnithe, i scríbhinn agus trí phróisis fhoirmiúla reachtúla.

## Comhpháirtithe soláthair seirbhíse

Tá caidreamh láidir oibre ag Uisce Éireann freisin leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus lena cuid coistí agus grúpaí stiúrtha lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí uisce go héifeachtach ar bhonn náisiúnta. De réir Pháipéar Beartais an Rialtais, glacfaidh 'An Creat um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí' freagracht iomlán as gach seirbhís uisce poiblí ar bhonn céimnithe le linn 2023. Leanfaimid orainn lenár ndlúthchaidreamh oibre leis na hÚdaráis Áitiúla agus an LGMA de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn agus tá Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe á chur i bhfeidhm idir Uisce Éireann agus an LGMA agus CCMA (Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae) chun forálacha an Chreata a oibríochtú ar fud earnáil an Rialtais Áitiúil.

Oibríonn Uisce Éireann go dlúth i gcónaí le conraitheoirí agus tríú páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta dúinn chun an soláthar éifeachtach agus éifeachtúil d'infheistíocht shuntasach chaipitiúil a chinntiú agus déanann siad maoirseacht ar oibríochtaí laethúla an fhóntais náisiúnta uisce chun buntáistí a sholáthar dár gcustaiméirí, don gheilleagar agus don timpeallacht.

## Grúpaí ionadaíocha foirmiúla na bpáirtithe leasmhara

### An Fóram Uisce (An Fóram)

Éascaíonn An Fóram Uisce (fóram náisiúnta an uisce) rannpháirtíocht leis an bpobal, faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an uisce mar acmhainn chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch agus cur i bhfeidhm na Creat-treorach Uisce agus cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021. Lean Uisce Éireann air ag forbairt a chaidrimh leis an bhFóram trí Ghrúpa Idirchaidrimh Uisce Éireann in 2022 agus reáchtáladh cruinnithe rialta i rith na bliana.

### An Comhlacht Comhairleach ar Uisce (CCU)

Bhunaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Bord Comhairleach Uisce in 2018. Tá cúigear ball mar chuid de a dhéanann ionadaíocht don GCC, don Choimisiún um Rialáil Fóntas, don Fhóram Uisce, agus dhá bhall ghairmiúil eile. Thuairiscigh an CCU do Chomhchoiste an Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus d'fhoilsigh sé a thuarascálacha gach trí mhí.

## Rannpháirtíocht straitéiseach páirtithe leasmhara (ar lean)

Tháinig Uisce Éireann os comhair an CCU agus thug sé tuarascálacha scríofa don Chuideachta de réir mar a iarradh. Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2022 (Leasú), ní bheidh feidhm chomhairliúcháin ná thuairiscithe ag an CCU níos mó agus tiocfaidh díscaoileadh an CCU i bhfeidhm ó 28 Aibreán 2023. Thug an CCU aitheantas d'Uisce Éireann agus ghabh sé buíochas leis as a rannpháirtíocht dhearfach chuiditheach ina chuid oibre ó 2018 i leith.

### Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Uisce Éireann

Tagann Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Uisce Éireann le chéile suas le ceithre huaire in aghaidh na bliana chun na príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta a chur ar an eolas faoinár bpleananna, chun eolas a roinnt do chinnteoireacht dhá bhealach, chun cultúr trédhearcachta agus comhphlé a fhorbairt ar théamaí sonracha, agus chun mionteagasc ábhartha saineolaithe a sholáthar.

### Ceardchumainn

Pléann Uisce Éireann go hiomlán leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht do na baill foirne atá fostaithe go díreach againn agus orthu siúd atá ag obair in Údaráis Áitiúla agus glacaimid páirt de réir mar is gá i bpróisis fhoirmiúla caidrimh thionsclaíoch tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO).

### Ionadaithe tofa

Oibríonn Uisce Éireann Deasc Tacaíochta tiomnaithe d'Ionadaithe Áitiúla (TTIA) do gach Comhairleoir agus Deasc Tacaíochta d'Ionadaithe Tofa do Chomhaltaí uile an Oireachtais agus d'Fheisirí Eorpacha araon. Feidhmítear an tseirbhís tríd an ionad teagmhála atá againn agus tá sí ar fáil do gach ionadaí tofa chun freagra a thabhairt ar a gceisteanna ar an nguthán nó ar an ríomhphost agus chun cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh ar chur isteach ar sheirbhís, ar an gcustaiméir agus ar an nuacht is déanaí faoi thionscadail, faoi phreaseisiúintí agus faoi gach cineál comhairliúcháin phoiblí.

### Na Meáin Chumarsáide

Cainéal tábhachtach cumarsáide le custaiméirí agus páirtithe leasmhara Uisce Éireann atá sna meáin chumarsáide, go háirithe sna cásanna seo a leanas: cur isteach ar sheirbhís nó fadhbanna le caighdeán an uisce, nó nuair a bhíonn tionchar ar phobal mar gheall ar thionscadail nó uasghrádaithe bonneagair. Oibrímid go réamhghníomhach chun caidrimh láidre agus oscailte a choimeád leis na meáin áitiúla agus náisiúnta.

### Grúpaí ionadaíocha gnó agus an slabhra soláthair

Bíonn Uisce Éireann i dteagmháil go rialta le grúpaí ionadaíocha gnó amhail Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Comhlachais na hÉireann, Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann agus Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, agus le grúpaí tionscail lena n-áirítear Cumann Forbartha na hÉireann agus Fiontraíocht Éireann, chun saincheisteanna a bhaineann lena mbaill a phlé. Le hinfheistíocht chaipitil de na billiúin euro i mbonneagar poiblí uisce agus fuíolluisce, tá Uisce Éireann ag brath go mór freisin ar an tionscal foirgníochta agus ar ár slabhra soláthair.

Tá ról lárnach fós ag Uisce Éireann san fheachtas náisiúnta chun tithíocht a chur ar fáil do dhaoine, ag tacú le fostaíocht agus le forbairt eacnamaíoch, trí oibriú le forbróirí chun naisc nua a bhunú le líonraí uisce agus fuíolluisce. Tuigimid an tábhacht a bhaineann le Beartas an Rialtais chun tithíocht a chur ar fáil ar bhonn náisiúnta agus geallaimid go n-oibreoimid le chéile chun tacaíocht a thabhairt don bheartas sin agus sinn ag cloí lenár riachtanais rialachais.

### Bainistíocht abhantraí

Tá Uisce Éireann i measc go leor páirtithe leasmhara ar a bhfuil freagracht as sláinte ár gcuid dobharlach a choimeád. Bímid ag plé go rialta le pobal na bhfeirmeoirí ar leibhéal áitiúil agus trína gcuid comhlachtaí ionadaíochta náisiúnta ar thionscnaimh cosúil le caomhnú uisce agus laghdú eisilteach lotnaidicíde agus fuíolluisce in uisce óil.

Freisin bíonn plé rialta againn le comhlachtaí eile cosúil le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚA), an Grúpa Gníomhaíochta Náisiúnta um Lotnaidicídí, Uiscebhealaí Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí agus BSL.

## Feabhas leanúnach a chur ar ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Tosaíocht d'Uisce Éireann atá i rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara. Mar eagraíocht, bímid i gcónaí ag iarraidh bealaí a aithint chun éifeachtacht na rannpháirtíochta sin a fheabhsú agus chun cur le héifeachtacht na rannpháirtíochta sin ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus ar ionchais na bpáirtithe leasmhara agus é sin a fhorbairt inár bpleananna a thiocfaidh chun cinn amach anseo. Leanaimid orainn ag lorg aiseolais ónár bpáirtithe leasmhara ar ár bhfeidhmíocht agus ag aithint réimsí lena bhfeabhsú. Úsáideann Uisce Éireann an t-aiseolas sin chun cur chuige straitéiseach a fhorbairt a threoróidh ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa todhchaí.



# Bainistíocht Riosca

## Ár nGníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca

Tá an tírdhreach riosca domhanda ag éirí níos casta agus idirnasctha agus dá réir sin, tá timpeallacht bhainistíochta riosca d'Uisce Éireann ag síor-athrú. Cinntíonn neadú na gcleachtas bainistíochta riosca ar fud ár ngníomhaíochtaí feasacht agus tuiscint ar na timpeallachtaí a n-oibrímid iontu. Cabhraíonn bainistíocht riosca éifeachtach lenár gcuspóirí straitéiseacha gearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha a bhaint amach fad is a thugtar cosaint do leasanna ár bpáirtithe leasmhara, ár gcustaiméirí agus don phobal níos leithne.

Tugann bainistíocht riosca tacaíocht do phleanáil chun cinn freisin chun cinnteoireacht eolasach agus bunaithe ar riosca a éascú ar fud ár ngníomhaíochtaí. Oibrímid de réir prionsabal bainistíochta riosca de réir mar atá leagtha amach i mBeartas Bainistíocht Riosca Fiontraíochta (BRF) Uisce Éireann.

De réir a gcineáil, tá ár ngníomhaíochtaí fadtréimhseach, agus mar sin tá an-chuid dár rioscaí ina rioscaí leanúnacha. Féadtar na rioscaí sin teacht chun cinn agus a bheith ag athrú i rith an ama, de réir mar a thagann athrú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu – nó ar cé chomh cosúil is atá sé go mbeidh siad ann – mar gheall ar eachtraí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, bíonn rioscaí nua ag teacht chun cinn i gcónaí agus tugaimid faoi scanadh ionchais go hongnghníomhach chun na rioscaí féideartha sin a shainaithint.

Bhí tírdhreach riosca 2022 dúshlánach, ach rinne Uisce Éireann na dúshláin sin a bhainistiú go héifeachtach, agus tá sé fós ag déanamh amhlaidh. Rinneadh measúnú ar na rioscaí féideartha, ar nós na cinn a thagann chun cinn mar gheall ar an gcoimhlint san Úcráin, an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus gheopholaitiúil agus bagairtí cibearshlándála maidir leis na tionchair a bhféadfadh a bheith acu ar Uisce Éireann, agus cuireadh maoluithe i bhfeidhm nuair ab fhéidir. Leanfar le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin agus beidh sé ina príomhchuid dár bpleanáil agus cur chuige athléimneachta le linn 2023.

### Tá ár gcur chuige ar rioscaí tacaithe faoi na prionsabail seo a leanas

**Cultúr Riosca Onnghníomhach**

Cinntíonn sé go bhfuil ár gcultúr rioscaí neadaithe laistigh den eagraíocht, agus cuireann sé ar chumas ár bhfoirne feasacht agus tuiscint a bheith acu ar na rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas ár gcuspóirí gnóthais a bhaint amach.

**Inniúlacht**

Cinntíonn sé go bhfuil ár bhfoireann inniúil agus go bhfuil siad in ann déileáil le rioscaí go héifeachtach.

**Bainistíocht**

Cinntíonn sé go dtugann ár bpróisis bhainistíochta rioscaí tacaíocht do rath ár gcuspóirí gnó trí chumhacht a thabhairt dár bhfoireann déileáil le rioscaí.

## Creat Bainistíochta Riosca

Le linn 2022, choinnigh Uisce Éireann struchtúr rialachais riosca éifeachtach ar bun, lena n-áirítear próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca chun bainistíocht, athbhreithniú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas na cuspóirí straitéiseacha atá againn a chomhlíonadh.

Tá Beartas, Creat, agus próisis Bainistithe Riosca Fiontair (BRF) Uisce Éireann Seanbhunaithe agus cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na heagraíochta. Leagtar amach leis an mbeartas BRF, cur chuige soiléir agus comhsheasmhach i leith bainistiú riosca.

Tacaíonn ár gCreat BRF le sainaithint, le measúnú agus le bainistiú éifeachtach rioscaí gnó, cibé acu ina n-aonar nó comhbhailithe, trí úsáid a bhaint as maitrís chomhsheasmhach scórála. Cabhraíonn sé linn freisin drochthionchair fhéideartha neamhchinnteachta a laghdú agus deiseanna ráthaíochta agus leasanna ar gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara a uasmhéadú.


Aithnímid go mbraitheann bainistiú rathúil riosca ar chultúr éifeachtach 'labhair amach' a bheith ann, ina gcuimsítear prionsabail ár gclár 'Ag Déanamh an Rud Ceart'.

Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord maidir le bainistiú riosca, agus déanann sé measúnú na bainistíochta ar riosca a athbhreithniú agus a cheistiú go minic, mar aon leis na bearta maolaithe atá i bhfeidhm chun na príomhrioscaí a bhainistiú. Socraíonn an Bord inghlacthacht riosca na heagraíochta gach bliain freisin trí chineál agus réim na rioscaí, a bhfuilimid toilteanach glacadh leo chun cuspóirí straitéiseacha Uisce Éireann a bhaint amach, a chinneadh.

Tá an t-údarás tarmligthe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca chun tacú leis an mBord leis na dualgais sin. Tacaíonn foireann tiomnaithe riosca leis an gcoiste timpeallacht éifeachtach bainistithe riosca a choinneáil trí shamhail coiste rialachais ó bharr anuas, ó bhun aníos.

Leanann Uisce Éireann dea-chleachtas agus úsáideann sé próiseas ceithre chéim chun sainaithint, measúnú, freagairt agus monatóireacht leanúnach rioscaí a chinntiú ar fud na heagraíochta.

### Próiseas 4 chéim BRF




Figiúr 1.1. Próiseas ceithre chéim BRF

## Creat Bainistíochta Riosca (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí, agus iad ag teacht lenár straitéis THRIVE (féach leathanach 10), a d’fhéadfadh cur isteach ar Uisce Éireann:

| Téamaí na bPríomhrioscaí | T | H | R | I | V | E |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sláinte, sábháilteacht agus an timpeallacht | ● | ● | ● | | | |
| Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí | ● | | ● | ● | ● | ● |
| Seirbhísí uisce a athrú ó bhonn | ● | ● | ● | | | |
| Teicneolaíocht, airgeadais agus eacnamaíoch | ● | | ● | ● | | ● |
| An t-athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht | ● | | | | ● | |
| Fás a chothú agus infheistíocht bhonneagair a chur i gcrích | ● | | ● | | ● | ● |
| Custaiméir, clú agus páirtí leasmhara | | | | ● | ● | |
| Ár ndaoine | | ● | ● | | | |

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| **Sláinte, sábháilteacht & an timpeallacht** | | **T H R** |
| **1** Tarlaíonn teagmhas suntasach sábháilteachta ina ngortaítear go dona nó ina maraítear baill foirne, páirtithe ÚA nó páirtí seachadta nó daoine den phobal. | Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte agus sábháilteachta ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó ar bhás, chomh maith le hionchúisimh, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a d’fhéadfadh éirí as a sheachaint. Glacfaidh Uisce Éireann chuige féin an rialú is gá ar oibríochtaí seirbhísí uisce agus ar bhaill foirne ar bhonn céimnithe le linn 2023. Ar gach dáta éifeachta ar a n-aistreofar Limistéar Seirbhísí Uisce de chuid Údaráis Áitiúil, glacfaidh Uisce Éireann freagracht fostóra as gach ball foirne seirbhísí uisce agus ionad cóireála uisce.<br><br>Cúinsí eile a chuirfidh leis an riosca is ea cleachtais sábháilteachta a bheith éagsúil agus cé chomh críochnúil is atá an cultúr sábháilteachta in ÚÁnna éagsúla, gan trácht ar an mbonn sócmhainní a fuarthas le hoidhreacht ach atá ag dul in aois. | • An Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chur chun feidhme, a chur chun cinn agus féachaint chuige go mbíonn deimhniú ag leibhéal ISO 45001 bainte amach i gcónaí.<br>• Monatóireacht láidir a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcúrsaí rialaithe, sláinte & agus sábháilteachta chomh maith le cultúr sábháilteachta a chur chun cinn.<br>• Feidhm a bhaint as córas um Ghníomh Ceartaitheach/ um Ghníomh Coisctheach chun dul i ngleic le saincheisteanna sábháilteachta ar fud an chórais agus chun idirghabhálacha atá bunaithe ar riosca agus a bhaineann go sonrach le sócmhainn a dhéanamh nuair is gá.<br>• Plean chun Córas Bainistíochta Sábháilteachta de chuid 31 Limistéar Seirbhísí Uisce Údaráis Áitiúil a ghlacadh isteach agus athrú chun feabhais a dhéanamh orthu le go ndéanfar aon Chóras Bainistíochta Sábháilteachta amháin de chuid Uisce Éireann astu. |

| Riosca | | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|---|
| **Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí** | | | T R I V E |
| **2** | Gan a bheith in ann an t-éileamh uisce faoi láthair agus san am atá le teacht i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh mar gheall ar easpa lamhála, spleáchas ar phríomhfhoinse uisce agus pointí áirithe criticiúla teipe thar bhonneagar uisce atá aosta go maith. | Gan acmhainn bhreise a bheith ann, d'fhéadfadh fadhbanna soláthair uisce, tionchair shóisialta agus eacnamaíocha, agus teip tacú le héilimh fáis sa todhchaí a bheith mar thoradh ar fhadhbanna cainníochta agus cáilíochta.<br><br>Is beag teacht aniar atá sa soláthar uisce i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Is é aon fhoinse amháin, An Life, a sholáthraíonn 85% de na riachtanais uisce le haghaidh tuairim is 1.7 milliún daoine. Ina theannta sin, tá níos lú ná 2% de sholáthar maolánach ag ár soláthairtí uisce sa réigiún. I gcás dhá chathair eile atá ar aon dul léi, is é sin Liospóin agus München, tá dhá fhoinse mhóra nó níos mó de sholáthar acu a bhfuil i bhfad níos mó stórála agus soláthar maolánach acu. Fiú agus feabhas curtha ar éifeachtúlacht an líonra agus sceitheadh laghdaithe, is in olcas a rachaidh na deacrachtaí le soláthar uisce i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath de bharr fhás an daonra, an fháis eacnamaíoch agus an athraithe aeráide. Go dtí go nascfaí mórfhoinse nua uisce leis, ní bheidh Uisce Éireann in ann seirbhís ar an gcaighdeán atá á lorg a bhaint amach agus beidh baol ann i gcónaí go dtarlóidh bristeacha a mhairfidh i bhfad, rud a chuirfidh isteach go mór ar thithe agus ar ghnólachtaí. | • Tá measúnú déanta sa Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce ar chumas agus ar cháilíocht uisce náisiúnta, díríonn sé ar sholáthar inbhuanaithe agus cothromaíocht éilimh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.<br>• Tá an Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre aitheanta mar an tionscadal roghnaithe don réiteach straitéiseach fadtéarmach chun freastal ar éilimh réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre amach anseo. Tá sé ina ábhar imní mór go mbeidh moill ar chur i bhfeidhm an réitigh straitéisigh fhadtéarmaigh sin sa phróiseas toilithe reachtúil, cosúil le tionscadail SID eile lena n-áirítear Tionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (féach Riosca 5).<br>• Tá príomhbhearta uasghrádaithe agus infheistíochta ar siúl agus molta chun teacht aniar a neartú, sceitheadh a laghdú, agus an riosca a bhainistiú go hoibríochtúil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.<br>• Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach leibhéal acmhainne uisce (aibhneacha, lochanna, tollphoill, taiscumair loctha) agus bearta gearrthéarmacha curtha ar fáil chun cur leis an méid uisce atá ar fáil le húsáid. |
| **3** | Mura ndéanfaí uisce sábháilte glan óil a sholáthar, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ann ó thaobh shláinte an phobail, an gheilleagair, clú, comhlíonta agus ionchúisimh de dá bharr. | Cé go leantar den obair ar fud an bhoinn sócmhainne atá ag dul in aois chun méid agus cáilíocht an tsoláthair uisce óil a fheabhsú, tá baol ann i gcónaí go dtiocfaidh fadhbanna le cáilíocht an uisce chun cinn. D'fheadfaidís titim amach de bharr adhaimsire nó dá gcuirfí moill ar oibreacha feabhsúcháin criticiúla (de bharr dúshláin oibríochtúla, cuir i gcás, nó cúinsí seachtracha amhail saincheisteanna reachtúla nó pleanála, agóidí dlíthiúla agus athbhreithnithe breithiúnacha). | • Tá ár Lárionad Náisiúnta Bainistíochta Oibríochtaí ag feidhmiú 24/7, agus monatóireacht á déanamh acu ar fheidhmíocht aláraim agus cóireála uisce ag na hionaid ríthábhachtacha cóireála uisce.<br>• Seachadadh an Phlean Infheistíochta Caipitil chun sócmhainní a uasghrádú agus teacht aniar a fheabhsú.<br>• Tá comhlíonadh na Treorach maidir le hUisce Óil ag dul ar aghaidh i gcónaí.<br>• Iniúchtaí fairsinge ar ionaid agus oiliúint mhéadaithe foirne.<br>• Tá Pleananna Sábháilteachta Uisce óil le riosca a bhainistiú ag leibhéal Zón Sholáthar an Uisce i bhfeidhm. |

## Creat Bainistíochta Riosca (ar lean)

| Riosca | | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|---|
| **Slándáil soláthair agus seachadadh seirbhísí (ar lean)** | | | T R I V E |
| 4 | Gan na spriocanna coigiltis sceite uisce réamh-mheasta a bhfuiltear tiomanta dóibh inár straitéis a bhaint amach. | Mura mbainfí amach na spriocanna um sceitheadh a laghdú, tá seans ann go gcuirfí isteach ar chustaiméirí agus ar sheirbhísí, go gcuirfí le costais oibríochta agus go rachadh éifeachtúlachtaí in olcas agus go ndéanfaí dochar ar an gcaoi sin do sprioc straitéiseach Uisce Éireann bheith ina fhóntas iontaofa. | • Tá príomhchláir i bhfeidhm, lena n-áirítear Clár 'Aimsigh agus Deisigh', Clár 'An Chéad Dheisiúchán', príomhphíobáin uisce nua a chur isteach, Méadrú agus Bainistíocht brú/líonra.<br>• Cumarsáid spriocdhírithe a dhéanamh ar bhonn leanúnach maidir le sceitheadh.<br>• Tá Straitéis Sceite, Córas Bainistíochta Sceite agus Plean Bliantúil Bainistíochta Sceite curtha i bhfeidhm.<br>• Tá pleanáil ar chásanna agus acmhainní ar siúl mar chuid den athbhreithniú ar an gClár Sceite. |
| 5 | Doirteadh fuíolluisce agus/nó teagmhais neamhchomhlíonta as a dtagann damáiste don timpeallacht, ionchúiseamh agus sárú AE. | Is féidir damáiste don timpeallacht agus ionchúiseamh a bheith mar thoradh ar dhrochbhail sócmhainne agus/nó saincheisteanna oibríochta. In éineacht le moilleanna ar oibreacha feabhsúcháin criticiúla (de bharr dúshláin oibríochtúla, cuir i gcás, nó cúinsí seachtracha amhail saincheisteanna reachtúla nó pleanála, agóidí dlíthiúla). Sampla de sin is ea an mhoill a cuireadh ar an bpróiseas reachtúil do Thionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche, rud atá ina bhac follasach ar an mbonneagar straitéiseach a chur ar fáil atá riachtanach lena chinntiú go leanfaidh Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ag fás agus ag forbairt. | • Uasghráduithe ar shócmhainní mar chuid de Phlean Infheistíochta Caipitil (e.g. An Rinn).<br>• Is eochairthionscadal é Tionscadal Draenála Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MCÁC) i dtaca le cóireáil fuíolluisce agus teacht aniar i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a chinntiú san fhadtéarma.<br>• Tá an clár cothabhála caipitil i bhfeidhm chun cinn nua a chur in áit sócmhainní teipe nó atá ar tí teipe nó athchóiriú a dhéanamh orthu chomh maith le caighdeáin seirbhísí a choimeád ar an leibhéal ag a bhfuil siad faoi láthair.<br>• Cinntíonn fóraim ilréimsiúla go ndéanfar tuairisciú comhsheasmhach maidir le fuíolluisce/go gcloífear leis an teachtaireacht chéanna maidir le hionaid chóireála tosaíochta chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara eile.<br>• Déantar sampláil agus anailís i gcomhréir le ceanglais reachtacha.<br>• Tá Pleananna Limistéar Draenála á bhforbairt i bpríomhcheirtleáin. |
| **Athrú chun feabhais a dhéanamh ar sheirbhísí uisce** | | | T H R |
| 6 | Gan gach toradh lena rabhthas ag súil sa Chlár um Athrú Chun Feabhais de chuid Uisce Éireann. | Is eintiteas dleathach neamhspleách é Uisce Éireann a cuireadh ar bun ar an 1 Eanáir 2023. Forálann an Páipéar Beartais um Athrú chun Feabhais san earnáil uisce d'fhóntas seirbhísí uisce náisiúnta rialaithe atá faoi úinéireacht phoiblí. Dá mba rud é nár éirigh linn é sin a chur i gcrích go hiomlán, chuirfeadh sé isteach ar bhealach nach beag ar éifeachtúlacht chaighdeánaithe, oibríochtúil agus sábháilteachta feabhsaithe a sheachadadh maidir le seirbhísí do chustaiméirí atá riachtanach a sholáthar ag an leibhéal cuí. | • Leagtar amach sa Chreat um Sheirbhísí Uisce a Sheachadadh Amach Anseo a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Meitheamh 2022) an chéad chéim eile a dhéanfar chun athrú chun feabhais a chur ar an earnáil uisce in Éirinn.<br>• Glacfaidh Uisce Éireann chuige féin an rialú is gá ar oibríochtaí seirbhísí uisce agus ar bhaill foirne ar bhonn céimnithe le linn 2023.<br>• Tá an clár faoi lánseol agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh leis i dtaca leis na gealltanais ann a bhaint amach. |

| Riosca | | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|---|
| **Teicneolaíocht, airgeadais agus eacnamaíoch** | | | T R I E |
| **7** | Cibirionsaí a dhíríonn ar chórais a bhfuil tionchar acu ar ár mbonneagar agus ar sholáthar seirbhísí. | Dá mba rud é go dtarlódh teagmhas den sórt sin, d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar gnó, ceisteanna sábháilteachta nó sláinte poiblí, dochar do chlú, agus/nó fíneálacha rialála a bheith mar thoradh air. | • Leanúint den Straitéis um Chibearshlándáil a chur i bhfeidhm le go n-éireodh ár n-acmhainn chibearshlándála níos aibí agus níos láidre.<br>• Ionad Oibríochtaí Slándála ag feidhmiú 24/7 a dhéanann monatóireacht ar shócmhainní TF agus Teicneolaíochta Oibríochtúla.<br>• Teagmháil leanúnach leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála chun aon bhagairtí a bhainistiú go réamhghníomhach.<br>• Oiliúint chibearslándála a chur ar bhaill foirne ar fud na cuideachta le go mbeidís ar an eolas faoi na bagairtí féideartha. |
| **8** | Dúshláin sa Slabhra Soláthair nó má theipeann ar phríomhsholáthraí a thacaíonn lenár seirbhísí a sheachadadh. | Timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus gheopholaitiúil a bhíonn dúshláin ionchasacha sa slabhra soláthair mar thoradh uirthi. | • Straitéis chun conraitheoirí a bhainistiú agus dul i mbun plé le conraitheoirí go luath sa phróiseas le go gcuirfí cláir chun cinn agus níos mó iarratais ar thairiscintí a spreagadh chomh maith le seachadadh conarthaí a neartú.<br>• Athbhreithniú leanúnach ar an treoir ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) maidir le tairiscintí a bhainistiú i bhfianaise méaduithe móra ar phraghsanna.<br>• Rátálacha Sláinte Airgeadais do na soláthróirí straitéiseacha go léir.<br>• pleananna teagmhais i bhfeidhm i leith soláthairtí tábhachtacha. |
| **9** | Na tionchair a d'fhéadfadh titim amach de dheasca a bheith ag oibriú i dtimpeallacht mhaicreacnamaíoch agus gheopholaitiúil dhomhanda atá ag éirí níos guagaí. | D'fhéadfadh dúshláin oibríochtúla, seachadta caipitil agus airgeadais maidir le príomhsheirbhísí a sholáthar a bheith mar thoradh ar theagmhais suaite dhomhanda atá ag tarlú go minic gan trácht ar bhoilsciú a bheith ag dul in olcas mar gheall ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus geopholaitiúil. | • Tá samhail um Rialú Praghsanna Rialáilte maidir le caiteachas caipitil agus oibríochtúil i bhfeidhm.<br>• Tá plé leanúnach á dhéanamh leis an RTRÁO agus le CRF maidir le tionchair bhoilscitheacha.<br>• Tá straitéisí maidir leis an slabhra soláthair a bhainistiú agus maidir le rannpháirtíocht conraitheoirí i bhfeidhm.<br>• Tá scanadh ionchais ar siúl ar bhonn leanúnach chomh maith le pleanáil theagmhasach i gcomhair teagmhas suaiteacha. |
| **Athrú aeráide, an bhithéagsúlacht** | | | T V |
| **10** | Tá baol níos mó ann go gcuirfidh an t-athrú aeráide isteach ar ghníomhaíochtaí Uisce Éireann agus minicíocht agus déine na hadhaimsire ag dul i méid. | Cé gur éirigh le hoibríochtaí agus le sócmhainní Uisce Éireann an adhaimsir a bhí ann le blianta beaga anuas a sheasamh, gach seans go gcuirfidh an t-athrú aeráide isteach go mór ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce sna blianta amach romhainn. Is dócha go leanfar ar aghaidh le minicíocht agus déine na n-eachtraí aimsire tromchúiseacha. Cuirfidh sé sin isteach ar an méid uisce a bheidh ar fáil chomh maith leis an éileamh ar uisce glan agus ar chóireáil fuíolluisce. | • Tá Uisce Éireann i mbun Straitéis um Athrú Aeráide a Oiriúnú agus a Mhaolú a chur i bhfeidhm chun drochthionchair an athraithe aeráide ar Uisce Éireann, ar ár gcustaiméirí agus ar an timpeallacht a laghdú a oiread agus is féidir.<br>• Tá pleananna agus próisis chuimsitheacha um theacht aniar curtha i bhfeidhm.<br>• Is dlúthchuid dár ndearadh agus dár bpleanáil sócmhainní í an athléimneacht aeráide. |

## Creat Bainistíochta Riosca (ar lean)

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| **Athrú aeráide, an bhithéagsúlacht (ar lean)** | | T V |
| **11** An baol atá ann go ndéanfaidh gníomhaíochtaí Uisce Éireann dochar don bhithéagsúlacht nó don timpeallacht. | Má theipeann orainn deiseanna tábhachtacha a thapú chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta d'fhéadfaí teip ar Uisce Éireann ina dhualgais na sochair chomhshaoil agus airgeadais atá de dhíth a bhaint amach. | • Cuidíonn ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (PGB) atá curtha i bhfeidhm againn, an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú, a fheabhsú agus obair ar bhealach atá ag teacht léi.<br>• Ag obair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun coillte dúchasacha a chur ar láithreáin oiriúnacha de chuid Uisce Éireann, agus bithéagsúlacht dhúchasach a fheabhsú, carbón á cheapadh, agus foinsí á gcosaint ar an gcaoi sin. |
| **Fás agus infheistíocht bhonneagair a sheachadadh** | | T R V E |
| **12** Má theipeann orainn Clár Infheistíochta Caipitil (CIC) de chuid Uisce Éireann a bhaint amach go hiomlán de bharr cúinsí inmheánacha agus seachtracha, laghdófar líon na seirbhísí uisce a bheidh ar fáil agus cuirfear srian ar fhreagairt na cuideachta i leith rioscaí sláinte, sábháilteachta, forbartha eacnamaíochta, agus timpeallachta. | Is príomhspleáchas é infhaighteacht an mhaoinithe il-timthriallta fhadtéarmaigh. Tá Uisce Éireann i mbun monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar na príomh-neamhchosaintí seachtracha i leith CIC a sheachadadh, lena n-áirítear pleanáil thráthúil agus ceaduithe reachtúla, cur isteach ar an slabhra soláthair, agus méadú ar bhoilsciú. | • Plean Straitéiseach Cistiúcháin 2020-2024 agus Liúntas an Phlean Infheistíochta Caipitil.<br>• Rialuithe i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ár gcaiteachas ar CIC le hais an bhuiséid.<br>• Cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na dtorthaí agus na n-aschur faofa ag an CRF.<br>• Tá Plean Infheistíochta á phleanáil don chéad Tréimhse Rialála eile i dtreo é a chur faoi bhráid an CRU.<br>• Tá plé ag dul ar aghaidh go fóill leis na páirtithe leasmhara seachtracha is tábhachtaí. |
| **13** D'fhéadfaí moill a chur ar thionscadail a sheachadadh ar bhonn náisiúnta má theipeann orainn dóthain acmhainne a sholáthar d'fhonn freastal ar chustaiméirí ar mian leo ceangal a dhéanamh amach anseo agus fás agus forbairt eacnamaíoch i gcoitinne. | Tá ról suntasach ag Uisce Éireann maidir le tacaíocht a thabhairt do spriocanna na hÉireann i dtaca le fás geilleagrach, comhlíonadh agus spriocanna forbraíochta a bhaint amach. Dá dteipfeadh ar hUisce Éireann dóthain acmhainne a sheachadadh, dhéanfadh sé sin dochar dá chlú agus seans maith go gcuirfidh sé isteach ar fhás sa gheilleagar. | • CIC de chuid Uisce Éireann a sheachadadh, go sonrach tionscadail amhail Mór-láithreáin um Tithíocht Uirbeach a Fhorbairt, an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG) agus an Clár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte.<br>• Tá Uisce Éireann ag tacú leis na huaillmhianta fáis arna leagan amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus sa Straitéis Spáis Eacnamaíoch Réigiúnaigh.<br>• Ag déanamh deimhin de go gcloífear leis an mBeartas um Tháillí Ceangail (BTC). Agus é ag obair i gcomhar le CRF, tá Uisce Éireann ag cur leis an BTC i réimsí amhail féinleagain ar an mbóthar poiblí agus tionscnaimh Cheannródaithe do ghnónna faoi Mhíbhuntáiste.<br>• Leanúint orainn ag cur feabhas ar amlínte freagartha Uisce Éireann i leith fiosrúcháin faoi cheangail agus iarratais chun tacú leis an tionscal forbartha.<br>• Clár de chumarsáid agus oiliúint réamhghníomhach atá ag fós ar siúl a sheachadadh. |

| Riosca | Comhthéacs | Príomh-mhaoluithe |
|---|---|---|
| **Custaiméir, clú agus páirtí leasmhara** | | |
| **14** Má theipeann orainn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara nó más rud é nach gcoinnímid go hiomlán ar an eolas iad faoinár gcuid oibre, tá seans maith ann go ndéanfaidh sé sin dochar do bhranda agus do chlú Uisce Éireann. | Is den ríthábhacht é go ndéanaimid ár ndícheall beart a dhéanamh de réir ár mbriathair dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara agus go gcothóimid iontaoibh leo le go dtacóidís linn mar, cheal na tacaíochta sin, beidh sé deacair d'Uisce Éireann seirbhísí uisce a sholáthar agus spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach. | • Is tosaíocht ríthábhachtach dúinn é a bheith pras maidir leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoi gach ábhar a bhaineann le seirbhísí uisce, faoi shaincheisteanna a bhaineann le sláinte phoiblí go mór mór.<br>• Táthar tar éis Straitéis Chorparáideach nua a fhorbairt agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn céimneach agus dírítear go mór inti ar Sheirbhís do Chustaiméirí, ar Phlé le Páirtithe Leasmhara agus ar Chlú.<br>• Tá plé le páirtithe leasmhara ag dul ar aghaidh go fóill ar na fóraim is tábhachtaí.<br>• Pleananna agus próisis chuimsitheacha chumarsáide, lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí faoinár n-eochairthionscadail agus ár gcláir phobail is scoileanna áitiúla. |
| **Ár ndaoine** | | |
| **15** Má theipeann orainn dlús a chur faoi chultúr eagraíochtúil atá soiléir agus cuí agus faoi phlé le daoine, d'fhéadfadh sé seo an bonn a bhaint ónár gcumas ár spriocanna gnó a bhaint amach i leith athrú chun feabhais a dhéanamh ar sheirbhísí uisce. | Maidir le haon athrú chun feabhais a dhéantar ar an eagraíocht, caithfear é a bhainistiú go cuí lena chinntiú go rachaidh an cultúr a bheidh de thoradh air chun sochair d'Uisce Éireann ó thaobh seirbhísí uisce a sheachadadh de agus go n-éascóidh sé daoine a choinneáil agus a mhealladh le gur féidir an riosca um éagobhsaíocht eagraíochtúil a laghdú. | • Féachaint chuige go leanfar de straitéis ghnó Uisce Éireann a fhorbairt agus a thabhairt isteach, straitéis a bhfuil roinnt pleananna straitéiseacha atá dírithe ar fhostaithe mar chuid di (gan ach roinnt bheag a lua: Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, Rannpháirtíocht agus Folláine, Sláinte Cheirde, agus Obair Chumaisc), agus é mar aidhm leis sin timpeallacht oibre dhearfach a chothú do gach fostaí, idir fostaithe atá ag obair linn cheana agus fostaithe nua.<br>• Tá tionscadal comhoibríoch ar siúl chun na Luachanna agus na hIompraíochtaí is mór ag Uisce Éireann a shainmhíniú agus a chur i bhfeidhm tuilleadh.<br>• Baintear leas as suirbhéanna agus aiseolas ó fhostaithe chun Rannpháirtíocht Inbhuanaithe i measc Fostaithe a rianú agus tugtar faoi ghníomhartha forbartha ar bhonn uile-eagraíochta. |

# Athbhreithniú airgeadais



**Chris McCarthy**
Príomhoifigeach Airgeadais

D'éirigh go han-mhaith le hUisce Éireann ó thaobh cúrsaí airgeadais de in 2022, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh na dúshláin a bhaineann le costais fuinnimh a bheith ar an leibhéal is airde riamh agus brúnna a bhain le boilsciú ginearálta.

Rinneadh barrachas/brabús a shaothraigh Uisce Éireann maille le tacaíocht a raibh géarghá leis ón Rialtas i bhfoirm ranníocaíochtaí caipitil de €454 milliún, a infheistiú i dtionscadail phríomhbhonneagair agus bhíothas in ann clár infheistíochta caipitil ar fiú €1,061 milliún é a sheachadadh in 2022 dá bharr. Chuir sé sin ar ár gcumas poist a sholáthar, cuir le hacmhainn agus forbairt tithíochta agus tacú le fás eacnamaíoch.

Bhí gníomhaíochtaí infheistíochta caipitil Uisce Éireann fós ina spreagthach eacnamaíoch suntasach le linn 2022. Lena chois sin, sholáthair ár gcláir oibriúcháin agus chothabhála fostaíocht dhíreach agus indíreach agus tairbhí eacnamaíocha eile ar fud an gheilleagair.

**Príomh-bhuaicphointí 2022**

Ioncam
**€1,309m**

EBITDA
**€424m**

Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim
**€253m**

Caiteachas caipitil
**€1,061m**

Sócmhainní iomlána
**€6,391m**

Glanfhiachas
**€331m**

Déantar barrachas/brabús Uisce Éireann a ath-infheistiú chun tionscadail príomhbhonneagair a mhaoiniú.

Maidir leis an 'glanfhiachas' agus tuairisciú ar 'Airgead Tirim' do gach bliain a chuirtear i láthair san Athbhreithniú Airgeadais seo, tá siad coigeartaithe de réir na n-athruithe a leagtar amach i nóta 1 de na Ráitis Airgeadais.

## Príomhthreochtaí airgeadais


### Ioncam €m





### Caiteachas caipitil €m




### EBITDA €m




### Glansócmhainní €m




## Ráiteas achomair ioncaim

| | 2022 €milliúin | 2021 €milliúin |
|---|---|---|
| Ioncam | **1,309** | 1,191 |
| Ioncam tráchtála | **348** | 298 |
| Fóirdheontas rialtais | **961** | 893 |
| Costais oibriúcháin | **(885)** | (809) |
| **EBITDA** | **424** | 382 |
| Dímheas agus amúchadh | **(167)** | (152) |
| Costais airgeadais | **(4)** | (3) |
| **Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim** | **253** | 227 |

## Ioncam

Bhí ioncam €1,309m don bhliain go dtí 31 Nollaig 2022, €118m níos airde i gcomparáid le 2021. Bhí ioncam fóirdheontas ón Rialtas de €961m maidir le billeáil uisce tí €68m níos airde ná an bhliain roimhe sin. Idir ioncam Neamhtheaghlaigh agus ioncam ó Cheangail Nua saothraíodh €348m san iomlán, figiúr atá 50m níos airde ná an méid a saothraíodh 2021, ó tharla ioncam neamhtheaghlaigh a bheith níos airde ag €23m agus ioncam níos airde de €26m ó cheangail chustaiméirí.

## Dímheas

Tháinig méadú de €15m ar dhímheas agus ar amúchadh go €167m in 2022 toisc gur mhéadaigh an Chuideachta an méid infheistíochta caipitil a bhí á infheistiú aici.

## Barrachas/brabús roimh cháin ioncaim

Mhéadaigh barrachas/brabús roimh cháin faoi €26m go €253m do 2022 mar gheall ar:

- EBITDA níos airde de €42m,
- a bhí fritháirithe go páirteach ag táillí dímheasa níos airde de €15m, agus
- costais airgeadais níos airde de €1m.

## Athbhreithniú airgeadais (ar lean)

## Achoimre ar chostais oibriúcháin

| | 2022 €milliúin |
|---|---|
| Costas sochair fostaí | **(95)** |
| Párolla comhaontaithe seirbhíse na nÚdarás Áitiúil agus forchostais tacaíochta feidhmiúla | **(222)** |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | **(253)** |
| Ábhair, cothabháil agus gléasra ar cíos | **(123)** |
| Cíos, rátaí, fóntais agus árachas | **(116)** |
| Costais lársheirbhísí idirbhirt agus tacaíochta | **(1)** |
| Caillteanais laige ar shócmhainní airgeadais | **(18)** |
| Costais oibriúcháin eile | **(56)** |
| **Iomlán** | **(885)** |

## Costais oibriúcháin

Tháinig méadú €76m ar chostais oibriúcháin, i gcomparáid le 2021, go dtí €885m. Is é is cúis leis an méadú sin go príomha ná méaduithe gan fasach ar phraghsanna fuinnimh domhanda go déanach in 2022, rud a d'fhág go raibh costais seirbhíse ar conradh níos airde le haghaidh oibriú na n-ionad cóireála. Mhéadaigh na costais a bhaineann le hábhair, cothabháil, gléasra a fháil ar cíos agus párolla de bharr brúnna boilscithe i gcoitinne. Tugadh an táille drochfhiacha ar ais d'fhonn léargas ceart a thabhairt ar ghnáth-thimthriall oibriúcháin, tar éis shuaitheadh COVID-19 le blianta beaga anuas.


Bhíothas in ann na méaduithe sin a fhritháireamh go pointe le €7m eile a baineadh amach trí chostéifeachtúlachtaí oibriúcháin. Lena chois sin, rinne an Chuideachta straitéis fálaithe leictreachais a bhainistiú a d'éirigh go han-mhaith léi agus a bhain coigilteas airgid de €44m amach in 2022.

Tar éis scaradh oibríochtúil ó Ervia in 2022, thabhaigh Uisce Éireann na seirbhísí lárnacha idirbheartaíochta agus tacaíochta in 2022 a ghearrfadh Ervia ar Uisce Éireann as iad a chur ar fáil roimhe sin. Lean Ervia ar aghaidh le seirbhísí rialachais a sholáthar do Uisce Éireann suas go dtí an dáta ar ar scair siad go dlíthiúil, an 1 Eanáir 2023, bhí líon beag de na muirir sin (€1m) fós á ngearradh in 2022 mar sin.

## Clár comhardaithe achomair

| | 2022 €milliúin | 2021 €milliúin |
|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | **5,872** | 4,953 |
| Sócmhainní eile | **519** | 465 |
| **Sócmhainní iomlána** | **6,391** | 5,418 |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(645)** | (514) |
| Dliteanas pinsin (IAS 19) | **(21)** | (37) |
| Dliteanais eile | **(1,048)** | (879) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,713)** | (1,430) |
| **Glansócmhainní** | **4,678** | 3,989 |
| **Glanfhiachas** | **(331)** | (188) |

## Caiteachas caipitil (%)




## Sócmhainní Bonneagair agus Caiteachas Caipitil

D'infheistigh Uisce Éireann an méid airgid is mó riamh ó bunaíodh an chuideachta i seirbhísí uisce agus fuíolluisce in 2022, €1,061m san iomlán, i gcomparáid le €851m in 2021.

## Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid


Ba é an staid ghlanfhiachais ar an 31 Nollaig 2022 ná €331m (is é sin, iomlán na n-iasachtaí agus fiacha eile de €645m, lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid de €314m), i gcomparáid le €188m an bhliain roimhe sin.

Bhíothas in ann riachtanais mhaoinithe infheistíochta caipitil uisce agus fhuíolluisce (caiteachas airgid thirim de €1,002m) a íoc in 2022 trí tharraingt ar mhaoiniú ranníocaíochta caipitil ón Rialtas de €454m, rud a d'fhág go raibh €548m de mhaoiniú fós de dhíth. Úsáideadh an glanmhéadú ar iasachtaí agus fiacha eile de €104m, mar aon le sreafaí airgid oibriúcháin dearfacha de €463m, chun an riachtanas maoinithe chaipitil iarmharach sin a chomhlíonadh.

Laghdaigh glan-eis-sreafaí airgid eile de €30m an méid airgid thirim a bhí fágtha ag deireadh na bliana go €314m.

Baineann na sreafaí airgid eile sin go príomha le glanghluaiseacht airgid de €34m i dtaca le comhthaobhacht tríú páirtí. Mar gheall ar chinneadh a rinneadh mar chuid de chlár oibre IFRS, cinneadh a ghlac an Chuideachta in 2022, cuirtear comhthaobhacht tríú páirtí i láthair mar airgead tirim ach amháin má choinnítear é ar théarmaí taisce níos mó ná 3 mhí agus, sa chás sin, cuirtear i láthair é mar shócmhainn airgeadais (féach nóta 1 den Ráitis Airgeadais). Maidir le gluaiseacht an airgid ghlain sin de €34m, is féidir é a bhriseadh síos mar insreabhadh airgid de €21m de thoradh comhthaobhacht níos mó a bheith i dtaisce ag deireadh na bliana, agus rinneadh €55m á fhritháireamh trína chur i dtaiscí fadtéarmacha ag deireadh na bliana, rud gurb ionann é agus eis-sreabhadh airgid mar sin. Maidir leis an ngluaiseacht airgid eile, ba €4m a bhí i gceist agus fuarthas é i leith glansócmhainní a fuarthas ó Údaráis Áitiúla in 2014.

## An chaoi ar úsáideadh airgead tirim in 2022 (€m)



# Athbhreithniú airgeadais (ar lean)

## Acmhainní Caipitil agus Rialachas Cisteáin

### Acmhainní Caipitil

Ar an 31 Nollaig 2022 bhí na nithe seo a leanas i seilbh Uisce Éireann;

- iasachtaí iomlána tarraingthe de €613m (gan dliteanais léasa de €31m san áireamh),
- saoráidí neamhtharraingthe an Aire Airgeadais de €408m, atá le cur ar fáil thar an tréimhse 2023 go 2024, faoi réir cheadú an Aire Airgeadais, chun caiteachas caipitil gnó a mhaoiniú thar an tréimhse sin,
- saoráid caipitil oibre neamhtharraingthe de chuid Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de €350m, agus
- €314m d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

I mí an Mheithimh 2020 chuaigh an Chuideachta isteach i saoráid iasachta stáit nua de €1,022m, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil i leith na hearnála gnó, saoráid a bhfuil €112m di tarraingthe anuas in 2022, arb ionann an t-iomlán tarraingthe anuas agus €614m. Maidir leis na saoráidí eile de €408m, cuirfear ar fáil iad le linn 2023 go 2024, faoi réir cheadú an Aire Airgeadais, le híoc as caiteachas caipitil gnó le linn na tréimhse sin.

Gheall Uisce Éireann go bhféachfar chuige nach mbeidh an tsaoráid caipitil oibre de chuid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má fhaigheann Uisce Éireann cead ón Aire roimh ré leas a bhaint as an tsaoráid. Tá Uisce Éireann tar éis cead a fháil ón Aire chun leas a bhaint as an tsaoráid. Tá saoráid rótharraingthe neamhbhuan bhreise de €10m ag an gCuideachta ar fáil mar chabhair chun déileáil le riachtanais bhainc laethúla a bhainistiú.

Ar an 31 Nollaig 2022, ba é an meánráta úis ualaithe ar phunann iasachtaí gan íoc na Cuideachta ná 0.90% (2021: 0.54%) agus ba é meánaibíocht a cuid fiachais ná 8.14 bliain (2021 9.17).

### Rialachas Cisteáin

D'fhonn scaradh oibríochtúil a bhaint amach ó Ervia in 2022, thosaigh feidhm Chisteáin Uisce Éireann ag feidhmiú ar bhonn neamhspleách.

Le linn 2022, ba é Bord Ervia a bhí fós freagrach as an ngníomhaíocht chisteáin agus a feidhmíocht, rud a rinne sé trí athbhreithniú rialta. Lean Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia de mhaoirseacht a dhéanamh ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Ervia, go dtí gur tháinig an scaradh dlíthiúil i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023.

Chomhlíon Uisce Éireann ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Ní oibrítear feidhm chisteáin Uisce Éireann mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna cisteáin ar bhealach atá drogallach roimh rioscaí. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart cisteáin agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha.

Tá sonraí breise ar ár mbeartais bainistíochta riosca airgeadais um rialachas cisteáin leagtha amach i nóta 21 sna Ráitis Airgeadais.



# Foireann feidhmiúcháin



**Niall Gleeson**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Eamon Gallen**
Príomhoifigeach Oibriúcháin



**Orlaith Blaney**
Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha



**Chris McCarthy**
Príomhoifigeach Airgeadais



**Michael O'Sullivan**
Stiúrthóir Seirbhísí Gnó



**Sean Laffey**
Stiúrthóir um Bainistíocht Sócmhainní agus Inbhuanaitheacht



**Brendan Murphy**
Stiúrthóir um Straitéis agus Rialú



**Brian Sheehan**
Stiúrthóir um Bonneagar a Sheachadadh



**Dawn O'Driscoll**
Stiúrthóir um Dhaoine agus Sábháilteacht



**Noeleen McHenry**
Príomhoifigeach Dlí



**Richard O'Sullivan**
Rúnaí na Cuideachta

# Athbhreithniú oibriúcháin

## Mórdhúshláin agus móréachtaí in 2022

### Mór-infheistíocht a dhéanamh le gur féidir fás agus tithíocht a sheachadadh

Cuireann infheistíocht stuama i mbonneagar borradh faoi fhás agus faoi fhorbairt eacnamaíoch. D'infheistigh Uisce Éireann €1,061m i bhfoirm Caiteachais Chaipitil in 2022 agus tionscadail agus cláir fuíolluisce agus uisce á gcur i gcrích aige ar fud na tíre, ar bhealach a thug tús áite do na feabhsúcháin is práinní maidir le cáilíocht an uisce, acmhainn fuíolluisce agus comhlíonadh, sceitheadh a laghdú, agus inbhuanaitheacht.

Maidir leis an gclár 'Tús Áite don Chustaiméir', atá ina chlár ilbhliantúil a dhíríonn ar sheachadadh seirbhíse a fheabhsú trí thús áite a thabhairt dár gcustaiméirí, rinneadh dul chun cinn maith ina leith i rith na bliana. Chuir an clár feabhsuithe i bhfeidhm i réimsí amhail ár seirbhís um Bristeacha a Fhógairt a leathnú i measc custaiméirí gnó, ár bpróisis dícheangailte agus athcheangail a fheabhsú do chustaiméirí, an próiseas chun fiosrú faoi réamhcheangal a dhigitiú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na próisis um ghéaráin agus um ghéarú. Leanfaidh an clár ar aghaidh le próisis agus seirbhísí a fheabhsú tuilleadh dár gcustaiméirí in 2023.

Ní raibh deireadh leis na dúshláin a bhí roimh bhonneagar uisce agus fuíolluisce a chur ar bun in Éirinn in 2022. Chuir teagmhais dhomhanda isteach go mór ar chúrsaí arís. Tháinig géarú ar bhoilsciú agus cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair de dheasca iarmhairtí COVID-19, an chogaidh san Úcráin agus na Breatimeachta. Ó cheann ceann na bliana lean Uisce Éireann ar aghaidh le hathbhreithniú agus le bainistiú a dhéanamh ar na roghanna i gcomhar le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara le gur féidir torthaí agus aschuir a sheachadadh ar bhealach chomh éifeachtúil agus ab fhéidir.



### Chuireamar céim shuntasach dínn i dtaca le hathrú chun feabhais a chur ar an earnáil uisce.

Ba chéim shuntasach chun cinn é i dtaca le hathrú chun feabhais a chur ar an earnáil uisce in Éirinn, nuair a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta , an 'Creat um Sheirbhísí Uisce a Sheachadadh Amach Anseo' i mí an Mheithimh 2022. Le linn an dara leath de 2022, chuir meitheal a raibh Uisce Éireann, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) agus an Cumann Comhairlí Contae is Cathrach (CCCC) mar bhaill de Máistir-chomhaontú maidir le Comhar chun cinn chun forálacha an Chreata a oibríochtú agus tacú le freagracht as seirbhísí uisce a aistriú i gcás gach Údaráis Áitiúil. Tiocfaidh an Máistir-Chomhaontú maidir le Comhar in áit na gComhaontuithe Seirbhíse le hearnáil na n-údarás áitiúil a bhí i bhfeidhm ó 2014 i leith. Tá foireann Uisce Éireann tar éis Clár um Athrú Chun Feabhais a chur ar bun agus iad ag obair chun dlús a chur faoin aistriú ar bhonn céimnithe, fad is atá súil á coinneáil acu ar chobhsaíocht oibríochtaí, leanúnachas seirbhíse agus sábháilteacht na sláinte poiblí agus na mball foirne araon thar aon rud eile. I mí na Samhna 2022, chuir foireann an Chláir tús le sraith de chruinnithe le baill foirne seirbhísí uisce na n-údaráis áitiúil chun a oiread díobh agus is féidir a spreagadh chun aistriú chuig Uisce Éireann. Tá sé de rogha ag gach ball foirne incháilithe, más ball foirne é nó í a chaitheann níos mó ná 50% dá c(h)uid ama ag obair i seirbhísí uisce, aistriú chuig Uisce Éireann aon am is mian leis nó léi suas go dtí deireadh 2026, am a mbeidh gach duine a oibríonn i seirbhísí uisce ina f(h)ostaí díreach de chuid Uisce Éireann. Cuirfimid leis an oidhreacht a bhaineann le hoibriú agus seachadadh do phobail agus scoth na nÚdarás Áitiúil a thabhairt le chéile againn le hoidhreacht chomhroinnte Uisce Éireann agus an tiomantas don earnáil uisce. Tá céim shuntasach chun cinn á tógáil againn faoi láthair maidir leis an gcaoi ina gcuirimid seirbhísí uisce ar fáil ar bhealach a aithníonn an tábhacht a bhaineann le haon chur chuige náisiúnta straitéiseach amháin a bheith ann agus é sin tacaithe le gealltanais mhaoinithe nach beag mar aon le córais agus saineolas teicniúil cruthaithe.

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

# Dul chun cinn de réir cuspóirí straitéiseacha

Feidhmíonn Uisce Éireann laistigh de chreat de bheartais náisiúnta. Sa Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025, leagtar amach tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce poiblí faoi thrí théama: Cáilíocht, Caomhnú agus Rudaí a Sheasfaidh an Aimsir. Bhaineamar úsáid as an gcreat sin mar bhunús don athbhreithniú oibríochtúil seo.

## CÁILÍOCHT

### Cáilíocht uisce

Déanann Uisce Éireann bearta suntasacha chun na rioscaí a bhaineann le teagmhais cháilíochta uisce óil a laghdú. Táimid tar éis iniúchtaí fairsinge a dhéanamh ar ár n-ionaid, oiliúint foirne a mhéadú go suntasach agus tús áite a thabhairt do phríomhthionscnaimh chun maoirseacht fhíor-ama níos fearr a sholáthar ar oibriú ár n-ionad is mó a chlúdaíonn tromlach ár gcustaiméirí. Tá ár nIonad Bainistíochta Oibríochtaí Náisiúnta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ag feidhmiú 24/7 agus monatóireacht á déanamh ann ar bhreis is 966 aláram inár 92 ionad cóireála uisce is mó. Agus sinn ag cur feabhas agus monatóireacht á déanamh againn ar fheidhmiú ár n-ionaid cóireála uisce agus na líonraí a ghabhann leo, is follasach go bhfuil méadú ag teacht ar líon iomlán na bhFógraí 'Uisce a Fhiuchadh' (FUFnna).

Cé go bhfuilimid fós meáite ar uisce óil sábháilte glan a sholáthar dár gcustaiméirí go léir, tá dua nach beag ag baint leis sin. In 2022 baineadh 130,034 duine in 11 limistéar soláthair uisce den Liosta Gníomhaíochta Feabhais (LGF). I mí Eanáir 2023 d'fhoilsigh an GCC a uasdátú suas go mí na Nollag 2022 maidir le hUisce Óil LGF. Tá 58 crois soláthair uisce mar chuid de anois agus iad ag freastal ar 481,309 duine. Is ionann é sin agus glanmhéadú 6 chrios soláthair uisce atá uisce "i mbaol" á sholáthar acu ó dheireadh na bliana 2021. Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna leis na soláthair atá fós ar an liosta chun iad a thabhairt go dtí caighdeán ina gcinnfidh an GCC gur féidir iad a bhaint.

Tosaíocht eile is ea daoine a bhaint ó FUFnna, agus cuireadh deireadh le 67% de FUFnna a cuireadh i bhfeidhm in 2022 laistigh de 30 lá. Fós féin, cé gur baineadh 18,584 duine ó FUFnna laistigh de 30 lá, bhí 13 fhógra 'Uisce a Fhiuchadh' i bhfeidhm ag deireadh na bliana, rud a d'fhág go 18,287 duine gan uisce glan. Bhí tromlach na ndaoine a bhí thíos leis na FUFnna a cuireadh i bhfeidhm lonnaithe i dtrí mórcheantar uirbeach, is iad sin An Geata Bán (9,482 duine), Maigh Chromtha (4,237 duine) agus An Chloch/Caisleán an Chomair (3,195 duine). Cuireadh deireadh leis an FUF i Maigh Chromtha i mí Feabhra 2023 agus braithfidh an dáta réamh-mheasta chun deireadh a chur leis na FUFnna eile ar dhul i mbun comhairle agus teacht ar chomhaontú le FSS.

I gcomhar lenár gcomhpháirtithe Údaráis Áitiúil agus le saotharlanna tráchtála, choimeádamar an clár monatóireachta rialála sa tsiúl le linn 2022, agus breis agus 187,000 tástáil aonair á gcríochnú againn. Foilsítear torthaí na monatóireachta seo ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann i gcás soláthairtí uisce aonair. Tá caighdeáin uisce óil ard i gcónaí agus comhlíonadh iomlán ag 99.31%.

Leanamar de bheith ag cur na gclár oibre náisiúnta i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- Glanadh agus athchóiriú taiscumar, monatóireacht teiliméadrachta ar pharaiméadair oibriúcháin chriticiúla, cláir shábháilteachta agus cláir cháilíocht an uisce.
- Críochnaíodh uasghrádú ar 15 láithreán tríd an gClár Téachta, Scagacháin agus Glé-ghlantacháin (TSG). Áirítear leis sin saoráidí TSG nua nó uasghrádaithe, scagacháin a chur isteach in ionaid chóireála uisce chun an bhaol ar neamhchomhlíonadh a laghdú.

> **“*Is éard atá i gceist leis an bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce ná straitéis 25 bliain lena chinntiú go mbeidh uisce óil a bheidh inbhuanaithe, slán agus iontaofa againn do chách.*”**

- Cuireadh tús le cóireáil luaidhe in uisce óil trí ortafosfáit ag líon beag ionad cóireála uisce a chomhlíonann riachtanais na measúnuithe sláinte agus comhshaoil, mar atá sonraithe i bPlean Maolaithe Luaidhe in Uisce Óil.

Le cuíchóiriú a bhaint amach, déantar ionad a dhíchoimisiúnú, agus déantar príomhphíobán uisce a leagan chuig ionad cóireála in aice láimhe a dhéanann uisce óil ar dóigh níos éifeachtúla agus/nó ar chaighdeán níos airde. Le linn 2022, rinneadh 13 ionad cóireála uisce a chuíchóiriú.

In Eanáir 2021 ghlac an tAontas Eorpach chuige féin an Treoir leasaithe maidir le hUisce Óil. Tá go dtí Eanáir 2023 ag Éirinn chun an treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann. I gcaitheamh 2022 d'oibrigh Uisce Éireann




i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le príomhpháirtithe leasmhara ar Rialacháin athbhreithnithe maidir le hUisce Óil atá le teacht i bhfeidhm ó 2023 i leith agus beidh tréimhse forfheidhmithe ann roimh chomhlíonadh. Feabhsaíonn na rialacháin nua seo rochtain ar uisce óil, tugann siad isteach measúnú ar sceitheadh, tá paraiméadair nua leo agus déanann siad nuashonrú ar roinnt luachanna paraiméadracha atá ann cheana féin, lena n-áirítear monatóireacht bunaithe ar riosca agus measúnú agus bainistíocht riosca chomh maith le monatóireacht oibríochtúil, ábhair chlúdaigh a dhéanann teagmháil le huisce óil agus feabhas a chur ar an eolas a thugtar don chustaiméir.

Tá an chéad Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (PNAU) d'Éirinn á fhorbairt ag Uisce Éireann. Leagfar amach i PNAU conas a bhainimid cothromaíocht amach idir an soláthar agus an t-éileamh ar uisce óil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Is straitéis 25 bliain í chun a chinntiú go bhfuil soláthar uisce óil againn atá sábháilte, inbhuanaithe, slán agus iontaofa do chách. Tá sé comhdhéanta de Chreat PRAU agus ceithre Phlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce (PRAU) a dhéanann achoimre ar na riachtanais ar fud na 535 crios uisce aonair agus a aithníonn na réitigh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin agus iad grúpáilte de réir an réigiúin.

Glacadh leis an gCreatphlean PNAU in 2021 agus foilsíodh é in éineacht leis an Ráiteas maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus maidir le Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí. Maidir le gach PRAU agus na tuarascálacha comhshaoil a ghabhann leo, beidh a gcéimeanna comhairliúcháin poiblí féin acu.

Críochnaíodh comhairliúchán an Oirthir agus Lár na Tíre (PRAU OLT) go luath in 2022 agus glacadh leis an PRAU OLT i mí Mheán Fómhair 2022. Tháinig deireadh le comhairliúchán an Iardheiscirt (PRAU ID) i mí Lúnasa 2022 agus tá an plean á thabhairt chun críche. Cuireadh tús le comhairliúchán an Iarthuaiscirt (PRAU IT) i mí na Samhna 2022 agus tá comhairliúchán an Oirdheiscirt (PRAU OD) le tosú go luath in 2023.

### Cáilíocht fuíolluisce

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí fuíolluisce poiblí a sholáthar agus a fhorbairt, lena n-áirítear fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a sceitheadh. Oibrímid 1,057 ionad cóireála uisce, 2,250 stáisiún caidéalaithe fuíolluisce, agus breis agus 26,000km de líonra séarachais salach/comhcheangailte.

Tagann ár n-infheistíocht i gcóireáil agus líonraí fuíolluisce leis na gealltanais a rinneadh i bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 le cáilíocht an uisce a fheabhsú. Liostaíonn an Plean Bainistíochta Abhantraí 255 ceirtleán ar gá aird a thabhairt orthu. Faoi dheireadh 2022, bhí an líon sin laghdaithe go 107 ceann.

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun an Plean Bainistíochta Abhantrach d'Éirinn 2022-2027 a fhoilsiú go luath in 2023. Tá an Plean ag teastáil faoin gCreat-

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)



Treoir Uisce don tréimhse 2022-2027. D'fhoilsigh an tAire an dréachtphlean i mí Mheán Fómhair 2021 agus bhí sé faoi réir comhairliúcháin phoiblí le linn 2022. D'oibrigh Uisce Éireann i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le páirtithe leasmhara eile ar an bPlean i rith na bliana.

Baineadh 10 gceirtleán de Liosta Réimsí Tosaíochta GCC um Fheabhsú Fuíolluisce in 2022. Ag deireadh na bliana bhí 91 ceirtleán fágtha ar an liosta agus tá pleananna i bhfeidhm nó á bhforbairt d'fhormhór na láithreán atá fágtha.

Ó 2014 i leith tá 50 baile agus sráidbhaile aitheanta ag GCC inar bailíodh séarachas amh agus inar scaoileadh gan chóireáil isteach sa chomhshaol uisceach é. Bhí líon na gceirtleán neamhchóireáilte laghdaithe go 29 faoi dheireadh 2022.

I mbreithiúnas a tugadh ar an 28 Márta 2019, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach raibh Éire i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 12 de Threoir 91/271, maidir le cóireáil ar fhuíolluisce uirbeach ag 28 ceirtleán arna n-ainmniú ar fud na hÉireann. Mar fhreagairt, thoiligh Éire cláir mhionsonraithe oibreacha agus bearta eile a chur ar bun ionas go mbainfí amach comhlíonadh iomlán an bhreithiúnais. Is éard atá sa chlár go príomha ná tionscadail oibreacha caipitil chun na ceirtleáin ainmnithe a thabhairt i gcomhréir leis an Treoir.

Táimid ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin inár líonraí fuíolluisce trínár bPleananna Limistéir Draenála agus táimid ag díriú ar chomhlíonadh comhshaoil, seirbhís do chustaiméirí agus fás. Tá Suirbhéanna Criticiúla na Séarach á gcur chun cinn freisin againn le Clár Tosaíochta Athshlánúchán na Séarach a mheas.

In 2022, leanamar orainn ag obair le páirtithe leasmhara eile, go háirithe Uisce Thuaisceart Éireann, ar dhul chun cinn an tionscadail Feabhsú Uiscí Comhroinnte agus Oidhreacht na Lochanna (SWELL). Bronnadh €35 milliún ar an tionscadal mór trasteorann sin faoi Chlár VA INTERREG de chuid an Aontais Eorpaigh in 2019. Faoin tionscadal, déanfar oibreacha nua cóireála fuíolluisce a thógáil agus déanfar uasghrádú ar na líonraí séarach ar an dá thaobh den teorainn le dul i ngleic le truailliú fuíolluisce i Loch Cairlinn agus Loch Feabhail. Cothaímid caidreamh leanúnach le hUisce Thuaisceart Éireann maidir le seirbhís do chustaiméirí, caighdeáin theicniúla agus rialála agus táimid inár mbaill de Water UK,

### Uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne

Cuirfidh an t-uasghrádú mór ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne ar a chumas cóireáil chuig an gcaighdeán riachtanach a dhéanamh ar an líon méadaitheach fuíolluisce a thiocfaidh chuig an ionad, rud a chumasóidh forbairt tithíochta agus tráchtála amach anseo.

Tá ceithre phríomheilimint ag baint leis an tionscadal uasghrádaithe:

1. Soláthar saoráide uasghrádaithe acmhainne le laghdú cothaitheach (coibhéis daonra 400,000).
2. Uasghrádú ar na 24 umar cóireála tánaisteach atá ann cheana féin chun acmhainn bhreise a sholáthar.
3. Saoráid aisghabhála fosfair nua a sholáthar.
4. Leathnú ar áiseanna cóireála sloda an ionaid.

Leanadh leis an iarracht an tionscadal uasghrádaithe a chur ar aghaidh chuig céim an phlean le linn 2022, beag beann ar na dúshláin sa slabhra soláthair fud fad an tionscail. Thosaigh an tSaoráid Uasghrádaithe Acmhainne ag glacadh le sreafaí le haghaidh cóireála i dtreo dheireadh 2021, rud a réitigh an bealach chun tabhairt faoi oibreacha in 2022 chun uasghrádú a dhéanamh ar na 24 umar cóireála tánaisteach atá ann cheana féin d'fhonn acmhainn bhreise agus laghdú cothaitheach a sholáthar. Lean Uisce Éireann freisin de dhul chun cinn maith a dhéanamh maidir le saoráid aisghabhála fosfair nua a chur ar bun agus saoráidí cóireála sloda an ionaid a mhéadú. Tá Uisce Éireann ag obair chun bonneagar a sholáthar chun an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh do choibhéis daonra de 2.1 milliún faoi dheireadh na bliana 2023. Faoin am a bheidh na hoibreacha go léir atá beartaithe críochnaithe faoi 2025, beidh Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne in ann cóireáil a dhéanamh ar fhuíolluisce do suas le coibhéis daonra de 2.4 milliún agus cloí leis na caighdeáin éigeantacha ag an am céanna.

## CAOMHNÚ

I measc na n-oibreacha a rinneadh in 2022 chun sceitheadh a laghdú ar fud na hÉireann tá brathadóireacht agus deisiú sceite, athshlánú príomhlíonra, ceangail luaidhe a athrú, bainistíocht brú agus athsholáthar méadar ceantair. Tá na hoibreacha sin á ndéanamh lenár gcomhpháirtithe agus lenár gconraitheoirí Údaráis Áitiúil. In 2022, lean an Clár um Laghdú Sceitheadh de bheith ag feidhmiú faoi threoirlínte sláinte agus sábháilteachta a bhain le COVID 19 d'oibrithe agus do chustaiméirí. Cuireadh leis an bhfeasacht ar na hoibreacha trí oibreacha brandáilte suímh agus comharthaí le haghaidh oibreacha riachtanacha. Faoin gclár, críochnaíodh 2,876 'Céad Dheisiúchán', athraíodh 10,801 nasc luaidhe, agus leagadh 315km de phríomhphíobáin uisce nua agus athshlánaithe in 2022. De thoradh ar seo baineadh glanlaghdú foriomlán ar sceitheadh de 29.81 meigi-lítear in aghaidh an lae (meán rollach ar feadh 12 mhí ag Meán Fómhair 2022). Laghdaigh an ráta sceite náisiúnta ó 46% i mí Mheán Fómhair 2018 go 36.9% i mí Mheán Fómhair 2022 (tá sé de nós méadrachtaí sceite a thuairisciú i riaráistí agus ba iad sonraí R3 na figiúirí is déanaí a bhí ar fáil tráth an tsínithe).

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas a Pháipéar Cinnidh ar Mhuirear Caomhnaithe Uisce Teaghlaigh in 2019 ach cuireadh moill ar thabhairt isteach an mhuirir mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Leanfaimid orainn ag obair leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas agus leis an Rialtas ar ullmhúcháin do thabhairt isteach an mhuirir níos déanaí.

Leanann Uisce Éireann air ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar gach crios soláthair uisce agus ar éileamh uisce, go háirithe le linn tréimhsí adhaimsire. Tar éis seal tirim nach bhfacthas a leithéid riamh an samhradh seo caite, tá dálaí triomaigh i réim i 50 ceann de 716 scéim uisce óil de chuid Uisce Éireann ar fud na tíre. Cuireadh Ordú Caomhnaithe Uisce i bhfeidhm in Iarthar Chorcaí an 30 Lúnasa mar go raibh go leor soláthairtí uisce fíoríseal. Le linn na tréimhse sin chuir Uisce Éireann tacaíocht ar fáil i bhfoirm uisce a sheachadadh i dtancaeir chuig taiscumair chun leibhéil a choinneáil suas.

Cuireadh aon srian in iúl go soiléir agus rinneadh gach iarracht chun an tionchar ar gach custaiméir a íoslaghdú. Chuir Uisce Éireann deireadh leis an Ordú Caomhnaithe Uisce ar an 1 Deireadh Fómhair nuair a d'fhill an bháisteach ar na gnáthleibhéal agus tháinig feabhas dá bharr ar dhálaí dromchla agus ar uisce talún.

> ***Tá Uisce Éireann ag obair chun bonneagar a sholáthar chun an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh do choibhéis daonra de 2.1 milliún roimh dheireadh na bliana 2023.***

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### FÉACHAINT CHUIGE GO SEASFAIDH RUDAÍ AN AIMSIR

Ó thús na bliana 2014, tá 125 ionad cóireála fuíolluisce tógtha nó uasghrádaithe, lena n-áirítear 9 gcinn in 2022. Leagadh 102km de ghréasán séarachais nua nó athshlánaithe le linn 2022.

Tá feabhas tagtha ar ár n-acmhainn uisce agus seasmhacht ó rinneadh 70 ionad nua cóireála uisce a thógáil nó a uasghrádú ar an iomlán ó 2014 i leith, 6 cinn acu sin in 2022. Leagadh 315km de phríomhlíonra nua nó athshlánaithe sa bhliain 2022.

### Tithíocht do Chách

Is príomhthosaíocht í tithíocht do chách agus tá dlúthbhaint aici le fás eacnamaíoch. Táimid tar éis cur lenár bhfoireann seirbhísí ceangail agus lenár bhfoireann seirbhísí d'fhorbróirí le go mbeimid in ann seirbhís den scoth a sholáthar do thógálaithe tí agus d'fhorbróirí. Foilsímid cláir acmhainne uisce agus fuíolluisce ar ár suíomh gréasáin le léargas a thabhairt d'fhorbróirí agus do phleanálaithe faoi cad iad na limistéir ina bhfuil acmhainn fáis. Sheolamar tionscnaimh nua in 2022 amhail an clár 'féinleagain' ar bhóithre poiblí agus an Scéim Creidiúnaithe ar Bhonn Taithí, le gur féidir le conraitheoirí réamhchlárú mar chonraitheoir creidiúnaithe ar bhonn taithí i gcomhair tionscadail 'féinleagain' ar an mbóthar poiblí. Tacóidh creidiúnú le próiseas níos éifeachtúla a chur ar bun maidir le hiarratais ar 'féinleagan'. Reáchtálamar ár gclár 'Fénleagan ar an mBóthar Poiblí' ar bhonn píolótach de réir aiseolas a fuaireamar ó lucht tionscail agus táimid tar éis na critéir a leathnú chun líon níos mó d'fhorbairtí páirt a chuimsiú sa chlár. Táimid tar éis aighneacht a chur faoi bhráid CRF ag lorg tacaíochta don chéad tionscnamh Ceannródaí agus táimid ag tnúth le comhairliúchán poiblí CRF. Tá Uisce Éireann meáite ar chumarsáid oscailte a dhéanamh agus obair as lámha a chéile chun tacú go réamhghníomhach le soláthar tithíochta in Éirinn. Táimid ag obair linn chun comhpháirtíochtaí éifeachtacha ar bhonn iontaoibhe a chothú le gur féidir aghaidh a thabhairt ar an dúshlán soláthair tithíochta agus éistfimid lenár bpáirtithe leasmhara agus gníomhóimid. Tá sé sin á dhéanamh againn go réamhghníomhach trí chomhdhálacha agus imeachtaí ábhartha a bhaineann le tithíocht a óstáil, a chur i láthair nó freastal orthu ar mhaithe le tacú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara. Táimid tiomanta freisin do na gníomhaíochtaí sonracha a chur i gcrích a sannadh d'Uisce Éireann faoi chlár Tithíochta do Chách an Rialtais. Tá na





tionscnaimh sin ag dul i bhfeidhm go mór. Tháinig méadú i mbliana ar an éileamh ar fhiosruithe ceangail nua agus seirbhísí iarratais. Thugamar freagraí dearfacha ar 3,190 fiosrú bainteach le 116,647 aonad tithíochta agus thugamar 4,473 tairiscint cheangail bainteach le 36,989 aonad tithíochta. Ghlac custaiméirí le 3,693 tairiscint a bhaineann le 28,188 aonad tithíochta. Le linn na bliana, chuireamar 4,258 ceangal le bonneagar seirbhísí uisce a bhain le 25,347 aonad tithíochta i gcrích.

Sheol an Rialtas an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (CAP23) an 21 Nollaig 2022. Foilseofar an Iarscríbhinn bhreise Gníomhaíochtaí go luath sa bhliain 2023. Is é CAP23 an dara uasdátú bliantúil ar Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019. Is é an plean sin an chéad phlean a ullmhaíodh faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, agus i ndiaidh buiséid carbóin ar fud an gheilleagair agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála a thabhairt isteach sa bhliain 2022.

### Tionscadal Soláthair Uisce, Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

De bhreis ar an bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce agus ar an bPlean Réigiúnach um Acmhainní Uisce, cuirfidh an Tionscadal Soláthair Uisce mórfhoinse nua uisce ar fáil chun freastal ar riachtanais soláthair Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre ar bhealach inbhuanaithe go 2050 agus ina dhiaidh sin. Tá réamh-chás gnó á thabhairt chun críche le cur isteach chuig RTRÁO i R2 2023 mar chuid dá measúnú ar an tionscadal faoin gCód Caiteachais Phoiblí. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Uisce Éireann maidir le hiarratas pleanála ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a chur isteach faoi bhráid an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura.

### Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Is éard atá i gceist le tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ná saoráid cóireála fuíolluisce réigiúnach nua agus bonneagar gaolmhar a fhorbairt chun freastal ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, go háirithe ar dhaonra Bhaile Átha Cliath Thuaidh mar aon le codanna beaga de chontaetha mórthimpeall Chill Dara agus na Mí. Tá gá le hionad réigiúnach nua chun an cumas cóireála breise is gá a sholáthar nuair a shroichfidh an tsaoráid cóireála fuíolluisce is mó sa tír sa Rinn a cumas uasghrádaithe uasta faoi lár na 2020idí.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach cumas cóireála fuíolluisce imleor a bheith ann chun sláinte an phobail a chosaint, chun an comhshaol a chosaint agus chun fás inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíoch a éascú.

Ar an 20 Meitheamh 2018, chuir Uisce Éireann iarratas isteach ar fhorbairt bonneagair straitéisigh faoi bhráid an Bhoird Pleanála don tionscadal GDD. Bhronn an Bord Pleanála cead pleanála ar an tionscadal i mí na Samhna 2019. Rinneadh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a thionscnamh i gcoinne chead pleanála ABP agus chinn an Ard-Chúirt i mí na Samhna 2020 gur cheart an cead pleanála don tionscadal a chur ar neamhní ar bhonn aonair a bhaineann le comhairliúchán idir ABP agus GCC. Cuireadh an t-iarratas ar ais chuig ABP i mí Aibreáin 2021.

Scríobh ABP chuig Uisce Éireann ar an 26 Lúnasa 2022 ag cur an deis ar fáil d'Uisce Éireann TMTT agus RTN agus aon eolas eile a cuireadh isteach a uasdátú, más cuí. Tá freagra ar an iarratas seo á ullmhú ag Uisce Éireann faoi láthair. Cuirfidh ABP cinneadh ar fáil maidir leis an iarratas pleanála a tarchuireadh in am trátha.

Tá suirbhéanna lena gcur i gcrích sa bhliain 2023 á bpleanáil ag Uisce Éireann faoi láthair. Tá ceadúnas urthrá ag teastáil ina leith sin, agus cuireadh iarratas isteach i R4 2022 chun an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá an t-iarratas sin faoi réir tréimhse comhairliúcháin poiblí a thosaigh i mí Feabhra 2023.

# Inbhuanaitheacht

In Uisce Éireann, táimid tiomanta d'inbhuanaitheacht na seirbhísí uisce a fheabhsú agus dár gcion a dhéanamh chun todhchaí níos inbhuanaithe a thógáil. Tá beartais agus straitéisí á gcur i bhfeidhm againn chun tacú leis an inbhuanaitheacht atá ag teacht le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus tá cur chuige réamhghníomhach á ghlacadh againn i leith na hinbhuanaitheachta fud fad ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce. Tá creat uaillmhianach socraithe ag Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus tá sprioc aonair ag baint leis an uisce - Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6: "rochtain agus bainistíocht inbhuanaithe ar uisce agus ar shláintíocht a áirithiú do gach duine".



**Cuspóir Inbhuanaitheachta Uisce Éireann:**

Is é ár bpríomhchuspóir straitéiseach maidir leis an Inbhuanaitheacht ná gnó inbhuanaithe agus éifeachtúil a fheidhmiú chun seirbhísí uisce a sholáthar don phobal ar bhealach a thacaíonn leis an mbeartas náisiúnta agus a chuireann le cosaint an chomhshaoil. Chun an lámh in uachtar a fháil ar na dúshláin, leanfaimid den athrú a bhrú chun cinn agus gnó inbhuanaithe á thógáil againn a bheidh oiriúnach don todhchaí.

Is é an misean atá againn ná a chinntiú go bhfaigheann ár gcustaiméirí soláthar sábháilte, iontaofa agus inbhuanaithe uisce óil agus go mbaileofar a bhfuíolluisce agus go gcuirfear ar ais é go sábháilte chuig an gcomhshaol. Chun ár gcumas uisce óil a thógáil as an gcóras, agus fuíolluisce cóireáilte a chur ar ais ann, a chinntiú, teastaíonn éiceachóras a fheidhmíonn go sláintiúil agus go hinbhuanaithe, agus go dtacaíonn iliomad plandaí agus ainmhithe go bunúsach leis. Tá Uisce Éireann, mar chaomhnóirí ar shócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann, le foireann tiomanta inbhuanaitheachta, ag comhtháthú agus ag neadú na hinbhuanaitheachta agus na forbartha inbhuanaithe i ngach réimse lena mbímid ag plé.

I gcomhar leis na páirtithe leasmhara, leanfaidh na SDGanna de bheith ina dtreoirphlean don chaoi a n-iompraímid mar fhóntas uisce atá freagrach agus d’fhonn acmhainní a dhíriú chun na tionchair is suntasaí agus is dearfaí a bhaint amach.

## Tionchar ar an Timpeallacht

Agus sinn inár gcaomhnóirí ar shócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann, tá dualgas orainn an comhshaol ina n-oibrímid a chosaint agus a bheith aireach ó thaobh ár gcuid gníomhaíochtaí de. Mar a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach maidir le seirbhísí uisce, táimid tiomanta do tacaíocht a thabhairt d’fhás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann, trí infheistíocht chuí i seirbhísí uisce agus chun an timpeallacht a chosaint inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

### Gníomhú ar son na hAeráide

Ar cheann de na tomhaltóirí is mó fuinnimh san earnáil phoiblí in Éirinn, tá éifeachtúlacht fuinnimh seirbhísí uisce á feabhsú ag Uisce Éireann. Tá cur chuige réamhghníomhach inár straitéis inbhuanaithe, agus sin ag cur leis an obair a dhéanann na hÚdaráis Áitiúla. Tá cur chuige ar fud an ghnó ag teastáil, lena n-áirítear dearadh coincheapa, tionscadail nua, iarfheistiú agus na foirne atá againn. Tá Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh á chur i bhfeidhm againn dár sócmhainní nua agus reatha go léir agus sinn ag comhoibriú le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá ár gcomhaontú straitéiseach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina chuidiú dúinn a bheith ag dearadh ar mhaithe leis an éifeachtúlacht fuinnimh ón gcoincheap ar aghaidh. Déantar neamhéifeachtúlacht a sheachaint agus déantar an tionscal a bhunathrú ar leibhéal náisiúnta. Tá an cur chuige atá againn ina chuidiú linn éifeachtúlacht fuinnimh a dhaingniú, mar sin táimid in ann cultúr éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt, a chaomhnú agus a chothú.

Is beart tábhachtach maolaithe de chuid ár bpolasaí um athrú aeráide é feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, lena chinntiú go bhfuil seirbhísí uisce agus fuíolluisce dianseasmhach i gcoinne an athraithe aeráide, agus go ndéantar seirbhís uisce agus fuíolluisce a fhorbairt lena mbaineann méideanna beaga astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá straitéis maolaithe agus oiriúnaithe aeráide á cur i bhfeidhm againn ar fud an ghnó, atá ailínithe le Plean Oiriúnaithe na hEarnála Uisce faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe.

Tugann ár gclár iarfheistithe fuinnimh tosaíocht do phíblíne tionscadail do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh. Tá beagnach 30 GWh bainte amach leis an gclár i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh go dtí seo.

Dhearbhaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann feabhsú 34.5% ar ár bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh, ó bhonnlíne 2009 go dtí deireadh na bliana 2020. Is ionann é sin agus an fhuinneamh leictreachais atá ag teastáil chun cumhacht a sholáthar do 50,000 teach don bhliain. Táimid fós ar an mbóthar ceart lenár sprioc d’fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 50% a bhaint amach faoin mbliain 2030.

## Inbhuanaitheacht (ar lean)

### Geilleagar Ciorclach

Tá roinnt tionscnamh á gcur chun cinn againn trí straitéis iarmharach na n-ionad cóireála uisce a ghlacfaidh samhail geilleagair chiorclaigh chun bhainistiú a dhéanamh ar shloda, toisc go soláthraíonn siad foinse inbhuanaithe d'ábhar críochta lómhar. Soláthraíonn an sloda rogha eile/ chomhlántach d'amhábhair reatha atá in úsáid. Breathnaímid ar shloda uisce mar acmhainn luachmhar, go háirithe i gcomhthéacs mhúnla an gheilleagair chiorclaigh. Tá an tsamhail seo i gcodarsnacht dhíreach leis an tsamhail líneach reatha 'tóg, déan, ídigh, diúscair', agus líonadh talún mar an críochphointe príomhúil. Tá roinnt roghanna inbhuanaithe féideartha á gcur chun cinn againn. Is é aisghabháil/ athúsáid sloda an rogha inbhuanaithe fhadtéarmach is fearr d'Uisce Éireann. Tá garsprioc thábhachtach bainte amach againn agus beagnach 90% dár sloda uisce ag dul go dtí asraonta geilleagair chiorclaigh.

### An Bhithéagsúlacht

Cuidíonn cur i bhfeidhm ár gcur chuige ísealcharbóin agus ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta linn an comhshaol nádúrtha a chaomhnú, a fheabhsú agus oibriú leis. Táimid ag obair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun coillte dúchasacha a chur ar láithreáin oiriúnacha de chuid Uisce Éireann, agus ar an gcaoi sin bithéagsúlacht dhúchasach a fheabhsú, carbón a cheapadh agus foinsí a chosaint. Is iad seo a leanas seacht bpríomhchuspóir an Phlean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht:

- Bearta ag gach láithreán de chuid Uisce Éireann a fheabhsóidh agus a chosnóidh an bhithéagsúlacht
- Feasacht a mhúscailt agus tacaíochtaí oideachais a sholáthar maidir le bithéagsúlacht.
- "gan glanchaillteanas ar bith" maidir le bithéagsúlachta a chinntiú agus gníomhaíochtaí á gcur i gcrích nó pleananna á seachadadh trasna ár láithreáin.
- Gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm ón bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí.
- Úsáid réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur chun cinn le haghaidh cosaint uisce agus cóireáil fuíolluisce.
- Speicis choimhthíocha ionracha a bhainistiú ar láithreáin Uisce Éireann.
- Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus leis an bpobal i gcoitinne, chun bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.

Táimid tiomanta do d'éiceachórais talún agus uisceacha na hÉireann a chosaint inár ngníomhaíochtaí go léir. Ach oibriú go freagrach, is féidir linn ár gcuid a dhéanamh chun stop a chur le meath bhithéagsúlacht shaibhir na hÉireann agus é a chur ar bhealach chun an téarnaimh.



> ***"Bhaineamar amach feabhsú 34.5% ar ár bhfeidhmiú éifeachtúlachta fuinnimh go dtí seo, agus sinn ag sábháil fuinneamh leictreachais a bheadh in ann cumhacht a sholáthar do 50,000 teach ar feadh bliana.***

## Tionchar Sóisialta

Bainistímid go réamhghníomhach agus aithnímid tionchair ár gcuideachta ar fhostaithe, custaiméirí agus pobail. Táimid meáite ar thioncar dearfach a bheith ag ár gcuideachta ar na pobail ina n-oibrímid. Lean Uisce Éireann de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí láidre agus cláir phobail sa bhliain 2022. Cuireann na cláir sin iompar dearfach chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce agus fuíolluisce i dtithe agus i ngnólachtaí, agus méadaíonn siad feasacht ar cheisteanna a bhaineann le huisce agus na tairbhí a bhaineann le hathruithe simplí dearfacha a dhéanamh.

## Sábháilteacht

I mbliana d'éirigh linn 6,194,108 uair an chloig oibre a chur isteach ón uair ar chaill fostaí am de thoradh ar ghortú i mí na Nollag 2018.Léiríonn sé sin ár dtiomantas don fhís "Obair Shábháilte, Baile Sábháilte" agus na hiarrachtaí a dhéantar chun a chinntiú go gcuirfimid an tsábháilteacht chun tosaigh, a sheachadadh.

Seoladh Fóram Comhoibríoch nua um Soláthar Bonneagair le linn na bliana, agus tháinig príomh-thionchairí sábháilteachta ó Uisce Éireann leis, chomh maith lenár gcomhpháirtithe soláthair sábháilteacht a threorú. Is é an bealach a úsáidtear chun bonneagar a sheachadadh ná-cultúr sábháilteachta atá dearfach agus réamhghníomhach bunaithe ar iompraíocht a chinnteoidh go gcuirfear feidhm leis an seasamh 'Obair Shábháilte, Baile Sábháilte' agus go gcuirfear an tuairim láidir  i bhfeidhm go bhfuil de cheart ag gach duine obair go sábháilte agus filleadh abhaile go sábháilte.

Sa bhliain 2022, leanamar le monatóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht sláinte agus sábháilteachta agus ár dtáscairí treoracha agus moillithe a úsáid chun feidhmiú sábháilteachta amach anseo a phleanáil agus a spreagadh. D'aithníomar 35 teagmhas ardacmhainneachta sa bhliain 2022, rud a d'fhág go rabhthas ag díriú ar shábháilteacht a fheabhsú ar fud an tionscail uisce. Táimid ag tnúth le tionchar níos mó a bheith againn ar an réimse seo le linn 2023 nuair a oibrímid go díreach lenár bhfoireann oibríochta chun eachtraí sláinte agus sábháilteachta a thuairisciú, a fhiosrú agus iad a sheachaint ar deireadh.

## Am chun dreas cainte a dhéanamh

Tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann timpeallacht oibre dearfach a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí agus trínár n-iompraíocht mar dhaoine aonair nó mar phobal chun cabhrú leis an stiogma a bhaineann leis an meabhairshláinte san áit oibre a laghdú. Tugtar tús áite do sláinte agus d'fholláine ár ndaoine. Sa bhliain 2022, leanamar ar aghaidh leis an straitéis meabhairshláinte 'Am chun dreas cainte a dhéanamh' a chur i bhfeidhm, agus tá sé mar aidhm leis an straitéis sin cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil do thionscnaimh meabhairshláinte.

Déantar iarracht léi saineolas agus tuiscint ar an meabhairshláinte agus modhanna féinchúraim a chur chun cinn agus ceangal lenár dtacaíochtaí folláine atá ann cheana a neartú agus chun an luach ar thaithí a roinnt a chur in iúl chun muinín agus iontaoibh a fhorbairt gur rud dearfach agus sábháilte é bheith ag caint faoin meabhairshláinte. Faoi láthair, tá 68 Garchabhróir Meabhairshláinte gníomhach ar fud Uisce Éireann, bhí seastán eolais ag Garchabhróirí Meabhairshláinte ó gach cearn den eagraíocht ag gach lá cuideachta a bhí ag ár gcuideachta i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh chun eolas a chur ar fáil dár gcomhghleacaithe agus an láithreacht a normalú inár n-eagraíocht. Tháinig méadú mór in 2022 ar an méid comhráite faoin ngarchabhair meabhairshláinte, rud a léiríonn obair iontach ár líonra nua de gharchabhróirí meabhairshláinte ar fud na heagraíochta atá ag forbairt muiníne agus iontaoibhe sa chlár.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)

Choinnigh Uisce Éireann go rathúil an deimhniú ISO 45001 dá gcóras bainistíochta sábháilte agus aithníodh é mar cheannaire tionscail agus buaiteoir na catagóire Fóntais ag na Gradaim Shármhaitheasa Sláinte agus Sábháilteachta 2022. Cuireadh ar an ngearrliosta muid don Ghradam 'Grand Prix' Sármhaitheasa Sláinte agus Sábháilteachta.

Tosaíodh próiseas turas sábháilteachta in 2022. Chuaigh príomhpháirtithe leasmhara i bpáirt leis an bhfoireann sláinte agus sábháilteachta chun Fís do Phróiseas Sábháilteachta a bhunú atá ailínithe leis an uaillmhian Obair Shábháilte, Baile Sábháilte nach ndéanann 'ár ngníomhaíochtaí ná ár sócmhainní aon dochar d'aon duine'. Leanfaidh Uisce Éireann de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bhfís "Obair Shábháilte, Baile Sábháilte" agus leis an gcreat don tsamhail oibriúcháin nua le linn 2023.

## Ár nDaoine

Mar fhostóir le breis is 1,200 fostaí, mar aon le thart ar 3,000 ball foirne in Údaráis Áitiúla, aithníonn Uisce Éireann an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht i measc ár lucht saothair.

### iBelong

Sa bhliain 2022, lean an clár iBelong ar aghaidh ag cinntiú go raibh fócas ar an éagsúlacht agus an ionchuimsiú laistigh d'Uisce Éireann. Is éard atá i gceist le iBelong ná an áit oibre a dhéanamh níos éagsúla, níos cuimsithí agus níos cothroime agus a chur ar chumas gach duine an fhírinne fúthu féin a thaispeáint ag an obair. Déanann an Chomhairle Éagsúlachta agus Ionchuimsithe atá comhdhéanta d'ionadaithe ar son na bhfostaithe maoirseacht ar an gclár iBelong.

D'óstáil na grúpaí acmhainní faoi stiúir fostaithe go leor imeachtaí ballraíochta, cruthaíodh naisc idir fostaithe agus bhí plé acu leis na ceannairí chun tionchar a imirt ar Uisce Éireann. I measc na mbuaicphointí a chonacthas sa bhliain 2022, bhí an Beartas Saoire a Mhalartú faoi stiúir an Líonra Eitneachais agus Cultúir. Dearadh é lena chur ar chumas na bhfostaithe iarratas a chur isteach ar a ndátaí ainmnithe Shaoire na Cuideachta um Cháisc agus um Nollaig a athrú go dátaí malartacha a thagann lena ngnásanna agus féilte cultúrtha agus creidimh féin.

Bhí Uisce Éireann ar nós lear mór de chomhlachtaí agus ranna rialtais, mar aon le comhlachtaí leath-stáit agus comhlachtaí priobháideacha mór le rá ina Chomhphairtí Oifigiúil Bhród Bhaile Átha Cliath agus céiliúradh agus tugadh aitheantas do Mí an Bhróid ar fud an chomhlachta. Tá an grúpa oibre Líonra Cumais iBelong sna céimeanna luatha ag breathnú ar conas is féidir timpeallacht oibre níos cuimsithí a chruthú ó dhearcadh cumais agus néara-éagsúlachta.

Tá ár ngealltanas don éagsúlacht agus don chuimsiú mar bhonn faoi chomhlíonadh leanúnach Chairt Éagsúlachta na hÉireann agus Gnó san Fheabhsú Pobail, Gealltanas do Chuimsiú san Áit Oibre.

### Ionadaíocht Inscne

Sa bhliain 2022, d'fhoilsíomar ár gcéad Tuarascáil ar an mBearna Phá idir Fhir na hInscní, atá ar fáil anseo: www.water.ie. Rinneamar roinnt gníomhaíochtaí chomh maith chun sinn a thabhairt níos giorra dár ngealltanas don éagsúlacht agus don chuimsiú trí chothromaíocht inscne a bhaint amach, ar nós samhail oibre cumaisc. Teastaíonn tiomantas agus, níos tábhachtaí fós, gníomh marthanach chun ionad oibre iomlán cuimsitheach ionadaíoch a chruthú. Insíonn ár sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní dúinn go bhfuil tuilleadh oibre fós le déanamh againn maidir le hionadaíocht ban in Uisce Éireann. Is é ár bhfócas as seo amach, ní hamháin mná a spreagadh chun oibriú le hUisce Éireann, ach chomh maith leis sin, leanúint ar aghaidh le cumas ár mban a fheabhsú agus a fhás, agus gníomhíochtaí inbraite agus tomhaiste a dhéanamh chun tacú lenár gcomhghleacaithe agus iad ag dul ar aghaidh ina gcuid gairmeacha. Táimid dírithe chomh maith ar ghnásanna sochaíocha a cheistiú trí oiliúint agus oideachas agus ról gníomhach a bheith againn leis na claontachtaí agus constaicí a bhíonn roimh mná san áit oibre a bhriseadh síos.

### For-rochtain an Tionscail

Leanann Uisce Éireann ar aghaidh le lucht saothair éagsúil a chruthú agus is cuid lárnach de sin infheistíocht a dhéanamh in earcaíocht luathghairme, go háirithe, Earcaíocht Céimithe.

- Tá an glacadh is mó de chéimithe baineanna.
- B'ionann céimithe as tíortha neamh-LEE agus 21% d'iarrthóirí rathúla. Tá sé sin ag méadú bliain ar bhliain.

## Ár gCustaiméirí agus Pobail

### An Taisce Cóstaí Glana

Ó dhearcadh oibríochtúil de, níl an córas fuíolluisce deartha chun déileáil le méideanna móra dramhaíola sláintíochta. Is féidir le míreanna níos lú a sruthlaítear éalú trí scagairí ag ionaid chóireála uisce agus d'fhéadfaidís críochnú suas in aibhneacha agus ar thránna. Is é an cineál dramhaíola sin an tríú catagóir is mó de bhruscar ar an trá agus is féidir leis a bheith contúirteach don fhiadhúlra. Glanann Uisce Éireann beagnach 2,000 bac den ghréasán fuíolluisce gach mí.

Is feachtas feasachta poiblí agus feachtas athraithe iompraíochta náisiúnta é Déan do Mhachnamh sula Sruthlaíonn Tú a chuireann An Taisce ar fáil, i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann, tríd an gclár Cóstaí Glana. Mar chuid den fheachtas, oibrímid go dlúth le cuideachtaí, le scoileanna agus le hollscoileanna chun imeachtaí oideachais a chur ar fáil agus chun dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil.



> ***Aithníodh rath leanúnach na comhpháirtíochta le linn na bliana 2022, nuair a bhuaigh sé an gradam don Urraíocht Gnáthdhaoine is Fearr ag Gradaim Urraíochta na hÉireann mór le rá.***

Sa bhliain 2022, rinneadh roinnt feasacht shaincheaptha ar na meáin shóisialta chun daoine a chur ar an eolas faoin bhfadhb seo i measc lucht féachana níos óige an fheachtais. Áiríodh leis sin an feachtas 'Bris Suas leis an bPlaisteach', rannpháirtíocht sa Seó Áilleachta Amach Anseo agus an Seó Sár-Tí agus an feachtas i mí na Samhna chun Lá Domhanda na Leithreas a cheiliúradh.

Léiríonn taighde margaidh go ndoirteann 40% den phobail saill, ola agus gréisc síos an doirteal. Is gné eile den fheachtas é Déan do Mhachnamh sula nDoirteann Tú, atá tacaithe ag cócairí mór le rá agus tionchairí, chun aird a tharraingt ar thionchair dhiúltacha na rudaí sin ar an gcóras fuíolluisce.

Bhí rath ar na feachtais sin, agus léiríonn siad laghdú 42% ar mhíreanna mí-oiriúnacha a shruthlaítear síos an leithreas agus laghdú 33% ar dhaoine a dhoirteann saill, ola agus gréisc síos an doirteal.

### Urraíocht na Scoileanna Glasa

Is urraíocht thábhachtach d'Uisce Éireann clár na Scoileanna Glasa. Ligeann an clár dúinn infheistíocht a dhéanamh i tacadóirí uisce an lae amárach. Ba í an bhliain acadúil 2021-2022 an naoú bliain a rinne Uisce Éireann urraíocht ar Théama Uisce an chláir. Aithníodh rath leanúnach na comhpháirtíochta le linn na bliana 2022, nuair a bhuaigh sé an gradam don Urraíocht Gnáthdhaoine is Fearr ag Gradaim Urraíochta na hÉireann mór le rá.

San iomlán, ghlac 378,858 scoláire, 31,241 ball foirne agus 843 scoil páirt i dtéama Uisce na bliana seo.

Leanann baill foirne ar fud Uisce Éireann ó líon mór feidhmeanna ag cur le clár na Scoileanna Glasa a osclaíonn bealach díreach dúinn do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, d'innealtóirí, d'eolaithe agus do chumarsáidithe a bheidh ann amach anseo. Tá an deis againn anois iad a mhúineadh faoi uisce – an acmhainn is luachmhaire atá againn – agus ceann ar gá í a chaomhnú, meas a léiriú uirthi, í a chóireáil agus í a chosaint. Tá deis againn tríd an gclár seo chun braistint chosanta uisce a chothú.

Bhí na gníomhaíochtaí bunaithe ar thopaicí tábhachtacha amhail caomhnú agus agus meas a léiriú ar acmhainní uisce, go háirithe screamhuisce.
Bhí ról lárnach ag Uisce Éireann trí ghníomhaíochtaí ar líne na Scoileanna Glasa a mhéadú trínár n-ardáin meán sóisialta.

## Inbhuanaitheacht (ar lean)



Chuir foireann na Scoileanna Glasa, le tacaíocht ó fhoireann Uisce Éireann, seimineáir oiliúna do mhúinteoirí ar fáil, chomh maith le ceardlanna scoile agus oiliúint tiomanta d'Ambasadóirí Uisce, na Siúlóidí bliantúla d'Uisce agus roinnt imeachtaí agus comórtas eile le linn na bliana.

D'éirigh go maith leis an gcomórtas Póstaer Uisce arís i mbliana le breis agus 1,700 iontráil póstaeir agus go leor iontrálacha iontacha cruthaitheacha ar an téama 'Screamhuisce – Ár dTaisce faoi Cheilt'. Chonacthas i mbliana freisin forbairt leanúnach ar chomórtas físe ina raibh go leor iontrálacha iontacha.

Is bealaí tábhachtacha iad na meáin shóisialta do chlár na Scoileanna Glasa. Tá scoileanna, seomraí ranga, múinteoirí agus daltaí níos sine ag éirí níos glóraí agus níos díograisí ar chainéil na meán sóisialta. Cuirtear na tionscnaimh éagsúla Théama Uisce chun cinn go mór ar bhonn rialta trí chuntais éagsúla meán sóisialta na Scoileanna Glasa, lena n-áirítear Twitter, Facebook, Instagram agus YouTube, agus roinneann foireann meán sóisialta Uisce Éireann iad. Cinntíonn an raon leathan ardán meán sóisialta a úsáidtear go bhfuil acmhainní agus faisnéis an Téama Uisce ar fáil agus inrochtana do lucht éisteachta leathan atá ag méadú. Bhí páirt ag Téama Uisce na Scoileanna Glasa ar fud na meán traidisiúnta, lena n-áirítear ar chlár nuachta óige RTÉ, News2Day do Lá Domhanda an Uisce.

Leanann an clár ar aghaidh ag soláthar torthaí láidre d'Uisce Éireann. Le linn na bliana acadúla 2021-2022, bronnadh Brat Glas Uisce ar 74 scoil. Chuidigh taithí agus nuálaíocht fhoirne na Scoileanna Glasa agus Uisce Éireann, chomh maith le toilteanas agus díograis na scoileanna rannpháirteacha, le rathúlacht leanúnach na comhpháirtíochta a bhrú chun cinn.

### Maoirseacht Uisce

De réir an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda, tá rialachas agus bainistiú éifeachtach ar sholáthairtí fionnuisce ar cheann de na dúshláin leasa poiblí is bunúsaí dár ré. Tá sé sin i bhfianaise go bhfuil níos lú ná 1% d'fhionnuisce an domhain ar fáil go réidh lena ól ag an duine agus tá sé méadú 40% tuartha ar an éileamh faoin mbliain 2030. Tá breis agus 1.7 billiún duine ina gcónaí in abhantracha faoi láthair ina sáraíonn úsáid an uisce an t-uisce nua. Tá freagracht orainn acmhainní uisce luachmhara a chaomhnú agus a bhainistiú agus an timpeallacht níos leithne a chosaint.

Tá bearta réamhghníomhacha á ndéanamh ag Uisce Éireann chun cinntiú go bhfuil go leor uisce againn do na glúnta atá le teacht agus go bhfuil ár soláthair sábháilte, slán, iontaofa agus inbhuanaithe trí thacú leis an bpobal gnó trínár gClár Maoirseachta Uisce a bhfuil duaiseanna buaite aige. Cuirimid tacaíocht den scoth ar fáil do chustaiméirí atá ag iarraidh a n-úsáid uisce a laghdú agus a ndintiúir chomhshaoil a neartú trí ghníomhaíocht infhíoraithe. Ligeann an oiliúint ar

líne seo do ghnólachtaí a bheith rannpháirteach ag am a oireann dá sceidil ghnóthach agus cabhróidh sé lena bhfostaithe agus lena gcustaiméirí cinntí comhfhiosacha a dhéanamh maidir le hídiú uisce a rachaidh chun tairbhe na ndaoine agus an dúlra.

Is é an clár nuálach sin an chéad chlár den chineál sin ar domhan. Bronnadh teastas dea-chleachtais idirnáisiúnta ar an gclár agus tá sé creidiúnaithe ag an gCaighdeán Eorpach um Maoirseacht Uisce. Tá an tionscnamh á chur i bhfeidhm le formhuiniú na bpríomhghrúpaí páirtithe leasmhara gnó mar Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, Comhlachais na hÉireann, Origin Green agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Bhí sé indéanta a bhuíochas leis an maoiniú ó Uisce Éireann agus Lean & Green Skillnet le tacaíocht ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus is léiriú soiléir é ar an gcáil atá ag dul i méid agus ar ghníomhaíochtaí ceannaireachta na hÉireann maidir le maoirseacht uisce agus gníomh ar son na haeráide.

Tugann an oiliúint speisialaithe an t-eolas agus an saineolas d'úinéirí gnó chun tomhaltas uisce a laghdú agus costais oibriúcháin a laghdú agus, ag an am céanna, chun an comhshaol a chosaint. Cuidíonn athruithe beaga amhail cur amú uisce ar an láithreán a shainaithint, bunlíne a shocrú d'úsáid uisce, feasacht a ardú i measc na foirne agus na gcustaiméirí nó uasghrádú chuig gléasanna éifeachtúla uisce le huisce agus le hairgead a shábháil.

Cuireadh oiliúint ar bhreis is 600 maor uisce go dtí seo agus tá breis agus 1,500 tionscadal nua caomhnaithe uisce curtha i bhfeidhm ag ár gcustaiméirí gnó mar thoradh ar a bheith ar an gclár - le haiseolas dearfach 100% faighte ó chéimithe.




## Gradam Glas do thionscadal Uisce Éireann chun cóireáil fuíolluisce inbhuanaithe a chur ar fáil do shráidbhaile Chontae Chiarraí

Fuair Uisce Éireann i gcomhar lena bpáirtithe VESI Environmental agus Comhairle Contae Chiarraí Gradam Glas measúil le haghaidh tionscadal nuálach chun cóireáil fuíolluisce ísealfhuinnimh inbhuanaithe a sholáthar don bhaile Leic Snámha i gContae Chiarraí.

Bhuaigh an tionscadal chun Bogaigh Thógtha Chomhtháite do shráidbhaile Chiarraí Thuaidh a fhorbairt an chéad duais sa chatagóir um Theicneolaíocht Ghlas sna gradaim a cheiliúrann gnó glas agus inbhuanaitheacht.

Is córas cóireála fuíolluisce inbhuanaithe agus nádúrtha é Bogaigh Thógtha Chomhtháite (BTCanna) atá deartha le feidhmiú ar nós bogach nádúrtha agus le cuma bogach nádúrtha a bheith orthu. Is bealach neamhdhíobhálach don timpeallacht é chun fuíolluisce a chóireáil, le costais oibríochta agus cothabhála laghdaithe, chomh maith le cruthú bithéagsúlachta, agus ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin á laghdú. Chomh maith lena chinntiú go bhfuil fuíolluisce ón sráidbhaile á chóireáil ar bhealach a chomhlíonann rialacháin doirte fuíolluisce, cuireann an tionscadal luach bithéagsúlachta leis an gceantar trí ghnáthóg a chur ar fáil don fhiadhúlra áitiúil agus é fós íogair ó thaobh an tírdhreacha atá mórthimpeall air.

Ritheann Bogaigh Thógtha Chomhtháite ag thart ar aon deichiú de na costais oibríochta a bhaineann le hionad cóireála fuíolluisce coinbhinsiúnach agus ní chaithfear ceimiceáin a chur leo chun an fuíolluisce a chóireáil. Leas mór eile a bhaineann leis an teicneolaíocht seo ná ceapadh carbóin; thar shaolré an tionscadail seo, beidh a lorg carbóin diúltach, mar beidh an méid ceapadh carbóin i bhfad níos mó ná a bhíodh sa tógáil.


MYSTIC



# Tuairisc Rialachais

# Bord Uisce Éireann



## Tony Keohane (Cathaoirleach)

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 1.5 bliain
**Coistí:** An Coiste Luacha Saothair

**Gairm:**
Iar-chathaoirleach Bord Ervia, alumnas INSEAD, saineolaí i bhforbairt straitéiseach chuideachtaí agus eagraíochtaí, Iar-chathaoirleach Tesco Ireland, POF Tesco Ireland ó mhí Feabhra 2006 go dtí mí Iúil 2013. Ceapacháin Sheachtracha: Cathaoirleach Malone Group, Circol ELT, Scéim Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann agus Seirbhísí Dlí JHL, Bord Sam McCauley Chemists agus an Bhoird Bia, comhairleoir straitéiseach ina chuideachta comhairleachta féin.



## Niall Gleeson (POF)

**Ceapachán:** 6 Lúnasa 2019
**Téarma:** Ann ag an am céanna le ceapachán mar POF Uisce Éireann)
**Coistí:** An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus an Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann

**Gairm:**
Tá taithí innealtóireachta, saineolas gnó, agus taithí ceannasaíochta agus oibre foirne as cuimse aige. Tháinig sé isteach san eagraíocht i mí Lúnasa 2019 ó Shanahan Engineering, áit a raibh an ról mar Stiúrthóir Sinsearach aige, lonnaithe i Hong Cong. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Veolia Ireland. Thóg Veolia Ireland ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce agus déanann sé iad a oibriú faoi láthair thar ceann Uisce Éireann agus cliant eile. Chomh maith leis sin, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Alstom Teoranta, áit a raibh sé freagrach as cothabháil a dhéanamh ar chóras iarnróid éadroim Luas Bhaile Átha Cliath.

Tá céim san innealtóireacht aige ó Institiúid Teicneolaíochta BÁC, Sráid Bolton.



## Liz Joyce

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 2 bhliain
**Coistí:** An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann, an Coiste Luacha Saothair

**Gairm:**
Iar-chomhalta Boird Ervia, róil feidhmiúcháin shinsearacha ag Banc Ceannais na hÉireann, Pioneer Investments, Greenstar Ltd., Diageo agus Concern International roimhe sin. Taithí fhairsing sa rialú, i gceannas ar athruithe agus ag plé le páirtithe leasmhara i dtimpeallachtaí idirnáisiúnta agus casta. Áirítear le ceapacháin sheachtracha Stiúrthóir Neamhspleách le bord Chumann Peile na hÉireann agus róil neamh-fheidhmiúcháin roimhe sin, lena n-áirítear le Aware agus Concern International. Ag cleachtadh mar Oiliúnóir Ceannaireachta/Feidhmiúcháin agus Comhairleoir OD.



## Fred Barry

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 1 bhliain
**Coistí:** An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta, an Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann

**Gairm:**
Iar-chomhalta Boird Ervia agus POF an Údaráis um Bóithre Náisiúnta 2005-2015, Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa roinnt cuideachtaí éagsúla de chuid Jacobs. Áirítear le Ceapacháin Sheachtracha Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair, Stiúrthóir Neamh-fheidhmiúcháin PM Group, Comhalta d'Innealtóirí na hÉireann agus Acadamh Innealtóireachta na hÉireann.



## Cathy Mannion

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 5 bliana
**Coistí:** An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus an Coiste Iniúchóireachta & Riosca

**Gairm:**
Taithí sa rialachán eacnamaíoch mar gheall go mbaineann sé leis an eitlíocht, uisce, leictreachas agus gás. Comhalta reatha an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta; comhairle a chur ar fáil don Choimisiún Eorpach maidir le réimsí a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sheirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra.

Roimhe sin, Coimisinéir um Rialáil Eitlíochta in Éirinn agus Údarás Maoirseachta na hÉireann do rialáil eacnamaíoch sheirbhísí aerloingseoireachta agus d'oibrigh sí sa Choimisiún um Rialáil Fóntais agus freagracht aige as an gcreat rialála eacnamaíoch a bhunú do sheirbhísí uisce agus as beartas margaí fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá BA Mod (Hons) aici san Eacnamaíocht agus Riarachán Gnó ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chomh maith le MBA ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Dioplóma sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

# Bord Uisce Éireann (ar lean)



## Chris Banks

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 1.5 bliain
**Coistí:** An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus an Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann

**Gairm:**
Iar-chomalta Boird Ervia agus stiúrthóir tráchtála ag Scottish Water ó 2002–2014 le linn a thréimhse múnlaitheach agus athrú gnó laistigh d'úinéireacht earnála poiblí. Freagrach as comhpháirtíochtaí um Sheachadadh Sócmhainní Soláthair, bainistíocht fuinnimh, réadmhaoin agus saoráidí, TF, flít, cuideachtaí neamh-rialaithe, foinsí in-athnuaite fuinnimh, conrú agus comhairleoireacht idirnáisiúnta, agus maoirseacht a dhéanamh ar oscailt margaidh le haghaidh comórtas miondíola uisce. Roimhe sin, d'oibrigh sé ar leibhéal boird agus bainistíochta sinsearaí maidir le táirgí tógála, mianraí agus tionscail seolta.

Áirítear le Ceapacháin Sheachtracha Stiúrthóir Neamh-fheidhmiúcháin, Stiúrthóir Tráchtála Eatramhach, agus comhairleoir straitéiseach do líon seirbhísí fóntais, comhairleoireachta agus teicneolaíochta agus cuideachtaí soláthair san uisce, dramhaíl agus earnálacha fuinnimh in-athnuaite.



## Patricia King

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 4 bliana
**Coistí:** An Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann, an Coiste Luacha Saothair

**Gairm:**
Iar-rúnaí Ginearálta ag ICTU agus Iar-leasuachtarán ag SIPTU, agus í ag fónamh mar cheann amháin as dhá Leasuachtarán de chuid na Comhdhála. Agus í ina hoifigeach lánaimseartha le SIPTU ar feadh os cionn 25 bliain, is í an chéad bhean a d'fhóin mar oifigeach náisiúnta an cheardchumainn nuair a ceapadh í mar Leasuachtarán, i mí Bealtaine 2010.

Rinne sí ionadaíocht d'oibrithe i ngach réimse de gheilleagar, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, bhí sí ina príomh-idirbheartaí i gcomhaontuithe Pháirc an Chrócaigh agus Bhóthar Haddington, agus bhí ról lárnach aici in easaontas Irish Ferries (2005/6) agus san idirbheartaíocht i ndiaidh sin lena ndearnadh athchóiriú ar an dlí um cheart fostaíochta agus lenar bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (NERA).

Tá sí ag fónamh faoi láthair mar chomhalta Boird ar an gComhairle Printíseachta, ar an mBord Seirbhísí Cúirte agus ar an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráid agus an Coimisiún Tithíochta.



## Gerry Britchfield

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma:** 3 bliana
**Coistí:** Coiste Iniúchóireachta & Riosca, an Coiste Luacha Saothair

**Gairm:**
Comhalta sinsearach fhoireann feidhmiúcháin CGA Choillte ar feadh 15 bliain ón mbliain 2006 go 2021, lena n-áirítear mar POF gníomhach, POA agus POO. Taithí tráchtála fhairsing, lena n-áirítear san Fhoraoiseacht, Fuinneamh In-athnuaite agus Déantúsaíocht. Bhí ról lárnach aige i gClár um Athrú Chun Feabhais Choillte, agus athrú céime ar threocht na cuideachta a bhí mar thoradh air. Go dtí le déanaí, seirbhísí comhairleacha straitéiseacha agus gnó á gcur ar fáil do chuideachta ilnáisiúnta Éireannach atá faoi úinéireacht phríobháideach.

D'fhóin sé roimhe sin mar Chathaoirleach Bhord Iontaobhaithe Chiste Pinsean neamhspleách Choillte agus mar Stiúrthóir roinnt cuideachtaí agus fochuideachtaí Comhfhiontair Choillte.

Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann, agus tá MBA aige ó OCBÁC.



## Eileen Maher

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma oifige:** 4 bliana
**Coistí:** Coiste Iniúchóireachta & Riosca, an Coiste Luacha Saothair

**Gairm:**
Tá taithí aici mar chomhairleoir agus ceannaire straitéiseach agus tá taithí 30 bliain aici sa tionscal teileachumarsáide, agus mar chomhairleoir neamhspleách le 10 mbliana anuas. Taithí láidir straitéiseach, tráchtála, athraithe chun feabhais, rialála agus dlí.

Stiúrthóir Neamh-fheidhmiúcháin Nama, Cathaoirleach an Choiste Riosca Nama agus comhalta dá Choistí Airgeadais agus Iniúchóireachta, Comhalta den Choiste Comhlíonta Údarás Craolacháin na hÉireann, Cathaoirleach neamhspleách Fhóram Rannpháirtíochta Tionscail ComReg agus an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise, Iar-stiúrthóir Neamh-fheidhmiúcháin Eirgrid agus Stiúrthóir Straitéise agus Gnóthaí Seachtracha le Vodafone Ireland agus freagrach as gach tionscnamh straitéiseach, ar nós tionscadail bonneagair mhóra, idirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhfhiontair tráchtála, comhpháirtíochtaí, agus éadálacha.

Tá Baitsiléir Tráchtála agus Máistir Staidéar Gnó aici ó OG.



## Michael Walsh

**Ceapachán:** 1 Eanáir 2023
**Téarma oifige:** 5 bliana
**Coistí:** An Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus an Coiste Iniúchóireachta & Riosca

**Gairm:**
Tá sé ina stiúrthóir neamh-feidhmiúcháin faoi láthair le AerCap Holdings N.V., an ceannaire tionscail sa léas eitlíochta, atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabharc agus comhalta den Choiste Feidhmiúcháin Iontaobhas cathartha Luimní.

Bhí sé ina stiúrthóir neamh-feidhmiúcháin roimhe sin, lena n-áirítear cathaoirleach roinnt cuideachtaí a mhaoiníonn agus a léasaíonn eitleáin agus traenacha ar fud an domhain. Tá taithí os cionn tríocha bliain aige mar stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin, feidhmiúchán sinsearach agus dlíodóir tráchtála sa tionscal léasaithe agus maoinithe eitleán. D'fhóin sé mar Phríomhoifigeach Dlí Bhord Gáis Éireann ón mbliain 2003 go 2005, agus mar thaidhleoir i Seirbhís Taidhleoireachta na hÉireann ón mbliain 1986 go 1989.

Abhcóide agus céimí dlí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh

# Tuarascáil an Bhoird

## An Ráiteas Rialachais

Cuireann Bord Uisce Éireann ("an Bord") Tuarascáil an Bhoird don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022 i láthair. Corpraíodh Uisce Éireann ("an Cuideachta") i mí Iúil 2013 de bhun an Achta Seirbhísí Uisce 2013.

Sa bhliain 2018, d'fhógair an Rialtas go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas neamhspleách, faoi úinéireacht phoiblí, tráchtála agus rialáilte agus nach mbeadh sé ina fhochuideachta de chuid Ghrúpa Ervia a thuilleadh. Tháinig scaradh oibríochtúil Uisce Éireann i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022.

Achtaíodh an reachtaíocht riachtanach chun Uisce Éireann a scaradh ón Ghrúpa Ervia i mí na Nollaig 2022. Leasaíodh leis an Acht Seirbhísí Uisce (Leasú) 2022 an tAcht Seirbhísí Uisce 2013 chun scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia a éascú agus chun ainm na Cuideachta a athrú ó Irish Water go Uisce Éireann. Le héifeacht ón 01 Eanáir 2023, ní fhochuideachta é Uisce Éireann de chuid Ervia a thuilleadh. Tá socruithe nua scair-úinéireachta i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023 agus na scaireanna in Uisce Éireann i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus iad siúd amháin.

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Bord Uisce Éireann neamh-fheidhmeannach agus tá sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Áirítear le roinnt ceapachán Comhaltaí Boird a bhí mar chomhaltaí Bhord Ervia suas go dtí dáta an scartha dhlíthiúil. Ceapadh comhaltaí Boird Tony Keohane, Chris Banks, Fred Barry agus Liz Joyce, a bhí ar Bhord Ervia suas go dtí an 31 Nollaig 2022, ar Bhord Uisce Éireann, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Suas go dtí dáta an scartha dhlíthiúil, ba bhord Feidhmiúcháin amháin a bhí i mBord Uisce Éireann agus bhí struchtúr boird aonadaigh i bhfeidhm in Ervia, a raibh freagracht aige ar deireadh as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí, lena n-áirítear Uisce Éireann. Tá coistí i bhfeidhm ag leibhéal Ervia Group, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil leis an ngrúpa ina iomláine. Ó dhearcadh rialachais, roimh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, rinneadh maoirseacht ar ghnóthaí Uisce Éireann ag Bord Uisce Éireann agus Bord Ervia.

Déanfar tagairt sa tuarascáil seo do ghníomhaíochtaí agus dualgais Bhord Uisce Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Tá sé de cheanglas ar Uisce Éireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód") a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach a dhéanamh cinnte go ndéantar an Cód a chomhlíonadh, agus is deimhin leis an mBord go bhfuil riachtanais infheidhme an Chóid á gcomhlíonadh ag an gCuideachta i rith na bliana ar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh. De réir fhoráil 1.9 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais arna leagan amach sa Chód, cuireann Uisce Éireann tuarascálacha ar fáil don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") maidir lena ghéilliúlacht don Chód.

Tá Uisce Éireann faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Chun sonraí a fháil faoin bpríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn Uisce Éireann agus a chuid fochuideachtaí agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn don struchtúr corparáideach, féach ar www.water.ie.

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Déanann an Bord a dhearbhú gurb é an Bord atá freagrach as a dhéanamh cinnte de go bhfuil a cuid oibleagáidí ábhartha de réir Alt 225 in Acht na gCuideachtaí 2014 á gcomhlíonadh ag an gCuideachta.

Tá an Bord den tuairim go bhfuil na beartais, struchtúir agus socruithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta oiriúnach chun cur ar chumas na Cuideachta, a hoibleagáidí bainteacha a chomhlíonadh go hábhartha. Tá "oibleagáidí bainteacha" na Cuideachta sainaitheanta sa Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht agus sa Mhaitrís Chomhlíontachta ghaolmhar, ina n-aithnítear na príomhghníomhartha agus seiceálacha nach mór a bheith i bhfeidhm. Tá an Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht seo curtha in iúl do bhainisteoirí sinsearacha uile na Cuideachta chun comhlíonadh leanúnach agus láidir a chinntiú. Rinne an Bord athbhreithniú i lár agus ag deireadh na bliana airgeadais ar na socruithe agus struchtúir a bhí ann don bhliain 2022 chun a chinntiú go raibh an Chuideachta ag comhlíonadh a hoibleagáidí bainteacha go hábhartha.

Próiseas dinimiciúil is ea an comhlíonadh a mbíonn an-chuid beartas agus nósanna imeachta mar chuid de, chomh maith le tiomantas ón mBord agus ón mbainistíocht shinsearach, chomh maith le tacaíocht ó na fostaithe, na conraitheoirí agus na gníomhairí go léir. Is gá na gnéithe sin go léir a bheith ann ionas go mbeidh éifeacht leis an mbeartas.  Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht a chothú ag leibhéal an Bhoird agus ar fud na Cuideachta, ina n-ardófar feasacht ar aidhmeanna an Ráitis Bheartais um Chomhlíontacht, ina léireofar meas air agus ina chuirfear a aidhmeanna chun cinn.

## Ról agus freagrachtaí an Bhoird

Is é an ról atá ag an mBord ceannasaíocht agus treorú a thabhairt don Chuideachta laistigh de chreat rialaithe stuama éifeachtúil, a éascaíonn measúnú agus bainistiú riosca, agus a shásaíonn an Bord, le dearbhú réasúnta, gur leor na rialuithe sin le go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais.

Leagann an Creat Rialachais amach an sceideal foirmiúil gnóthaí atá forchoimeádta do Bhord Uisce Éireann agus áirítear leis faomhadh an méid seo a leanas:

**Sceideal na n-ábhar atá forchoimeádta don Bhord**

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséad bliantúil.
- Pleananna Gnó Ilbhliantúil.
- Gach conradh agus caiteachas dar luach os cionn €20m.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Iniúchóir seachtrach a cheapadh/a bhaint.
- Cúrsaí an chisteáin.
- Leasuithe suntasacha ar an scéim pinsin.
- Téarmaí fostaíochta an lucht bainistíochta sinsearaí.
- Cód Iompair Gnó, Beartas Bainistíochta Riosca Fiontair, Beartas Frithchalaoise, Polasaí um Nochtaí Cosanta agus an Polasaí Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe.

**Áirítear leis na hábhair pléite ag an mBord le linn 2022:**

- Buiséad Bliantúil 2021 a fhaomhadh.
- Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais agus na ráiteas airgeadais eatramhacha neamhiniúchta.
- Plean Gnó agus Airgeadais Uisce Éireann 2022-2026.
- Buiséad Bliantúil 2023 a fhaomhadh.
- Scórchárta Ualaithe 2022.
- Faomhadh buiséad le haghaidh cláir chaipitil agus caiteachas caipitiúil.
- Tuarascálacha athbhreithnithe Iarthionscadail a fhaomhadh.
- Pleanáil punainne agus tosaíocht infheistíochta.
- Nuashonruithe ráithiúla ar shócmhainní criticiúla.
- Nuashonruithe ar an reachtaíocht maidir le Tionscadal Soláthair Uisce agus Astarraingt.
- Seisiún Straitéise.
- Breithniú ar Ráiteas Beartais Chomhlíonta an Stiúrthóra.
- Nuashonrú ar dhualgais Stiúrthóirí.
- An Bunreacht athbhreithnithe a fhaomhadh.
- Nuashonruithe ar Tionscadal 23 - an tionscadal atá ann chun maoirseacht a dhéanamh ar scaradh Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia agus a bhunú mar eintiteas neamhspleách. Áirítear leis na nuashonruithe roghanna deighilte pinsin agus straitéis um scaradh maoine Thionscadal 23.
- Glacadh agus foilsiú Phlean Réigiúnaigh um Acmhainní Uisce do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus Ráiteas gaolmhar maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí.
- Nuashonrú ráithiúil ar an bhfeidhmíocht maidir le sceitheadh uisce a laghdú.

Tuarascáil an bhoird
(ar lean)

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí don Tuarascáil Bhliantúil agus do na Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na cuideachta www.water.ie. Tá an reachtaíocht in Éirinn maidir le ullmhúchán agus scaipeadh Ráitis Airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. Tá cinneadh déanta ag na Stiúrthóirí faoin dlí, na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar atá glactha ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta;
- - a lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar chúiseanna imeachta ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin agus aon tionchar gaolmhar a bhí aige; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go gcoinnítear ar a son iad, ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta na Cuideachta i gceart, agus a ligeann do shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús/caillteanas na Cuideachta a bheith deimhnithe go réasúnta cruinn, agus a chuireann ar chumas na Cuideachta a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus a ligeann do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## An Bord in 2022

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, ba iad Stiúrthóirí na Cuideachta ná Cathal Marley (Cathaoirleach), Niall Gleeson, Eamon Gallen, Yvonne Harris, Brendan Murphy, Dawn O'Driscoll agus Maria O'Dwyer. Comhaltaí Feidhmiúcháin amháin a bhí ar an mBord.

Mar atá luaite thuas, cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tríd an Seirbhís Ceapacháin Poiblí, Bord Uisce Éireann neamh-fheidhmeannach nua agus tháinig sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Féach ar phróifílí ar leathanaigh 56-59 le haghaidh sonraí maidir le comhaltas reatha an Bhoird.

Ceapadh Richard O'Sullivan mar Rúnaí na Cuideachta, le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2022. Chuaigh an t-iar-rúnaí, Laim O' Riordan, ar scor, le héifeacht ón dáta sin.

### Comhdhéanamh, ceapadh agus atoghadh an Bhoird

Sular scar Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, ba é Ervia a bhí freagrach as comhdhéanamh an Bhoird, faoi réir fhaomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. I ndiaidh an scartha, is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta atá freagrach as comhdhéanamh an Bhoird. Déanann an tAire cinntí maidir le ceapachán agus ath-cheapachán comhaltaí Boird de réir Threoirlínte maidir le Ceapachán ar Chomhlachtaí Stáit mar a fhoilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá meascán scileanna agus taithí ag an mBord, agus tá an inniúlacht chuí aige chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

## An Bord in 2022 (ar lean)

### Ionduchtú agus forbairt Stiúrthóirí nua

Nuair a cheaptar iad, faigheann Comhaltaí Boird doiciméid mhionsonraithe faisnéise, chomh maith le heolas rialachais, airgeadais agus oibriúcháin agus an deis faisnéis a fháil ón bhfoireann Feidhmiúcháin maidir le gnéithe éagsúla ghnó na Cuideachta. Tá fáil ag Comhaltaí Boird ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú ar a riachtanais forbartha leanúnacha.

### Neamhspleáchas

Mar atá luaite, sular scar Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, comhaltaí Feidhmiúcháin amháin a bhí ar an mBord agus Comhaltaí Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleách a bhí ar Bhord na máthairchuideachta. Bhí comhaltaí Neamh-fheidhmiúcháin an Bhoird faoi réir rialacha ar neamhspleáchas mar atá leagtha amach i gCód Iompair na Cuideachta agus bhí ar chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bheart a bhreithiúnais neamhspleách a fhógairt, ina gcáil mar Stiúrthóirí agus fostaithe Uisce Éireann.

I ndiaidh an scartha dhlíthiúil, tá 9 gComhalta Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha agus 1 Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord Uisce Éireann anois. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bheart a bhreithiúnais neamhspleách a fhógairt. Is ábhar seasta é ar chlár gach cruinnithe Boird agus Coiste aon choimhlint leasa a fhógairt.

### Luach saothair, costais agus tinreamh na stiúrthóirí

Le linn na bliana 2022, ní raibh Stiúrthóirí Uisce Éireann i dteideal táillí a fháil. Tá luach saothair POF Uisce Éireann leagtha amach don bhliain 2022 i nóta 3 de na ráitis airgeadais. Tá achoimre ar sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird a tharla in 2022 thíos.

| Stiúrthóirí go dtí 31 Nollaig 2022 | Tinreamh cruinnithe (i láthair/incháilithe) | Táillí mar Stiúrthóir Uisce Éireann don bhliain 2022 | Speansais mar Stiúrthóir Uisce Éireann 2022 |
|---|---|---|---|
| Cathal Marley (Cathaoirleach) | 16/16 | Nialas | Nialas |
| Eamon Gallen | 16/16 | Nialas | Nialas |
| Niall Gleeson | 16/16 | Nialas | Nialas |
| Yvonne Harris | 14/16 | Nialas | Nialas |
| Brendan Murphy | 14/16 | Nialas | Nialas |
| Dawn O'Driscoll | 15/16 | Nialas | Nialas |
| Maria O'Dwyer | 16/16 | Nialas | Nialas |

Tá na comhaltaí Boird Neamh-Fheidhmiúcháin Neamhspleách a ceapadh le déanaí i dteideal táillí a fháil, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, ar scála mar a chinnfidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### Coistí boird

Roimh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ervia, ó dhearcadh rialachais, rinne Bord Uisce Éireann agus Bord Ervia agus ag na coistí a bunaíodh ar leibhéal an Ghrúpa Ervia maoirseacht ar ghnóthaí Uisce Éireann.

Le linn 2022, bhí coistí cuí i bhfeidhm ag Ervia agus ghníomhaigh siad maidir le Grúpa Ervia go léir. Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, tugadh cuidiú do Bhord Ervia a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh trí róil agus freagrachtaí áirithe a tharmligean do na coistí seo a leanas: an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Infheistíochta/ Bonneagair, an Coiste Luach Saothair agus an Coiste um Thionscadal 23.

Chabhraigh na Coistí le Bord Ervia trí bhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna gnó, oibriúcháin, agus airgeadais do Ghrúpa Ervia ina iomláine. Tá tuairisc ó Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le fáil ar leathanach 72. Bhuail Coiste Luach Saothair Ervia le chéile 7 n-uaire linn na bliana 2022 agus bhí sé de chúram air scórchártaí cothroma agus feidhmiú Uisce Éireann a mheas. Bhuail Coiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia le chéile 11 uair le linn na bliana agus bhí sé de chúram air tionscadail chaipitil agus straitéisí gaolmhara a mheas. Bhuail an Coiste um Thionscadal 23 Ervia le chéile 5 huaire le linn na bliana agus bhí sé de chúram air na hábhair a mheas maidir le scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia. I ndiaidh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, bhunaigh an Bord 4 Choiste Boird; an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta, Coiste Cláir um Athrú Chun Feabhais Uisce Éireann agus an Coiste Luach Saothair.

Tuarascáil an bhoird (ar lean)

## An Bord in 2022 (ar lean)

### Éifeachtúlacht an bhoird

Tá cothromaíocht chuí scileanna, taithí agus eolais ag an mBord ar an gCuideachta le gur féidir leis a chuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá sé mór go leor le déanamh cinnte gur féidir leas a bhaint mar is cuí as an gcothromaíocht scileanna agus an taithí sin agus gur féidir athruithe ar bhallraíocht an Bhoird a láimhseáil gan cur isteach iomarcach a chruthú.

### Caidreamh le scairshealbhóirí

Roimh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, bhí scair 'A' amháin ag Ervia sa Chuideachta. Bhí 325 scair 'B' i seilbh an Aire Airgeadais agus i seilbh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. I ndiaidh achtú an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, cuireadh na scaireanna sin ar ceal. Gnáthscair amháin de €1.00 a eisíodh chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus 99 gnáthscair de €1.00 chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá comhairliúchán gníomhach agus leanúnach ag dul ar aghaidh idir Uisce Éireann agus a máthair-Roinn, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO).

## Nochtaí éilithe ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil Uisce Éireann tar éis riachtanais an Chóid a chomhlíonadh. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### Anailís ar shochair fostaithe

Tá sonraí maidir le líon na bhfostaithe a bhfuil sochair iomlána fostaithe acu (gan costais phinsin an fhostóra agus sochair fhoirceanta san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banda de €25,000 ó €50,000 ar aghaidh leagtha amach thíos.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | **468** | 316 |
| €75,001-€100,000 | **274** | 185 |
| €100,001-€125,000 | **171** | 124 |
| €125,001-€150,000 | **44** | 28 |
| €150,001-€175,000 | **28** | 13 |
| €175,000 agus os a chionn | **28** | 11 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

I ndiaidh fhógra an Rialtais gur scar Uisce Éireann ó Ervia agus go bhfuil sé ina fhóntas neamhspleách, rialaithe, faoi úinéireacht phoiblí anois; rinneadh clár oibre suntasach sa bhliain 2021 chun scaradh oibríochtúil a bhaint amach ó Eanáir 2022. D'athraigh 355 fostaí ó Ervia go hUisce Éireann agus tá níos mó fostaithe sa dá chuideachta thar gach uile raon anois mar thoradh air sin.

### Costais sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairloireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Is mar seo a leanas a dhéantar costais sainchomhairleoireachta a shainmhíniú: ceapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas in údarás conraitheoireachta agus é sin ar feadh tréimhse theoranta ama chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú.

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **59** | 165 |
| Comhairle airgeadais | **399** | 170 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | **3** | 0 |
| Acmhainní Daonna | **435** | 88 |
| Feabhsú/ athrú gnó | **695** | 195 |
| Innealtóireacht | **109** | 156 |
| Eile | **311** | 182 |
| **Iomlán** | **2,012** | 957 |
| | | |
| Comhairleacht caipitlithe | **148** | 96 |
| Ráiteas ioncaim | **1,864** | 861 |
| **Iomlán** | **2,012** | 957 |

## Costais dlí agus socraíochtaí dlí

Tá miondealú sa tábla thíos de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus teagmhais réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí toisc go n-áirítear é sna costais chomhairliúcháin thuas.

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí & costais dhlíthiúla | **1,034** | 1,758 |
| Socraíochtaí | **1,855** | 1,962 |
| **Iomlán** | **2,889** | 3,720 |
| Líon na gcásanna dlí | **47** | 46 |

Nóta 1: Ní chuirtear san áireamh sa nóta nochta seo íocaíochtaí a rinneadh tar éis éileamh faoi pholasaithe árachais a ghlac Uisce Éireann.

Nóta 2: Baineann an líon cásanna le cásanna ar chuir Uisce Éireann féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tógadh ina aghaidh seachas teagmhais árachais.

## Caiteachas taistil agus cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| *Intíre* | | |
| - Bord | **-** | - |
| - Fostaithe | **1,669** | 478 |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| - Bord | **-** | - |
| - Fostaithe | **13** | 1 |
| **Iomlán** | **1,682** | 479 |

B'ionann an caiteachas taistil agus cothaithe a bhí ag Stiúrthóirí Uisce Éireann sa bhliain 2022 agus €nialas (2021: €nialas). Meastar gur tabhaíodh caiteachas taistil agus cothaithe Stiúrthóirí Uisce Éireann agus iad ag feidhmiú ina gcáil mar fhostaithe.

## Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **49** | 2 |
| Fáilteachas na gcliant | **5** | - |
| **Iomlán** | **54** | 2 |

Ón scaradh oibríochtúil an 1 Eanáir 2022, tabhaíonn Uisce Éireann gach costas fáilteachais go díreach. Sa bhliain 2021 agus blianta roimhe sin, thabhaigh Ervia imeachtaí sóisialta ar fud an ghrúpa, agus mar sin, cuireadh san áireamh iad i nochtaí Chód Cleachtais thuarascáil bhliantúil Ghrúpa Ervia.

# Trédhearcacht

Is eagraíocht oscailte é Uisce Éireann a bhfuil d'aidhm aige a bheith cuntasach agus trédhearcach don phobal. Tá Uisce Éireann tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir le conas a fheidhmíonn an eagraíocht agus maidir leis an ról atá againn ó thaobh soláthair bhonneagair agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann.

## Nochtaí cosanta agus ábhair imní a ardú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Uisce Éireann í a úsáid chun cúiseanna imní a chur in iúl, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, agus tá an mheicníocht sin sonraithe i mBeartas um Nochtaí Cosanta. Tá tuilleadh treorach do bhainisteoirí agus d'fhostaithe, maidir le cúiseanna imní a chur in iúl leagtha amach i gCód Iompair Ghnó, Beartas Frithchalaoise agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe. De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, éilítear ar Uisce Éireann Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht. I gcomhréir leis an éileamh sin, dearbhaíonn Uisce Éireann nach raibh aon nochtadh cosanta le tuairisciú sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## Brústocaireacht a rialáil

Tá Uisce Éireann cláraithe ar an gclár brústocaireachta arna choimeád ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. I gcomhréir leis na ceanglais atá san Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, rinneadh na tuairisceáin riachtanacha do thréimhsí na dtuairisceán in 2022.

## Tuarascáil an bhoird (ar lean)

# Trédhearcacht (ar lean)

### Íocaíochtaí prasa

Tá beartas i bhfeidhm laistigh den Chuideachta chun comhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012-2016 a chinntiú. Shínigh an Chuideachta an Cód um Íocaíocht Phras a sheol an Rialtas in 2015 agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus spreagadh a thabhairt do ghlacadh an chóid ag soláthraithe laistigh dá slabhraí soláthair féin.

### Saoráil faisnéise

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ("an tAcht um SF"). Ullmhaíodh agus foilsíodh an Scéim Foilsitheoireachta Eiseamláireach i gcomhréir le ceanglais Alt 8 den Acht um SF. Is féidir rochtain a fháil ar an scéim trí shuíomh gréasáin na Cuideachta www.water.ie.

Faoin scéim, foilsíonn an Chuideachta a oiread faisnéise agus is féidir go rialta agus ar bhealach oscailte inrochtana lasmuigh de SF, agus prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta á gcur san áireamh.

### Cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus cuimsiú

Leagtha amach ar leathanach 50, tá forléargas ar ghealltanas na Cuideachta maidir le cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus cuimsiú le linn 2022

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

### Raon Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air faoi Alt 1.9 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, lena chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánach a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú.

### Scaradh Dlíthiúil

Thosaigh scaradh oibríochtúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia ar an 1 Eanáir 2022, rud a raibh sé de thoradh air gur aistríodh na seirbhísí láraithe arna gcur ar fáil ag Ervia d'Uisce Éireann ionas gur féidir leis an gCuideachta oibriú go neamhspleách ó Ghrúpa Ervia chomh maith agus is féidir faoin gcreat dlíthiúil a bhí i bhfeidhm ag an am. D'éascaigh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022 scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia an 1 Eanáir 2023.

Le linn na tréimhse scartha oibríochtúil, coinníodh na struchtúir oibríochtúla nua in Uisce Éireann faoi réir rialachas foriomlán Bhord Ervia. Ó dhearcadh rialachais, rinne Bord Uisce Éireann agus Bord Ervia maoirseacht ar ghnóthaí Uisce Éireann le linn 2022.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí neamhrialtachtaí ábhartha nó go stoptar iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Uisce Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

### Bainistíocht Riosca

Tá dualgas ar fhostaithe uile Uisce Éireann as bainistiú éifeachtach riosca a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear córais rialaithe inmheánacha Uisce Éireann a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an feidhmeannach cuntasach a bhfuil an fhreagracht deiridh air. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire a tharmligean ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus a dtuarascálacha maidir le bainistiú riosca agus le cinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha ag feidhmiú go héifeachtúil.

### Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Cinntíonn an Bord go bhfuil córais chuí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gCuideachta trí úsáid a bhaint as na struchtúir agus na córais seo a leanas:

#### Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Le linn 2022, suas go dtí dáta scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, bhí struchtúr boird aonadaigh i bhfeidhm in Ervia, a raibh freagracht air ar deireadh as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí, lena n-áirítear Uisce Éireann. Bhíodh Coistí i bhfeidhm ar leibhéal Ghrúpa Ervia, lena n-áirítear Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ghrúpa Ervia ag feidhmiú i ndáil leis an ngrúpa ina iomláine. Sholáthair Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Ghrúpa forléargas riachtanach ar riosca agus timpeallacht rialaithe Uisce Éireann le linn 2022, thar ceann Bhord Ervia.

I ndiaidh an scartha dhlíthiúil, bhunaigh Uisce Éireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an "CIR") ar a bhfuil 4 chomhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Uisce Éireann agus tá sé freagrach as cuidiú a thabhairt do Bhord Uisce Éireann lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mar a bhaineann siad leis an réimse seo. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú

substainteach ar Phrionsabail Riosca Uisce Éireann, arna ullmhú ag na bainisteoirí, a chinntíonn maoirseacht ar na príomhrioscaí agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht fhreagraí na mbainisteoirí do na neamhchosaintí príomhriosca is mó a gcaithfidh an Chuideachta dul i ngleic leo. Chomh maith leis sin, déanann an CIR athbhreithniú ar shláine iomlán an chórais bainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeacht na bhfeidhmeanna Riosca agus Iniúchta Inmheánaigh.

### Samhail Trí Líne

Oibríonn Uisce Éireann creat ráthaíochta comhtháite a chomhdhlúthaíonn agus chomhordaíonn creat an Fhóraim Ráthaíochta Chomhtháite, ar bhealach struchtúrach, na gníomhaíochtaí árachais ar fad san eagraíocht ar fud na samhla "Trí Líne Cosanta". Déantar cinnte leis sin go ndéanann Uisce Éireann maoirseacht agus rialú maidir le riosca, ráthaíocht agus rialachas a uasmhéadú, chun teacht aniar eagraíochtúil a neartú agus leanann sé an dea-chleachtas chun chun tacú le hoibleagáidí maidir le comhlíonadh agus ceanglais rialachais.

### Bainistíocht Riosca

Tá feidhm Bainistíochta Riosca neadaithe ag Uisce Éireann chomh maith, atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm creata Bainistíochta Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil taithí agus scileanna bainistíochta riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud Uisce Éireann. Bíonn Ceannasaí Bainistíochta Riosca Fiontair ag obair faoin Stiúrthóir Straitéise agus Rialacháin agus freastalaíonn sé/sí ar gach cruinniú CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinniú ráithiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca Uisce Éireann, faoi chathaoirleacht Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Déanann an feidhmeannas Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- Cinntíonn sé go bhfuil próiseas 4 chéim Bainistíochta Riosca Fiontair agus maoirseacht leordhóthanach chomhsheasmhach i bhfeidhm chun sainiú, tomhas, bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí ar a bhfuil Uisce Éireann neamhchosanta.
- Cinntíonn sé go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Uisce Éireann lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ag éirí níos coitianta agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach féidearthacht bheag go dtarlóidís, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta nó na straitéisí cuí maolaithe agus an éifeacht a bhíonn leo.
- Daingníonn sé cultúr oiriúnach bainistíocht riosca.

Le linn 2022, mheas Bord Ervia inghlacthacht riosca d'Uisce Éireann mar chuid dá sheisiún straitéis a leagadh amach.

### Fóram Ráthaíochta Comhtháite

Bhunaigh Uisce Éireann an Fóram Ráthaíochta Comhtháite (FRC) agus na próisis tacaíochtaí a thuairiscíonn don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tagann an FRC le chéile gach ráithe chun measúnuithe éifeachtúlachta rialaithe a mheas ar fud na cuideachta agus lena dheimhniú go gcomhordaítear gach gníomhaíocht ráthaíochta agus síniú riachtanach, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Críochnaíonn sé sin leis an FRC, ag deireadh na bliana, a sholáthraíonn dearbhú don Bhord maidir le héifeachtacht na rialuithe. Tugann próiseas an FRC, chomh maith le roinnt mhaith gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud Uisce Éireann, tacaíocht don Bhord Ráiteas Chóras na Rialuithe Inmheánacha a shíniú, ag tabhairt aghaidh ar fhreagracht an Bhoird faoin gCód lena chinntiú go ndéanfar córais éifeachtacha rialaithe inmheánacha a choinneáil ar bun agus a oibriú.

Déanann an Fóram Ráthaíochta Chomhtháite an méid seo a leanas go háirithe:

- Féinmheasúnú ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha a mheas ó gach Stiúrthóireacht.
- Faigheann sé tuairisciú ar mhonatóireacht neamhspleách leanúnach ar rialuithe.
- A chinntiú go bhfuil pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun moladh ar bith atá ag teastáil a chur i bhfeidhm.

### Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh seanbhunaithe in Uisce Éireann, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR d'Uisce Éireann. Tuairiscíonn Ceann Iniúchta Inmheánaigh díreach don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais.

Déanann feidhm an iniúchta inmheánaigh cur chuige córasach smachtaithe a chur ar fáil le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach Uisce Éireann a mheas agus a fheabhsú.

Go háirithe, déanann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Neamhchosaint riosca a mheas faoi mar a bhaineann sin le cuspóirí straitéiseacha Uisce Éireann a bhaint amach.
- Na córais a mheas a bunaíodh lena chinntiú go ndéanfar beartais, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh.
- Slite le sócmhainní a chosaint a mheas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil faoi mar is cuí a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú.

## Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Chomh maith leis na struchtúir is tábhachtaí a luaitear thuas, dearbhaíonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun in Uisce Éireann, agus tá na gnéithe seo a leanas ann:

- Freagracht ar bhainistíocht ar gach leibhéal Uisce Éireann as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca ar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach;

## Tuarascáil an bhoird (ar lean)

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

- Creat Rialachais Chorparáidigh, lena n-áirítear rialú airgeadais agus measúnú riosca. Is iad na bainisteoirí in Uisce Éireann agus na feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh agus Bainistíochta Riosca a dhéanann monatóireacht ai sin;
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Uisce Éireann.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadail mhóra caipitiúla, agus déanann Coiste Infheistíochta/ Bonneagair agus Inbhuanaitheachta dlúthmhonatóireacht orthu;
- Próisis bhunaithe chun cineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i ndán d'Uisce Éireann a aithint agus a mheas, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann Uisce Éireann a bheith inghlactha. An chosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh a mheas ar cheann de na próisis eile atá ann le rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas, agus measúnú a dhéanamh ar chumas Uisce Éireann aon riosca a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí bainteacha;
- Coinníonn gach feidhm gnó liosta cuimsitheach de phríomh-rialuithe, agus déantar measúnú orthu ar bhonn ráithiúil agus cuirtear pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm de réir mar is gá;
- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath;
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil agus réamhaisnéisí ráithiúla a ndéantar athbhreithniú orthu agus a aontaíonn Bord Uisce Éireann;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais;
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí;
- Polasaithe inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. Ar na polasaithe sin, tá: an Cód Iompair, an Polasaí Frith-Chalaoise, an Polasaí Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Polasaí chun Stocaireacht a Rialú agus an Polasaí um Nochtaí Cosanta;
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn beartas frithchalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois;
- Athbhreithniú córasach ar rialúcháin inmheánacha airgeadais agus oibríochtúla ag an mBainistíocht Iniúchta Inmheánaigh agus Riosca. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca;
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú leathan riosca, déantar athbhreithniú ar oibriúchán agus éifeachtúlacht na mbeartas agus na bpróiseas is tábhachtaí, déantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach, tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, agus tacaíonn gníomhaíochtaí ráthaíochta agus de chuid Riosca, Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh leis sin.

Níor cuireadh béim ar aon saincheist ábhartha inár dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh le linn 2022.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Uisce Éireann d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíochta riosca. Tá an Bord sásta go n-oireann an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm don ghnó.

Maidir leis an monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le hUisce Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na bhfostaithe laistigh d'Uisce Éireann atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh agus obair FRC. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair Ráthaíochta Comhtháite, ar an bhfeidhm Bainistíochta Riosca agus Iniúchta Inmheánaigh agus ar na ráitis a dhéanann na hIniúchóirí Seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh mar is cuí agus do bhainistíocht agus do Bhord Uisce Éireann, nuair is cuí, go pras.

### Caiteachas Caipitil agus Oibríochtúil

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Tá dul chun cinn le déanamh i roinnt réimsí ar leith chun próisis a neartú tuilleadh agus creat a chur ar fáil d'infheistíocht agus caiteachas a cheadú a chomhlíonann riachtanais CCP. Chuir Treoirlínte Earnáilsonracha na Seirbhísí Uisce, a chuir RTRÁO cuireadh i gcrích i mí Iúil 2022, soiléireacht ar fáil ar conas a théann riachtanais áirithe an CCP i bhfeidhm ar Uisce Éireann. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte sin le linn 2022. Mar atá luaite thuas, leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh dul chun cinn a dhéanamh ar chlár sa bhliain 2023 chun próisis a neartú tuilleadh sa réimse sin.

Tugtar sonraí i bPolasaí Soláthair (PD02) faoi na nósanna imeachta a leanfaidh Uisce Éireann chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Mar gheall ar chur i bhfeidhm PD02, déantar cinnte go gcloítear le dlíthe AE agus na hÉireann a bhaineann leis an soláthar poiblí, go

mbainistítear próisis tairisceana go cuí agus go gcoinnítear ar bun rialachas agus maoirseacht bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud na Cuideachta.

Sa Pholasaí maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochtúil in Uisce Éireann. Ní mór do gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí le ceanglais an Chreata Rialachais (a leagann amach sceideal foirmiúil na n-ábhar atá forchoimeádta do Bhord Uisce Éireann) agus PD03.

Tá an Polasaí maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí ailínithe leis na prionsabail, lena n-áirítear na critéir luach ar airgead sa Chód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe. Le linn 2022, bhí Uisce Éireann faoi réir na gceanglas rialachais atá leagtha amach in PD02 agus PD03 do Ghrúpa Ervia. Nuair a rinneadh an scaradh dlíthiúil, rinneadh PD02 agus PD03 a athbhreithniú agus a uasdátú lena chinntiú gur léirigh an dá pholasaí na struchtúir chuí laistigh d'Uisce Éireann agus tá siad i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023.

Ní mór meas a thabhairt sa chaiteachas caipitil uile ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, agus ní mór dóibh cloí le haon cheanglais a fhéadfaidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a shocrú, ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus le pleanáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Úsáidtear modhanna measúnaithe airgeadais agus eacnamaíocha oiriúnacha de réir mar is gá de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí maidir le tionscadail agus cláir chaipitil chun cinnteoireacht éifeachtach a éascú. Déantar tionscadail agus cláir chaipitil a mheas agus a chur ar fáil agus próiseas faofa 5 chéim in úsáid, agus iad ailínithe le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí agus leis na Treoirlínte Earnáilsonracha.

Feidhmíonn próiseas ceangaltas caipitil Uisce Éireann ar an mbonn seo a leanas: déanann an chuideachta cead cuí a lorg ón Aire roimh ré as imchlúdach foriomlán na gceangaltas caipitil a dhéanfar sa chéad bhliain airgeadais eile. Ar leithligh, iarrann Uisce Éireann ceadanna ón Aire sula ndéanfaidh sé aon cheangaltas d'aon tionscadal aonair caipitil a bhfuil costas €50m nó os a chionn ag baint leis. Cuirtear ceadanna am Aire faoi bhráid na máthair-Roinne (RTRÁO) agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. I gcomhthráth le cur isteach na gceadanna ón Aire chuig RTRÁO, cuirtear na ceadanna ón Aire isteach chuig NewERA a chuireann comhairle airgeadais agus tráchtála a bhaineann go sainiúil le tionscadal ar RTRÁO, sula gceadaíonn RTRÁO cead ón Aire.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí ar luach níos mó ná €1m, faoi bhráid an Choiste um Cheadú Caiteachais (EAC), lena n-áirítear a fhochoistí, le haghaidh athbhreithniú agus faomhadh mionsonraithe. De réir Struchtúr Rialachais Ghrúpa Ervia a bhí i bhfeidhm le linn 2022, roimh dháta scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ervia, bhí faomhadh Bhord Uisce Éireann agus Bhord Ervia ag teastáil i leith caiteachas caipitil os cionn €10m. Ó Eanáir 2023, tá faomhadh ó Bhord Uisce Éireann ag teastáil i leith gach caiteachais caipitil bonneagair os cionn €20m.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas na dtionscadal agus na gclár caipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, leis na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus difríochta faoi bhráid an Bhoird chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. I measc na dtairiscintí agus na gconarthaí ina dhiaidh sin tá dianriachtanas seachadta chomh maith le príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn an chonartha. Cuirtear athbhreithnithe iarthionscadail agus tuarascálacha deiridh airgeadais faoi bhráid an Choiste um Cheadú Caiteachais, an Coiste Infheistíochta, Bonneagair agus Inbhuanaitheachta agus Bord Uisce Éireann lena measúnú, ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir. Roimh an scaradh dlíthiúil, phléigh Coiste Infheistíochta, Bonneagair Ghrúpa Ervia agus Bord Ervia na hathbhreithnithe iarthionscadail agus tuarascálacha deiridh airgeadais do thionscadail chaipitil.

I ndiaidh an scartha dhlíthiúil, bhunaigh Uisce Éireann an Coiste Infheistíochta/ Bonneagair agus Inbhuanaitheachta a chomhlíonann na freagrachtaí a bhíodh á gcomhlíonadh ag Coiste Infheistíochta, Bonneagair Ghrúpa Ervia thar ceann Uisce Éireann amháin.

Éascaíonn cruinnithe clabhsúir tionscadail agus athbhreithnithe ar chláir bliantúla cur chuige 'príomhcheachtanna a foghlaimíodh' a mheastar, a rianaítear agus a chuirtear i bhfeidhm ansin mar chuid de thionscadail reatha agus tionscadail amach anseo ar fud na heagraíochta de réir mar is cuí.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag Uisce Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha go dtí dáta ceadaithe na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bainistíochta riosca do 2022, agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú mar sin le linn 2023. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú mionsonraithe, agus seoladh tuairisc ar na torthaí chuig an mBord.

## Tuairisciú ar Rialú Inmheánach

I rith 2022, lean Uisce Éireann ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus na nósanna imeachta riachtanacha chun rialuithe inmheánacha láidre a chinntiú trí bheartais agus creat rialaithe inmheánaigh Ervia a chur i bhfeidhm.

## Tuarascáil an bhoird (ar lean)

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar lean)

Leanann Uisce Éireann air ag bainistiú bonneagair atá ag dul in aois, lena n-áirítear líon mór sócmhainní a dteastaíonn infheistíocht shuntasach uathu.

Le linn 2022, d'oibrigh Uisce Éireann lena chomhpháirtithe Údaráis Áitiúla faoi Chomhaontuithe Seirbhíse chun seirbhísí uisce a sholáthar. Mar sin, mar chuid dá chreat rialaithe in 2022, ba cheart a thabhairt faoi deara gur lean Uisce Éireann de bheith ag brath ar raon rialuithe a fheidhmíonn Údaráis Áitiúla thar a cheann. Leantar d'fhorbairt a dhéanamh ar na rialuithe sin agus ar na próisis agus na nósanna imeachta gaolmhara.

Leanadh le dul chun cinn i rith 2022 ar phleananna chun seirbhísí uisce poiblí a bhunathrú go dtí fóntas poiblí aonair nua-aimseartha. Le linn na bliana 2022, faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, chuathas i dteagmháil le roinnt páirtithe, lena n-áirítear Uisce Éireann, lucht bainistíochta Údarás Áitiúil, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ceardchumainn éagsúla a dhéanann ionadaíocht do bhaill foirne Sheirbhísí Uisce Údaráis Áitiúil agus bhí foilsiú an Chreata um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí le RTRÁO mar thoradh air ar an 24 Meitheamh 2022. Leagann an Creat amach conair leathan do chomhtháthú iomlán na seirbhísí uisce náisiúnta agus foireann seirbhísí uisce an Údaráis Áitiúil a aistriú go deonach go hUisce Éireann. Faoin gCreat, glacfaidh Uisce Éireann bainistíocht dhíreach ar gach ball foirne seirbhísí uisce le linn 2023, ag comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla. Rinne Uisce Éireann dul chun cinn suntasach chun an mhian atá leagtha amach sa Chreat a sholáthar. Tá an clár sin ina phríomhthosaíocht straitéiseach don chuideachta ina hiomláine agus feabhsóidh sé go bunúsach an bealach a soláthraítear seirbhísí uisce ar bhonn caighdeánach, leanúnach ar fud na tíre dár gcustaiméirí ar fad, ag cinntiú go dtuigfear na tairbhí a bhaineann le comhtháthú iomlán gach seirbhíse uisce mar chuid d'Uisce Éireann chomh luath agus chomh héifeachtach agus is féidir.

# Conclúid

### Príomhghníomhaíochtaí agus forléargas Cuideachta

Cuirtear na príomhghníomhaíochtaí agus forbhreathnú ar an gCuideachta ar fáil in athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar leathanaigh 6-8.

### Torthaí don bhliain

Tá torthaí na bliana airgeadais leagtha amach san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 32-36. Is é treoir bheartais an scairshealbhóra nár chóir d'Uisce Éireann díbhinn a íoc; ina ionad sin, ba chóir aon bharrachas óna oibríochtaí a ath-infheistiú sa bhonneagar uisce.

### Athbhreithniú gnó agus forbairtí sa todhchaí

Tá tráchtaireacht ar fheidhmíocht sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, lena n-áirítear faisnéis ar fhorbairtí amach anseo, san Athbhreithniú Oibriúcháin ar leathanach 39.

### Taifid chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh maidir leis an oibleagáid atá orthu, leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil agus pearsanra cuntasaíochta a fhostú chuige sin a bhfuil an saineolas cuí aige, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta ag Áras Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1.

### Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Chuideachta aon síntiús polaitiúil i gcaitheamh na bliana airgeadais (2021: Nialas).

### Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar roinnt mhaith rioscaí mar gheall ar chastacht rialaithe agus oibriúcháin ár ngnó. Má bhíonn tuiscint againn ar na rioscaí agus na deiseanna féideartha, beidh an Chuideachta in ann cinntí eolasacha a dhéanamh, agus luach breise a bhaint amach dár gcuid páirtithe leasmhara dá bharr. Pléitear achoimre ar na príomhrioscaí atá roimh an gCuideachta sa Tuarascáil ar Bhainistiú Riosca ar leathanaigh 24-31. Féach ar nóta 21 le haghaidh anailís iomlán ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

### Taighde agus forbairt

Tá Uisce Éireann páirteach faoi láthair i roinnt tionscadal tionscnaimh, lena n-áirítear:

- Stáisiúin cóireála fuíolluisce atá ann cheana a chur chun cinn trí shloda gráinneach aeróbach a chur leo.
- Forbairt giolcarnaí cóireála sloda píolótacha le húsáid chun sloda uisce a bhfuil Sulfáit Alúmanaim ann a chóireáil agus a dhí-uisciú.
- Táirgeadh agus feidhmíochtaí Kaumera.
- Athcheangal custaiméirí.
- Uiscígh ghláracha mar fhoinse uisce agus teicneolaíocht cóireála uisce fhéideartha.

Faightear maoiniú le haghaidh na dtionscadal seo ón gCiste um Nuáil i Seirbhísí Uisce, arna riar ag an gCoimisiún um Rialú Fóntas, agus rachaidh na tionscadail seo chun tairbhe ár gcustaiméirí, an chomhshaoil agus an gheilleagair.

### Príomhtháscairí feidhmíochta

Déanann na Stiúrthóirí monatóireacht ar fheidhmíocht trí leas a bhaint as sraith príomhtháscairí feidhmíochta. Déantar plé orthu sin go mionsonraithe ar leathanaigh 17 -19.

## Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a gcuid Leasanna

Ní raibh leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí aon uair le linn na bliana airgeadais ná ar an 31 Nollaig 2022. Maidir le Stiúrthóirí, níl aon chaidrimh ghnó nó eile acu a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu, nó a d'fhéadfadh gur chosúil go mbeadh tionchar acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

Nochtann Stiúrthóirí aon leas agus, de réir mar a éilíonn an Cód, ní bhíonn siad páirteach in aon phlé ná cinnteoireacht de chuid an Bhoird áit a bhfuil coinbhleacht ann nó áit a bhfuil leas díreach nó indíreach acu. De réir Alt 1.4 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais atá i gceangal leis an gCód, tá cur síos ar luach saothair an POF don tréimhse le fáil i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

## Acht na gCuideachtaí 2014

De bhun Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá Uisce Éireann díolmhaithe ón oibleagáid, na focail "Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe" a úsáid chun cur síos ar chineál na cuideachta ina ainm.

## Ráiteas ar fhaisnéis iniúchta ábhartha

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach bhfuil, chomh fada agus is eol dóibh féin, aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus go bhfuil na Stiúrthóirí tar éis na bearta uile a chur i gcrích a raibh de dhualgas orthu iad a chur i gcrích mar Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhú gur cuireadh an fhaisnéis sin ar a súile d'iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

## Gnóthas Leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Chuideachta dá dhliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus go leanfaidh sí i mbun oibriúcháin go ceann i bhfad. Léiríonn réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin na Cuideachta go bhfuiltear ag súil go sásóidh Uisce Éireann a dhliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite trí mheascán de mhaoiniú/tacaíocht Stáit agus/nó taraifí a ghearrann Uisce Éireann. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráitis airgeadais na Cuideachta.

Féach ar nóta 1 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh nochtadh mionsonraithe gnóthais leantaigh na Cuideachta.

## Teagmhais dá éis

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Chuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais, seachas mar atá luaite i nóta 26 de na ráitis airgeadais.

## Iniúchóir neamhspleách

De réir Alt 17(3) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013, tá an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le ceadú ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndiaidh táillí atá iníoctha le Deloitte Ireland LLP a cheadú chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain 2022. Tar éis cead na nAirí a fháil, ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóirí ar Ghrúpa Ervia, Uisce Éireann san áireamh, i mí Lúnasa 2014. Tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, fuarthas Cead ón Aire ar an 25 Márta 2019 chun Deloitte LLP a cheapadh mar iniúchóir seachtrach don Ghrúpa do na blianta 2019, 2020 agus 2021. Fuarthas cead na n-airí ar an 24 Samhain 2021 maidir leis na táillí iniúchta is iníoctha le Deloitte Ireland LLP do na blianta airgeadais 2022 agus 2023.

Tháinig socrúcháin freagrachta agus iniúchta athbhreithnithe i bhfeidhm d'Uisce Éireann nuair a cuireadh tús leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022. Ón 1 Eanáir 2023, tá Uisce Éireann faoi réir dhá iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) agus a iniúchóir reachtúil tráchtála faoi Achtanna na gCuideachtaí. Beidh Uisce Éireann freagrach roimh an gCoiste um Chuntais Phoiblí ón 1 Eanáir 2023.

Ar son agus thar ceann Uisce Éireann:

| | |
|---|---|
| **Tony Keohane** | **Gerry Britchfield** |
| Cathaoirleach | Comhalta Boird |

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca



**Gerry Britchfield**
Cathaoirleach an Choiste

Roimh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ón nGrúpa Ervia, de réir struchtúr an bhoird aonadaigh a bhí i bhfeidhm in Ervia le linn 2022, bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar leibhéal Ghrúpa Ervia agus bhíodh siad ag feidhmiú i ndáil le Ervia agus a fhochuideachtaí, lena n-áirítear Uisce Éireann.

I ndiaidh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, bhunaigh Uisce Éireann a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin i mí Eanáir 2023.

Tagróidh Cuid 1 den tuarascáil seo don Choiste agus a ghníomhaíochtaí suas go dtí dáta an scartha dhlíthiúil agus tagróidh Cuid 2 don Choiste nua, a bunaíodh i mí Eanáir 2023.

## Cuid 1. An Coiste sa bhliain 2022

Le linn 2022, bhí an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid Ervia comhdhéanta de 5 Chomhalta Neamh-fheidhmiúcháin Neamhspleácha de Bhord Ervia – Keith Harris (Cathaoirleach), Sean Hogan, Geraldine Kelly, Fiona Egan agus Finbarr Kennelly. Is é Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a rinne Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Bhí an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta Ghrúpa Ervia. Bhuail an Coiste le chéile 5 huaire le linn na bliana 2022. Bhí tinreamh iomlán ag gach Comhalta Coiste ag na cruinnithe a bhí siad i dteideal freastal orthu sa bhliain 2022.

Cuirtear ar fáil sa tábla thíos forléargas ar obair an Choiste a rinneadh sa bhliain 2022 thar ceann Bhord Ervia, maidir le hUisce Éireann.

| | |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais** | • Moladh Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann a eisiúint chuig Bord Uisce Éireann.<br>• Oiriúnacht na meastachán cuntasaíochta agus breithiúnas a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á ullmhú a mheas.<br>• Pléadh beartais chuntasaíochta Uisce Éireann agus na hábhair a théann i bhfeidhm ar thuairisciú airgeadais e.g. boilsciú.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis um chomhlíonadh cúnant iasachta d'Uisce Éireann.<br>• Rinneadh pointí i litir bainistíochta an iniúchóra sheachtraigh maidir le hUisce Éireann a bhreithniú. |
| **Bainistíocht Riosca** | • Moladh Polasaí Bainistíocht Riosca Fiontair a fhaomhadh d'Uisce Éireann chuig Bord Ervia.<br>• Breithníodh nochtaí riosca d'Uisce Éireann, lena n-áirítear rioscaí atá ag treochtáil agus atá ag teacht chun cinn.<br>• Pléadh na próisis Leanúnachais Gnó agus Géarchéim a bhainistiú d'Uisce Éireann. |
| **Rialuithe Inmheánacha** | • Breithníodh tuarascálacha ráithiúla an Fhóraim Ráthaíochta Comhtháite d'Uisce Éireann.<br>• Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh. |
| **Iniúchadh Inmheánach** | • Faomhadh an Plean Iniúchta Inmheánaigh 2023 d'Uisce Éireann.<br>• Breithníodh tuarascálacha Ráithiúla an Iniúchta Inmheánaigh d'Uisce Éireann.<br>• Athbhreithníodh an Tuarascáil Sheachtrach um Measúnú Cáilíochta.<br>• Rinneadh éifeachtúlacht fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh a mheas. |

| | |
|---|---|
| **Iniúchadh Seachtrach** | • Pléadh an Plean Iniúchta Sheachtraigh do dheireadh na bliana 2022.<br>• Breithníodh tuarascálacha agus treoruithe na n-iniúchóirí maidir le hiniúchadh Uisce Éireann do dheireadh na bliana 2021.<br>• Breithníodh éifeachtúlacht an iniúchóra sheachtraigh. Dhírigh an measúnú ar réimsí amhail chomh láidir agus atá an próiseas iniúchóireachta, an fhoireann iniúchóireachta, an chumarsáid agus an rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. Le linn na bliana, bhí an deis ag na hiniúchóirí seachtracha bualadh go príobháideach leis an gCoiste gan aon chomhaltaí bainistíochta i láthair.<br>• Rinneadh monatóireacht ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an iniúchóra sheachtraigh. Leagtar amach táillí seirbhísí iniúchta agus táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 3 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir seachtrach chun seirbhísí a chur ar fáil, a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa chun cinn dá mbarr, le linn 2022.<br>• Breithníodh nuashonruithe ar an tairiscint iniúchta sheachtraigh. |
| **Ábhair eile** | • Moladh i sraith beartas a bhaineann le heitic a fhaomhadh mar ullmhúchán don scaradh dlíthiúil ó Bhord Ervia.<br>• Tionscnaimh mhacántachta ar fud na cuideachta a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt don fheachtas 'Ag Déanamh An Rud Ceart' – an tionscadal a bhaineann le heitic inmheánach.<br>• Breithníodh Tuarascáil Chathaoirleach Ervia faoi Alt 1.9 d'aguisín i dTuairisciú Gnó agus Airgeadais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir le hUisce Éireann. |

Le linn 2022, dhírigh an Coiste ar a bpríomh-fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. D'oibrigh sé ar bhonn rialta leis an lucht bainistíochta sinsearaí, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus leis an iniúchóir reachtúil. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Agus a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta á chomhlíonadh aige, bhí cruinniú ar leith ar bhonn rialta ag Cathaoirleach an Choiste leis an lucht bainistíochta sinsearaí, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil ar bhonn rialta.

Le linn na bliana 2022, rinne an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí cheistneoirí féinmheasúnaithe a chríochnú agus bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán.

## Cuid 2 : Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Uisce Éireann i ndiaidh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia.

Mar atá luaite thuas, i ndiaidh scaradh dlíthiúil Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia, bhunaigh Uisce Éireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Eanáir 2023.

### Baill an Choiste

Tá 4 Chomhalta Boird Neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha de chuid Uisce Éireann ar an gCoiste. Is iad comhaltaí an Choiste Gerry Britchfield (Cathaoirleach), Cathy Mannion, Eileen Maher agus Michael Walsh. Is é Bord Uisce Éireann, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh.

Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta na Cuideachta.

### Ról agus Freagrachtaí an Choiste

Is é ról an Choiste tacú le Bord Uisce Éireann i ndáil lena fhreagrachtaí maidir leis na nithe seo a leanas:


- Tuairisciú airgeadais,
- Bainistíocht Riosca,
- Rialuithe Inmheánacha,
- Iniúchadh inmheánach,
- Iniúchadh seachtrach.

Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frith-chalaois agus frith-bhreabaireacht agus frith-éillitheacht. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste do Bhord Uisce Éireann maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste.

Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann (www.water.ie). Déantar athbhreithniú orthu gach bliain.

Thar ceann an Choiste, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia maidir le hUisce Éireann sa bhliain 2022. Tá Comhaltaí an Choiste agus mé féin ag tnúth le bheith ag obair mar Choiste thar ceann an Bhoird agus Uisce Éireann ag oibriú mar fhóntas poiblí neamhspleách.

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Uisce Éireann:



**Gerry Britchfield**
Cathaoirleach an Choiste





# Ráitis Airgeadais

# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Uisce Éireann

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Uisce Éireann ("an chuideachta")

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ar an 31 Nollaig 2022 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais chuí agus, go háirithe le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh Eile;
- an Clár Comhardaithe;
- Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 27, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach ("IFRS") ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchóireacht i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid *"Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais"* den tuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, bhaineamar de chonclúid go bhfuil na Stiúrthóirí ag baint úsáid as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ar bhealach cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn go dtí seo, níor aithníomar aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó le dálaí a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos déanta sna codanna ábhartha den tuarascáil seo ar ár bhfreagrachtaí féin agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i dtaobh an ghnóthais leantaigh.

### Faisnéis eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina dtaobh. Glacann an Bord freagracht as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe uirthi, ach amháin má luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, dá bharr sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas san iniúchóireacht nó an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach ar aon bhealach eile. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha nó tuairisciú míchruinn ábharach mar sin, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a thuairisciú go míchruinn. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinnimid gur tugadh míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile sin, caithfimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gcomhlíonann siad i ngach bealach eile Acht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an de dheasca calaoise nó earráid atá sé.

## Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus a nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht ach amháin má tá sé beartaithe ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuairisc, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is ionann ráthaíocht réasúnta agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní hionann í agus ráthaíocht a thabhairt go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) gach míshonrú dá bhfuil ann a bhrath i gcónaí. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá tuilleadh mínithe dár bhfreagrachtaí le haghaidh an iniúchta ar na ráitis airgeadais lonnaithe ar shuíomh gréasáin IAASA ag:https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements. Cruthaíonn an míniú cuid de thuarascáil ár n-iniúchóirí.

### Tuairim faoi ábhair eile arna fhorordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn na hiniúchóireachta, agus uirthi sin amháin, tugaimid tuairisc:

- Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linne tá an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráitis ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairim.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Ár dtuarascáil a úsáid

Déantar an tuarascáil seo ar mhaithe le comhaltaí na cuideachta mar chuideachta, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár gcuid oibre iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na hábhair is gá dúinn a dhearbhú do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhú i dtuarascáil iniúchóra agus gan aon chuspóir ar bith eile a bheith i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chuideachta, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólachtaí Iniúchta Reachtúla

Áras Deloitte & Touche, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath

# Ráiteas ioncaim
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 2 | **1,308,758** | 1,191,081 |
| Costais oibriúcháin | 3 | **(866,407)** | (799,258) |
| Caillteanais laige ar shócmhainní airgeadais | 3 | **(18,209)** | (9,479) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **424,142** | 382,344 |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **(167,148)** | (152,278) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **256,994** | 230,066 |
| Costais airgeadais | 6 | **(4,320)** | (3,427) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **252,674** | 226,639 |
| Cáin ioncaim | 7 | **(32,090)** | (27,148) |
| **Brabús don bhliain** | | **220,584** | 199,491 |

# Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile

## don bhliain dar chríoch ar an 31 Nollaig 2022

| | | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **220,584** | 199,491 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna a d'fhéadfaí a athrangú chuig an ráiteas ioncaim:** | | | |
| Sochair sainithe ghnóthachain achtúireachta | 16 | **17,165** | 8,115 |
| Cáin iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair shainithe | 7 | **(2,146)** | (1,014) |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | | **15,019** | 7,101 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **235,603** | 206,592 |

# Clár comhardaithe

## amhail ar an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 *Athshonraithe*[1] | 01-Eanáir-21 €'000 *Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 8 | **5,808,817** | 4,884,842 | 4,159,995 |
| Sócmhainní dholáimhsithe | 10 | **62,981** | 68,050 | 99,988 |
| Trádáil agus infháltais eile | 11 | **290** | 4,252 | 8,609 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **5,872,088** | 4,957,144 | 4,268,592 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 11 | **150,135** | 135,159 | 101,808 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil d'úsáid cuideachta | 1 / 12 | **310,286** | 288,039 | 193,374 |
| Sócmhainní airgeadais - urrús airgeadais ar thaisce téarma | 13 | **55,000** | - | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | 1 / 13 | **3,534** | 37,784 | 17,925 |
| Sócmhainní cánach reatha | 7 | **-** | 151 | - |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **518,955** | 461,133 | 313,107 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **6,391,043** | 5,418,277 | 4,581,699 |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna** | | | | |
| Scairchaipiteal agus Scairbhiseach | 23 | **(324,000)** | (324,000) | (324,000) |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 23 | **(3,392,174)** | (2,938,466) | (2,555,466) |
| Tuilleamh coinnithe | | **(961,823)** | (726,220) | (519,628) |
| **Gnáthscaireanna iomlána** | | **(4,677,997)** | (3,988,686) | (3,399,094) |
| **Dliteanais** | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 15 | **(640,176)** | (510,820) | (382,495) |
| Oibleagáidí sochair scoir | 16 | **(20,642)** | (36,650) | (43,313) |
| Ioncam iarchurtha | 17 | **(157,904)** | (136,114) | (95,547) |
| Deontais | 18 | **(2,579)** | (2,572) | (2,397) |
| Soláthairtí | 19 | **(43,548)** | (47,915) | (64,159) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 20 | **(9,245)** | (13,614) | (21,413) |
| Dliteanais iarchurtha chánach | 7 | **(142,464)** | (108,270) | (79,957) |
| **Dliteanais neamhreatha ar an iomlán** | | **(1,016,558)** | (855,955) | (689,281) |
| **Dliteanais reatha** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 15 | **(4,329)** | (2,811) | (2,286) |
| Ioncam iarchurtha | 17 | **(154,566)** | (113,685) | (95,810) |
| Deontais | 18 | **(70)** | (70) | (34) |
| Soláthairtí | 19 | **(55,684)** | (35,839) | (33,386) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 20 | **(481,839)** | (421,231) | (361,808) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(696,488)** | (573,636) | (493,324) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,713,046)** | (1,429,591) | (1,182,605) |
| **Cothromas agus dliteanais ar an iomlán** | | **(6,391,043)** | (5,418,277) | (4,581,699) |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| **Tony Keohane** | **Gerry Britchfield** | 30 Márta 2023 |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir | Dáta ceadaithe |

# Ráiteas ar athruithe sa chothromas

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

| | | Scairchaipiteal agus Scairbhiseach €'000 | Ranníocaíocht chaipitiúil €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | | (324,000) | (2,555,466) | (519,628) | (3,399,094) |
| Brabús don bhliain | | - | - | (199,491) | (199,491) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | - | - | (7,101) | (7,101) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | - | - | (206,592) | (206,592) |
| Ranníocaíocht caipitil airgid | 23 | - | (383,000) | - | (383,000) |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | | (324,000) | (2,938,466) | (726,220) | (3,988,686) |
| Brabús don bhliain | | **-** | **-** | **(220,584)** | **(220,584)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **-** | **-** | **(15,019)** | **(15,019)** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **-** | **-** | **(235,603)** | **(235,603)** |
| Ranníocaíocht caipitil airgid | 23 | **-** | **(454,000)** | **-** | **(454,000)** |
| Oibleagáid léasa oifige measta | 23 | **-** | **292** | **-** | **292** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | | **(324,000)** | **(3,392,174)** | **(961,823)** | **(4,677,997)** |

# Ráiteas ar shreafaí airgeadais
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 *Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 14 | **462,669** | 360,555 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(975,767)** | (767,723) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní dholáimhsithe | | **(26,631)** | (9,045) |
| Íocaíochtaí do ghlansócmhainní faighte ó Údaráis Áitiúla | | **3,968** | 1,000 |
| Gluaiseacht in iarmhéideanna airgid thirim tríú páirtí atá coimeádta le haghaidh comhthaobhachta. | 13 | **(34,250)** | 19,859 |
| Deontais faighte | 18 | **87** | 281 |
| **Airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(1,032,593)** | (755,628) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | | **111,880** | 205,060 |
| Aisíocaíochtaí ar iasachtaí | | **-** | (75,000) |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 9 | **(7,959)** | (3,463) |
| Ranníocaíochtaí caipitil a fuarthas | 23 | **454,000** | 383,000 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **557,921** | 509,597 |
| **Glan (laghdú) / méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **(12,003)** | 114,524 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir | | **325,823** | 211,299 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig** | | **313,820** | 325,823 |
| **Léirithe ar an gClár Comhardaithe mar:** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta | 12 | **310,286** | 288,039 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | 13 | **3,534** | 37,784 |
| | | **313,820** | 325,823 |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais


| | |
|---|---|
| 1 | Ráiteas faoi na Beartais Cuntasaíochta |
| 2 | Ioncam |
| 3 | Costais Oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) |
| 4 | Sochair Fostaithe |
| 5 | Dímheas agus Amúchadh |
| 6 | Costais Airgeadais |
| 7 | Cáin |
| 8 | Maoin, Gléasra agus Trealamh |
| 9 | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 10 | Sócmhainní Doláimhsithe |
| 11 | Trádáil agus Infháltais Eile |
| 12 | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (atá ar fáil d'úsáid cuideachta) |
| 13 | Urrúis Airgeadais |
| 14 | Airgead Tirim Ginte ó Oibríochtaí |
| 15 | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 16 | Oibleagáidí Sochair Scoir |
| 17 | Ioncam Iarchurtha |
| 18 | Deontais |
| 19 | Soláthair, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil |
| 20 | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile |
| 21 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais |
| 22 | Tomhas Cóirluacha |
| 23 | Cothromas |
| 24 | Páirtithe Gaolmhara |
| 25 | Nochtaí Párolla faoi Acht na gCuideachtaí |
| 26 | Teagmhais dá éis |
| 27 | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais |

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta

### Bunús an ullmhúcháin

Cuideachta ghníomhaíochta sainithe atá in Uisce Éireann ('an Chuideachta') atá faoi theorainn scaireanna, cláraithe agus corpraithe in Éirinn ar an 17 Iúil 2013. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 530363.

Le linn 2022 agus amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 100% de scaireanna vótála na cuideachta ag Ervia, ach ní raibh aon chearta eacnamaíocha chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí na Cuideachta ag gabháil leis na scaireanna sin (scaireanna 'A'). Bhí 100% de na cearta eacnamaíocha chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí na cuideachta (scaireanna 'B') ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Dá réir sin, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann 2022 a chomhdhlúthú le torthaí Grúpa Ervia. Ar an 1 Eanáir 2023, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, scair an Chuideachta go dleathach ó Ervia. Tagair do nóta 26 le haghaidh nochtaí imeachta ina dhiaidh sin i dtaca le scaradh dlí.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) agus le cinntí cláir oibre Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), mar atá formhuinithe ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2022 nó ina dhiaidh, agus Achtanna na gCuideachtaí 2014. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaithe don mhíle is gaire, agus ullmhaítear iad ar bhonn costas stairiúil.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin maidir le glacadh na gcaighdeán nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Tá mionsonraí ar na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí a cuireadh i bhfeidhm, leagtha amach thíos.

### Gnóthas Leantach

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Chuideachta in ann rioscaí a bhainistiú go rathúil. Cuimsíonn nóta 21 leis na ráitis airgeadais, cuspóirí, polasaithe agus próiseas na Cuideachta lena caipiteal, a cuspóirí bainistíochta riosca airgeadais agus a nochtadh ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta a bhainistiú.

Léiríonn réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin na Cuideachta go bhfuiltear ag súil go sásóidh Uisce Éireann a dhliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite trí mheascán de mhaoiniú Stáit agus taraifí a ghearrann Uisce Éireann. Tugtar achoimre ar chreat athbhreithnithe do shamhail mhaoinithe fhadtéarmach na Cuideachta san Acht um Sheirbhísí Uisce 2017. Aontaíodh agus ceadaíodh maoiniú stáit d'Uisce Éireann le haghaidh 2023 in R4 den bhliain 2022 mar chuid de phróiseas buiséadach an Rialtais. Creideann na stiúrthóirí gur léirigh an Rialtas a thiomantas do mhaoiniúchán leanúnach Uisce Éireann, agus i ndiaidh 2023 san áireamh, tríd an Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022 i mí na Nollag 2022, agus léiríonn sé seo tiomantas an Rialtais d'Uisce Éireann a choimeád faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta, neamhspleách agus rialaithe. Chomh maith leis sin, léiríonn An Creat um Sholáthar Seirbhísí Uisce sa Todhchaí, a bhí foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí an Mheithimh 2022, an chéad chéim eile sa phróiseas trína nglacfaidh Uisce Éireann lánfhreagracht as soláthar gach seirbhíse uisce phoiblí. Léirítear tiomantas an Rialtais do mhaoiniúchán leanúnach d'infheistíocht chaipitiúil trí chlár infheistíochta caipitiúil Uisce Éireann a chuimsiú i dTionscadal Éireann 2040, sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus faomhadh Phlean Gnó agus Airgeadais Uisce Éireann 2022-2026

I mí an Mheithimh 2020, thóg an Chuideachta saoráid iasachta Stáit nua iomlán de €1,022m, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil a raibh an earnáil ghnó ina cúis leis, saoráid a bhfuil €613m di tarraingthe anuas cheana. Tá na saoráidí eile de €408 milliún le cur ar fáil thar an tréimhse 2023 go 2024, faoi réir cheadú an Aire Airgeadais, chun caiteachas caipitil nach caiteachas teaghlaigh é a chlúdach thar an tréimhse sin. Sa bhliain 2021, chuaigh an Chuideachta isteach i saoráid nua caipitil oibre €350m le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, arbh í an chéim dheireanach d'athsholáthar iasachtaí tráchtála Uisce Éireann le maoiniú stáit. Tá Uisce Éireann tiomanta do chinntiú nach mbeidh saoráid caipitil oibre Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe anuas ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má tá comhaontú Aireachta faighte ag Uisce Éireann roimh ré chun í a úsáid. Tá saoráid rótharraingthe neamhbhuan €10m ag an gCuideachta chun cabhair a thabhairt lena riachtanais bhainc laethúla a bhainistiú.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na fíricí atá leagtha amach thuas, agus ag tabhairt faoi deara suíomh glandliteanais reatha na Cuideachta, arb ionann é agus €178 milliún amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €113 milliún), tá na Stiúrthóirí tar éis teacht ar an tátal go bhfuil ionchas réasúnach acu go leanfaidh an Chuideachta ag freastal ar a dliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh. Tá na Stiúrthóirí tagtha ar an tuairim nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó le staideanna a d'fhágfadh aon amhras suntasach ar chumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach thar thréimhse na measúnachta. Is í an tréimhse mheasúnachta a úsáideann na Stiúrthóirí ná dhá mhí dhéag ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais bhliantúil sin. Agus an measúnú ar ghnóthas leantach faoi lámh, rinne na Stiúrthóirí breithniú ar na heachtraí a tharla ina dhiaidh, mar a shonraítear i nóta 26.

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Caighdeáin chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

Tá na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin glactha ag an gCuideachta, nach raibh aon tionchar ábhartha acu ar thorthaí na Cuideachta ná ar nochtuithe sna ráitis airgeadais:

- Leasuithe ar CIC 16 - Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - fáltais roimh úsáid bheartaithe
- Leasuithe ar IFRS 3 - Comhghnóthais - tagairt don Chreat Choincheapúil
- Leasuithe ar CIC 37 - Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha, Conarthaí Dochraideacha Sócmhainní Teagmhasacha - costas a bhaineann le conradh a chomhlíonadh
- Leasuithe ar IFRS 1, IFRS 9, IFRS 16, CIC 41 - feabhsuithe bliantúla 2018-2020

### Athrú ar bheartas cuntasaíochta i dtaca le Taiscí Prapéilimh le Srianta ar Úsáid, a raibh tionchar ábhartha aige

I mí Aibreáin 2022, d'fhoilsigh Coiste Léirmhínithe an IFRS cinneadh clár oibre deiridh ar Thaiscí Prapéilimh le srianta ar Úsáid a thagann chun cinn ó Chonradh le Tríú Páirtí (CIC 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid) ("Taiscí Prapéilimh"), soiléiríonn sé míniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus deir sé go sásaíonn airgead tirim atá srianta ag dualgas faoi thríú páirtí an sainmhíniú ar airgead tirim faoi CIC 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid.

Roimh an gcinneadh seo, thaispeáin an Chuideachta airgead a bhí faighte ó thríú páirtithe ar mhaithe sláine airgeadais agus a coimeádadh i gcuntais bhainc/thaiscí de chuid Uisce Éireann mar "Thaiscí Srianta". Aithníodh dliteanas comhfhreagrach ar leithligh d'fhonn an t-airgead a fuarthas a aisíoc. Toisc gur measadh an t-airgead roimhe seo ina mhír neamhairgid, níor léiríodh aon sreafaí gaolmhara i Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta. Bunaíodh an cur i láthair seo ar an gcaoi a raibh srianta conartha ar chumas na Cuideachta na cistí seo a úsáid.

Sa bhliain 2022, i ndiaidh an tsoiléirithe seo, rinne an Chuideachta athrú ar bheartas cuntasaíochta (feidhm chúlghabhálach) agus léirigh sí an t-airgead ar fad a bailíodh ó thríú-páirtithe, agus atá inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí, mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Tá fotheidil an Chláir Chomhardaithe seo a leanas léirithe chun idirdhealú a dhéanamh sna háiteanna a bhfuil srianta conarthaí ar úsáid i bhfeidhm;

- Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta
- Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí

D'fheidhmiú cúlghabhálach an tsoiléirithe seo, is gá na tréimhsí roimhe seo a athshonrú mar seo a leanas:

| | Taiscí srianta | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí |
|---|---|---|
| 31 Nollaig 2021, mar a tuairiscíodh roimhe seo | 37,784 | - |
| Coigeartú | (37,784) | 37,784 |
| 31 Nollaig 2021, mar a athshonraíodh | - | 37,784 |
| | | |
| 1 Eanáir 2021 mar a tuairiscíodh roimhe seo | 17,925 | - |
| Coigeartú | (17,925) | 17,925 |
| 1 Eanáir 2021, mar a athshonraíodh | - | 17,925 |

*Déan tagairt do nóta 12 agus 13 le haghaidh tuilleadh sonraí.*

### Caighdeáin agus léirmhínithe nua cuntasaíochta IFRS nár glacadh fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón AE ina leith go fóill:

- Leasuithe ar IAS 1, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais, agus ar Ráiteas Cleachtais 2 an IFRS: Beartais chuntasaíochta a nochtadh
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1:
  - Dliteanais a Aicmiú mar Reatha nó Neamhreatha – (agus Dáta Éifeachtach a Iarchur); agus
  - Dliteanais Neamhreatha le Cúnaint

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

- Leasuithe ar IAS 8, Beartais Chuntasaíochta, Athruithe i Meastacháin Chuntasaíochta agus in Earráidí Cuntasaíochta: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Leasuithe ar Chánacha Ioncaim IAS 12: Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Aonair
- Conarthaí Árachais IFRS 17
- Leasuithe ar Léasanna IFRS 16: Dliteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú

Táthar ag súil nach mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na leasuithe IFRS atá fágtha agus na bhfeabhsuithe bliantúla, a eisíodh ar 31 Nollaig 2022, ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill, ar ráitis airgeadais na Cuideachta.

### Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

#### a) Maoin, Gléasra agus Trealamh

**Aitheantas**

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostas), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

**Caiteachais ina dhiaidh sin**

Aithnítear iarchaiteachas, mar shampla, an costas as cuid de mhír réadmhaoine a athsoláthar, fearais agus trealaimh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag gabháil leis an mír amach anseo chuig an gCuideachta, agus más féidir a chostas a thomhas go hiontaofa. Dí-aithnítear suim ghlanluacha na coda athsholáthartha. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil réadmhaoine, fearais agus trealaimh sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**Dímheas**

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluach※áil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní bonneagair (lena n-áirítear boscaí teorann, taiscumair, píblínte uisce & fuíolluisce agus ceangail seirbhíse) | 40-100 bliain |
| Sócmhainní oibriúcháin (lena n-áirítear méadair, caidéil, agus córais leictreacha & mheicniúla) | 12-70 bliain |
| Sócmhainní neamh-líonra (lena n-áirítear daingneáin & feistis, feithiclí agus trealamh ríomhaire) | 3-15 bliana |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fónta (lena n-áirítear uaireanta a'chloig táirgiúlachta) agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

**Costais iasachta**

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

#### b) Sócmhainní Doláimhsithe

**Bogearraí agus bogearraí á bhforbairt**

Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach do chostais a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an gCuideachta. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Áirítear leis an gcaiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá húsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitlithe.

**Amúchadh sócmhainní doláimhsithe**
Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn méid cothrom sa ráiteas ioncaim le linn a saolré úsáidí fónta, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí a amúchadh, ar bhonn méid cothrom,le linn a saolré úsáidí measta suas le seacht mbliana. Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

**Costais iasachta**
Féach polasaí cuntasaíochta a) thuas.

### c) Bearnúchán sócmhainní

**Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta**
Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol fóinteach éiginnte ag baint leo nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, agus dea-mhéin, a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

**Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímheasa/amúchta**
Déantar méideanna anonn na sócmhainní sin a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha de bhearnúchán ag baint leo nó nach bhfuil. Má léirítear go bhfuil bearnúchán i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

**Caillteanas bearnúcháin a aithint**
Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid ghiniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid trína sáraíonn suim glanluacha sócmhainne a méid inaisghabhála. Is é atá sa mhéid inaisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas diúscartha nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa ráiteas ioncaim. Déantar caillteanais bhearnúcháin atá aitheanta i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun suim ghlanluacha aon cháilmheasa arna leithdháileadh don AGA a laghdú, agus ansin chun suimeanna glanluacha na sócmhainní eile san AGA a laghdú ar bhonn pro rata.

**Caillteanas bearnúcháin a aisiompú**
Ní fhreaschuirtear caillteanas bearnúcháin maidir le cáilmheas. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní fhreaschuirtear caillteanas bearnúcháin ach sa mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas ná amúchadh, mura aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear an cúlú sin láithreach sa ráiteas ioncaim. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid cothrom thar an saol úsáideach fágtha atá measta don tsócmhainn.

### d) Ioncam

Déantar ioncam a thomhas ar bhonn na comaoine a bhfuil an Chuideachta ag súil le bheith ina teideal i gconradh le custaiméir agus ní chuirtear méideanna bailithe thar ceann tríú páirtithe san áireamh. Aithníonn an Chuideachta ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, de réir mar atá leagtha amach sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Má mheastar nach bhfuil na critéir um aithint ioncaim comhlíonta i gcás idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil go mbaileofar é.

Tá roinnt foinsí ioncaim de chuid na Cuideachta ag brath ar a bheith ceadaithe ag an rialtóir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas. D'fhéadfadh go mbeadh ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil an ioncaim "cheadaithe" rialála i mbliana mar thoradh ar imthosca áirithe. D'fhéadfaí aon ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil a chur san áireamh, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú do ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

Is ionann ioncam go príomha agus na luachanna díolacháin a d'eascair as na gnéithe seo a leanas;

**Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí tráchtála**
Déantar bille don ioncam bunaithe ar an méid a sholáthraítear. Aithnítear meastachán ar luach na seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dáta an léimh mhéadair deiridh agus an dáta tuairiscithe in ioncam nuair a bhíonn seirbhísí curtha ar fáil, ach nach mbíonn aon sonrasc tugtha ag an dáta tuairiscithe.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

**Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí baile - Ioncam fóirdheontais ón Rialtas**
Ceannaíonn an Rialtas, agus é ag feidhmiú ina cháil mar Rialtas, méid áirithe uisce ón gCuideachta ag praghas an mhargaidh thar ceann custaiméirí agus ag teacht leis an ioncam ceadaithe a bhí socraithe ag an Rialtóir. Aithníonn an Chuideachta an t-ioncam seo ar bhonn córasach chun an uair ar díoladh na hearraí leis an Rialtas a léiriú. Déantar bille don ioncam fóirdheontais go léir agus bailítear é laistigh den tréimhse tuairiscithe.

**Ioncam ó cheangail nua**
Faigheann an Chuideachta ranníocaíochtaí ó chustaiméirí chun iad a cheangal leis an líonra uisce. I gcás go ndéantar bille do na ranníocaíochtaí roimh ré, aithnítear iad in ioncam iarchurtha agus scaoiltear iad chuig ioncam de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid fheidhmíochta.

### e) Léasanna

**An Chuideachta mar Léasaí**
Aithnítear léasanna mar shócmhainn cheartúsáide agus mar dhliteanas comhfhreagrach ar an dáta a mbíonn an tsócmhainn ar léas ar fáil lena húsáid ag an gCuideachta. Nuair a chuirtear tús le conradh léasa déanann an Chuideachta measúnú ar cibé acu an léas an conradh nó an bhfuil léas i gconradh. Má thugann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Chun measúnú a dhéanamh ar an gceart chun sócmhainn a rialú, féachann an Chuideachta ar na nithe seo a leanas:

- an bhfuil sócmhainn inaitheanta sa chonradh
- an bhfuil an ceart ag an gCuideachta sochair eacnamaíocha uile na sócmhainne a fháil go substaintiúil
- an bhfuil an ceart ag an gCuideachta an tsócmhainn a oibriú thar thréimhse an chonartha.

Déantar an dliteanas léasa (a chuirtear i láthair laistigh de 'Iasachtaí agus fiacha eile') a thomhas ar dtús ag glanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Áirítear freisin íocaíochtaí léasa atá le déanamh faoi roghanna sínte réasúnta áirithe agus an dliteanas á thomhas. Déantar na híocaíochtaí léasa a lascainiú ag baint úsáid as an ráta úis atá intuigthe sa léas. Más rud é nach féidir an ráta sin a chinneadh go héasca (an cás go ginearálta maidir le léasanna sa Chuideachta) úsáidtear ráta incriminteach iasachtaithe an léasaí, is é sin an ráta a bheadh ar an léasaí aonair a íoc chun na cistí is gá a fháil ar iasacht chun sócmhainn a fháil a mbeadh an luach céanna uirthi is a bheadh ar an tsócmhainn cheartúsáide i dtimpeallacht eacnamaíoch chomhchosúil lena mbaineann téarmaí, slándáil agus coinníollacha atá comhchosúil.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir an bhunsuim agus an costas airgeadais. Gearrtar an costas airgeadais ar an ráiteas ioncaim thar thréimhse an léasa chun ráta seasta tréimhsiúil úis a sholáthar ar iarmhéid an dliteanais do gach tréimhse.

Tomhaistear sócmhainní ceartúsáide (arna gcur i láthair faoi 'Maoin, gléasra agus trealamh') ag costas atá comhdhéanta díobh seo a leanas:

- méid an tomhais thosaigh ar dhliteanas léasa
- aon íocaíochtaí léasa a rinneadh ar nó roimh an dáta tosaithe lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas
- aon dírchostais tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Go ginearálta déantar sócmhainní ceartúsáide a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne agus théarma an léasa, cibé acu is giorra, ar bhonn méid cothrom, má tá sé réasúnta cinnte go bhfeidhmeoidh an Chuideachta rogha cheannaigh, déanfar an tsócmhainn cheartúsáide a dhímheas thar shaolré úsáideach na bunsócmhainne.

I gcás léasanna gearrthéarmacha (tréimhse léasa níos lú ná 12 mhí) agus ar luach íseal (luach na sócmhainne nua níos lú ná $5,000), aithníonn an Chuideachta na híocaíochtaí léasa mar speansas oibriúcháin ar bhonn meid cothrom thar théarma an chonartha léasú mura rud é go bhfuil bunús córasach eile níos ionadaí don phatrún ama ina n-ídítear leas eacnamaíoch na sócmhainní ar léas. Ní raibh aon léasanna den sórt sin ag an gCuideachta le linn na dtréimhsí tuairiscithe agus comparáideacha.

### f) Oibleagáidí Sochair Scoir

**Scéim pinsin sochair sainithe**
Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochair shainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

Ní hamháin go n-áirítear le pleananna sochair iarfhostaíochta socruithe foirmiúla ach áirítear leo freisin cleachtais neamhfhoirmiúla as a n-eascraíonn oibleagáidí inchiallaithe. Mar sin, tá an chur chuige cuntasaíochta mar an gcéanna cibé acu an bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe atá i gceist.

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

I gcás scéimeanna sochair shainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a mheas agus úsáid á baint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear iad lasmuigh den ráiteas ioncaim agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iarsheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar shocraíochtaí agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí sna cásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús do na costais ghaolmhara mar chuid den tsoláthar athstruchtúraithe a aithint. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

Léiríonn an oibleagáid sochair scoir atá aitheanta sa chlár comhardaithe luach reatha oibleagáid sochair shainithe na scéime glan ó luach reatha na sócmhainní scéime.

**Cuntasaíocht tugtha ar scéim pinsin sochair shainithe mar Phlean Grúpa**
D'oibrigh Grúpa Ervia scéim pinsin le sochar sainithe. Ghlac roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Tugadh cuntas ar an scéim mar Phlean Grúpa i gcomhréir le Sochair Fostaithe (Athbhreithnithe 2011) CIC 19 agus, mar sin, aithnítear an glandliteanas pinsin (nó sócmhainn) iomlán a bhaineann leis an scéim i ráitis airgeadais Ervia Group agus ní i ráitis airgeadais na Cuideachta – féach ar Thuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia le haghaidh nochtadh iomlán maidir leis an scéim.

**Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe**
Is é atá i scéim ranníocaíochta sainithe ná scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh nach n-eascraíonn aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe chun méideanna breise a íoc uaithi. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

### g) Deontais
Aithnítear deontas mar dhliteanas i dtosach ar an gclár comhardaithe má tá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na coinníollacha a ghabhann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Chuideachta as costais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na costais. Déantar deontais a chúitíonn an Chuideachta as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré fhóinteach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

### h) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha
Déanann an Chuideachta meastóireacht ar a neamhchosaintí ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá ar feitheamh nó le héilimh eile atá fós gan réiteach faoi réir socraíochta caibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialacháin Rialtais. Aithnítear soláthar nuair is dócha go bhfuil oibleagáid ann ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Áirítear san anailís measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh ar feitheamh nó go n-eascróidh dliteanas, an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar agus tráthúlacht fhéideartha an tsocraithe.

Maidir le nithe ar oibleagáidí iad a d'fhéadfadh a bheith ann nó nach sásaíonn na critéir aitheantais le haghaidh soláthair, aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha iad, ach amháin más fánach an seas go ndéanfar buntáistí eacnamaíocha a aistriú.

D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na soláthairtí a chinnfear amach anseo mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirfear faisnéis bhreise ar fáil. Tá seans ann go mbeidh difear idir na costais iarbhír agus an soláthar measta, rud a léireoidh éiginnteacht bhunúsach an phróisis mheastacháin seo. Tá sonraí na bhforálacha agus na ndliteanas teagmhasach foilsithe i nóta 19.

### i) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais
**Iasachtaí**
Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis iad a aithint i dtosach, sonraítear iasachtaí ar chostas amúchta agus úsáid á baint as an nglanráta úis.

**Trádáil agus infháltais eile**
Aithnítear infháltais thrádála agus infháltais eile ar dtús ag luach cóir na comaoine atá infhála agus iompraítear iad ag an luach seo ina dhiaidh sin lúide liúntas cuí do chaillteanais ionchais creidmheasa. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin ag úsáid múnla do chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán a bhfuiltear ag súil leis mar chostas sna costais oibriúcháin. Ríomhtar an méid caillteanais creidmheasa ionchais trí rátaí caillteanais ionchais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, ar phróifíl thréimhse an fhiachaisagus tosca maicreacnamaíocha agus tosca sonracha a bhaineann leis na féichiúnaithe tugtha san áireamh.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Áirítear in airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh atá inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí. Is infheistíochtaí gearrthéarmacha fíorleachtacha iad coibhéisí airgid thirim atá inchomhshóite go héasca go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach agus a choinnítear chun tiomantais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh seachas le haghaidh infheistíochta nó cuspóirí eile.

Sa chás go bhfuil na coinníollacha agus an rún le haghaidh fritháirimh ann, cuirtear iarmhéideanna airgid thirim le chéile le hiarmhéideanna rótharraingthe agus cuirtear an t-iarmhéid sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

In áiteanna a bhfuil srianta conartha ar chumas na Cuideachta airgead tirim a úsáid (m.sh. airgead tríú páirtí a fuarthas mar shláine airgeadais agus a coimeádadh i gcuntais inrochtana laistigh de 3 mhí), léirítear na cistí seo mar "Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí". Tá airgead tirim coinnithe, nuair nach bhfuil aon srian ar úsáid, léirithe mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid chuideachta".

**Sócmhainní airgeadais**
Léirítear urrúis coinnithe ar théarmaí taiscí níos mó ná 3 mhí ag dáta na héadála mar "Shócmhainní Airgeadais - urrús coinnithe ar théarma taisce" toisc nach sásaíonn siad an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim toisc nach bhfuil na taiscí inrochtana don Chuideachta laistigh de 3 mhí. Is airgead tríú páirtí é seo, a bhí coimeádta faoi shocruithe urrúis, rud a chuireann srianta conartha ar chumas na Cuideachta an t-airgead seo a úsáid..

**Trádáil agus suimeanna iníoctha eile**
Déantar suimeanna iníoctha trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

### j) Glanchostais Airgeadais
Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí (a aithnítear tar éis ábhar a mheas), caillteanais bhearnúcháin aitheanta ar shócmhainní airgeadais (seachas infháltais trádála) agus glanchostais ús pinsin. Aithnítear costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, sa ráiteas ioncaim agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

### k) Cáin Ioncaim
Cuimsíonn costas na cánach ioncaim an cháin reatha agus an cháin iarchurtha. Déantar cáin ioncaim a aithint sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid go mbaineann sí le míreanna a aithnítear go díreach sa chothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don tréimhse, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na dtréimhsí roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Déantar cáin iarchurtha a aithint i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabaigh inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear Soláthar maidir leis na nithe sin a bhfuil cinneadh cánach éiginnte maidir leo ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach amach anseo. Tomhaistear na soláthairtí ag an meastachán is fearr ar an méid a mheastar a bheidh iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach laistigh den Chuideachta, arna thacú ag taithí roimhe seo i ndáil le gníomhaíochtaí den sórt sin agus i gcásanna áirithe bunaithe ar shainchomhairle cánach neamhspleáiche.

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

**l) Airgeadra Eachtrach**
Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta é.

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhí i réim ar dháta na n-idirbheart. Tá sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha aistrithe chuig an airgeadra feidhmiúil ar rátaí a bhí i réim ar an dáta tuairiscithe. Aithnítear an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a eascraíonn as aistriú sa ráiteas ioncaim. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

**m) Brabús Oibriúcháin**
Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

**n) Bearta Neamh-GAAP**
Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus an fhiachais eile lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Baineann an Chuideachta úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

## Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Ríthábhachtacha

Éilítear ar an gCuideachta meastacháin, foshuíomhanna agus breithiúnais ar leith a dhéanamh a chreideann sí a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus í ag cur i bhfeidhm na mbeartas cuntasaíochta seo. Déantar iad seo a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Rinne an Chuideachta machnamh ar impleachtaí an athraithe aeráide ar a hoibríochtaí agus gníomhaíochtaí agus rinneadh machnamh cuí ar na tosca maicreacnamaíochta cuí, lena n-áirítear boilsciú. Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil ag an gCuideachta maidir le gach ceann de na breithiúnais agus na meastacháin a bhfuil tionchar ag gabháil leo mar atá leagtha amach thíos.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, foshuíomhanna agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Déanann an Chuideachta measúnú ar bhonn leanúnach ar a meastacháin ag baint úsáide as taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile a cheaptar a bheith réasúnach sna cúinsí ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Aithneofar a éifeacht sa tréimhse ina dtagann na fíricí chun solais a n-eascraíonn an t-athbhreithniú astu.

**(i) Breithiúnais shuntasacha maidir le beartais chuntasaíochta na Cuideachta a chur i bhfeidhm**
Seo a leanas na breithiúnais shuntasacha, seachas iad siúd lena ngabhann meastacháin (a dhéantar cur síos ar leith orthu thíos), atá déanta ag an gCuideachta agus í ag cur i bhfeidhm na mbeartas chuntasaíochta sin agus a mbíonn an éifeacht is mó acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**a) Aicmiú costas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil**
Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá na beartais, na rialúcháin agus na nósanna imeachta chuí i bhfeidhm ag an gCuideachta leis na rioscaí go ndéanfaí caiteachas neamhincháilithe a chaipitliú a mhaolú.

Déantar costais a bhaineann le tionscadail atá sna céimeanna tosaigh den phleanáil a chaipitliú sa chás go bhfuil an Chuideachta sásta gur dócha go bhfaighfear na toilithe riachtanacha agus go bhforbrófar na tionscadail chun sócmhainn a sholáthar go rathúil ionas go sreabhfaidh torthaí amach anseo chuig an gCuideachta.

Tá fad na céime pleanála roinnt tionscadal straitéiseach an-fhada de bharr na ndúshlán iomadúil reachtaíochta agus dlíthiúil a bhí roimh na tionscadail seo. Tá scála na dtionscadal seo chomh suntasach sin go mbeidh an chéim thógála fada go leor, agus ar an gcaoi sin táthar ag súil go mbeidh na sócmhainní seo fágtha mar 'shócmhainní faoi thógáil' go ceann tréimhse ama suntasaigh. Ar 31 Nollaig 2022, aithníodh €107.5 milliún mar shócmhainní faoi thógáil i dtaca le tionscadail dá leithéid, is é sin Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre agus Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2021: €94.9 milliún). Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar na tionscadail seo ar bhonn rialta chun cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil teagmhais nó imthosca tagtha chun cinn a d'fhéadfadh a léiriú go bhféadfadh nach mbeadh suim ghlanluacha na sócmhainne in-aisghabhála; ag an bpointe sin dhéanfaí an tsócmhainn a mheas le haghaidh dí-aitheanta. Shocraigh na hathbhreithnithe seo, le linn 2022 agus i ndiaidh dheireadh na bliana, go bhfuil sé oiriúnach leanúint leis na costais seo a aithint mar 'shócmhainní faoi thógáil' ar an gclár comhardaithe.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

**b) Aitheantas ioncaim – cur chuige punainne agus measúnú dóchúlachta**
Tá an tseift phraiticiúil curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta a tháirgtear le IFRS 15, an 'cur chuige punainne', trína gcuireann an Chuideachta IFRS 15 i bhfeidhm ar phunann conarthaí le tréithe den chineál céanna. Chuir an Chuideachta a breithiúnas i bhfeidhm chun punanna cuí custaiméirí a shainaithint sa chaoi go bhfuiltear ag súil go réasúnach nach mbeadh tionchar na n-éifeachtaí ar na ráitis airgeadais a bheadh ag cur i bhfeidhm IFRS 15 ar an bpunann an-difriúil le cur i bhfeidhm IFRS 15 ar na conarthaí aonair sa phunann sin.

Sonraítear in IFRS 15 nár cheart ioncam a aithint ach más dóchúil go mbaileoidh an t-eintiteas an chomaoin a mbeidh sí ina teideal mar mhalairt ar na hearraí nó na seirbhísí a aistreofar chuig an gcustaiméir. Tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh, chinn an Chuideachta nach bhfuil aon ghrúpa inaitheanta custaiméirí ann ag pointe billeála agus bailithe ioncaim a measúnaíodh 'neamhdhóchúil'.

**(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin**
Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas i rith na bliana seo chugainn.

**a) Sócmhainní bonneagair agus na sócmhainní a úsáidimid inár gcuideachta**
Amhail an 31 Nollaig 2022, ba é comhiomlán mhaoin, gléasra agus trealamh agus shócmhainní doláimhsithe na Cuideachta agus €5,871.8 milliún (2021: €4,952.9 milliún), arbh ionann é sin agus formhór shócmhainní na Cuideachta. Mar sin, tá na meastacháin agus na toimhdí atá déanta agus an tsuim ghlanluacha á socrú ríthábhachtach do na ráitis airgeadais mar d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach ag in-aisghabhálacht méideanna, nó a mhalairt, ar thorthaí agus staid airgeadais na Cuideachta amach anseo.

*Bearnúchán*
Oibríonn an Chuideachta faoi chreat rialáilte arna riar ag an gCoimisiún um Rialála Fóntais. Mar sin, déanann an Chuideachta costais an chaiteachais chaipitil éifeachtaigh ar mhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a aisghabháil trí ioncaim rialáilte bunaithe ar Bhonn Rialála Sócmhainne ceadaithe. I gcomhlíonadh agus mar fhorlíonadh ar cheanglais bhearnúcháin Sócmhainní IAS 36, rinne an Chuideachta na hathbhreithnithe seo a leanas i rith na bliana:

1. Athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha maoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe ar dháta an tuairiscithe chun a dhéanamh amach cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin ann;
2. Rinneadh tástáil do bhearnúcháin ar shócmhainní dóláimhsithe atá á bhforbairt de €17.4 milliún amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €8.8 milliún); agus
3. Déantar comparáid idir an luach BSR agus an comhiomlán de na méideanna a thugtar anonn den RF&T agus sócmhainní doláimhsithe.

Tá an Chuideachta den tuairim nach bhfuil gá leis an muirear bearnúcháin. Is é an príomhbhonn tuisceana maidir leis an todhchaí atá á úsáid ag an gCuideachta agus í ag teacht ar an gconclúid sin ná go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh ag giniúint ioncam rialáilte bunaithe ar a BSR reatha.

Tá an Chuideachta tagtha ar an gcinneadh, tar éis na riachtanais chuí de IAS 1 Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais a mheas, nach bhfuil sé praiticiúil an tionchar a bheadh ag athrúchán ar an mbonn tuisceana seo a nochtadh, mar nach féidir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag srianta féideartha giniúna ioncaim nach bhfuil ar eolas againn a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo maidir leis an BSR atá ann cheana a mheas.

*Dímheas agus saolta úsáideacha*
Aithníonn an Chuideachta muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2022: €167.1 milliún agus 2021: €152.3 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas maoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe a dhíscríobh thar a saolréanna eacnamaíocha fónta measta.

I gcás maoine, gléasra agus trealaimh go háirithe, teastaíonn breithiúnais shuntasacha chun saolréanna eacnamaíocha fónta measta sócmhainní a chinneadh, atá bunaithe ar thaithí, ionchais faoin todhchaí agus tosca eile. Tá na saolréanna eacnamaíocha fónta measta do mhór-aicmiúcháin sócmhainní leagtha amach sna beartais chuntasaíochta seo. Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shaolréanna eacnamaíocha fónta sócmhainní gach bliain agus déantar aon athruithe riachtanacha a choigeartú go hionchasach. Áiríonn an t-athbhreithniú sin breithniú ar bheartais agus ar phleananna an Rialtais i réimse an athraithe ar son na haeráide agus spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá an Chuideachta tar éis teacht ar an gconclúid gurb iad na saolréanna sócmhainní reatha an meastachán is fearr ar shaolréanna eacnamaíocha fónta na sócmhainní.

## 1. Ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta (ar lean)

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht sócmhainní ag an gCuideachta, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag éagsúlachtaí idir saolréanna eacnamaíocha fónta iarbhír agus measta ar thorthaí sa todhchaí, idir dhearfach nó dhiúltach. Go stairiúil, níor shainaithin an Chuideachta aon athruithe ar shaolréanna eacnamaíocha fónta a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin.

**(b) Ioncam neamhbhilleáilte**
Ardaíonn an Chuideachta billí agus aithníonn sí ioncam de réir an chirt atá aici ioncam a fháil ag teacht le polasaí cuntasaíochta na Cuideachta. Braitheann an t-ioncam a aithnítear ar an méid atá dlite do na seirbhísí a chuirtear ar fáil idir dháta an léimh dheiridh méadair agus dheireadh na bliana, do chustaiméirí uisce agus dhramhuisce. Léitear na méadair ar bhonn timthriallach agus aithníonn an Chuideachta ioncam do luachanna neamhbhilleáilte bunaithe ar mhéideanna measta ón dáta billeála deiridh go dtí deireadh na bliana. Leis an luach measta ón mbille deiridh, cuirtear san áireamh an meánráta laethúil nó faisnéis chomhchosúil do chustaiméirí inchomparáide de réir líon na laethanta idir an dáta billeála deiridh agus deireadh na tréimhse tuairiscithe.

**(c) Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais**
Aithnítear liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais i ndáil le trádáil agus infháltais eile de réir bheartas cuntasaíochta na Cuideachta, i.e. meastar é agus úsáid á baint as maitrís soláthair fiachais de réir aoise bunaithe ar líon na laethanta atá an fiachas thar téarma agus ag cur taithí na Cuideachta ar chaillteanais creidmheasa i bhfeidhm, agus coigeartaithe le haghaidh coinníollacha eacnamaíochta chun tosaigh ag dáta an chláir chomhardaithe.

Ní léir fós an tionchar airgeadais a bhí ar thrádáil agus fáltais eile mar thoradh ar an timpeallacht dhúshlánach mhaicreacnamaíochta agus an aistarraingt de thacaíochtaí COVID-19. Is gá go méadaíonn sé sin leibhéal na héiginnteachta meastacháin maidir le caillteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhas ag dáta an chláir chomhardaithe, go háirithe maidir le meastachán a dhéanamh ar thionchair an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithigh ar bhailiú thrádáil na Cuideachta agus earraí infhaighte eile ar dháta an chláir chomhardaithe.

Chuir an Chuideachta raon leathan fachtóirí san áireamh agus í i mbun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas atá ann rátaí caillteanais chreidmheasa stairiúla a mhéadú chun tionchar an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithe a ionchorprú. Áiríodh ar na tosca a ndearnadh meastachán orthu réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus anailís ar chnámha scéil, measúnú tionchair ar chustaiméirí trí anailís stairiúil agus réamhbhreathnaitheach ar bhailiú airgid thirim do chustaiméirí.

Bunaithe ar athbhreithniú ar na tosca thuas, tá measúnú déanta ag an gCuideachta go mbeadh raon réasúnta idir €4.9 milliún agus €18.1 milliún i gceist le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha bhreise mar gheall ar an ionchas eacnamaíoch a bheidh le socrú. Tar éis breithniú cuí a dhéanamh, tháinig an Chuideachta ar an tátal gurb é €13.2 milliún an meastachán is fearr bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Mar sin féin, tá nósanna imeachta agus rialuithe maidir le bailiú fiach fós dírithe ar ghnóthú iomlán an mhéid a sonrascadh.

**(d) Oibleagáidí sochair scoir**
Déantar na heis-sreafaí airgid réamh-mheasta don sochar pinsin de chuid na Cuideachta atá mar bhonn dá hoibleagáid sochair shainithe a lascainiú ag ráta a shocraítear trí fhéachaint ar thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin. Teastaíonn breithiúnas suntasach agus na critéir á socrú chun bannaí a chur san áireamh leis an daonra óna ndíorthaítear an cuar toraidh. I measc na gcritéar is suntasaí a mheastar chun bannaí a roghnú, tá méid eisiúna na mbannaí corparáideacha, caighdeán na mbannaí sin agus asluitigh a aithint atá eisiata. Teastaíonn breithiúnas suntasach freisin agus an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide mar go bhfuil líon na mbannaí corparáideacha ardchaighdeáin fadreathacha le haghaidh tréimhsí níos faide gann. Tugtar le fios i nóta 16 na híogaireachtaí maidir leis na toimhdí bunúsacha a úsáideadh le dliteanais na scéime a thomhas.

**(e) Soláthairtí agus dliteanais eile**
Is gá breithiúnas, meastachán agus boinn tuisceana a úsáid agus measúnú á dhéanamh ar thoradh aigeadais bunaithe ar sheasamh gnó agus dlí áirithe a bhfuil éiginnteacht ag baint leo. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr na Cuideachta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh ar dócha a bheidh ann á mheas, bunaíonn an Chuideachta a measúnú ar fhíricí atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith réasúnta ar na cúinsí. Tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe lena chinntiú go bhfreagraíonn na méideanna a sholáthraítear/fhabhraítear don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta agus an tráthúlacht sa deireadh.

Tá forálacha "eile" na Cuideachta comhdhéanta go príomha d'éilimh dhlíthiúla, forálacha ceadanna slí agus éilimh chonraitheora. Áirítear anseo na forálacha a bhaineann le sócmhainní an bhonneagair uisce agus fuíolluisce a aistríodh chuig an gCuideachta ó na

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 1. Ráiteas faoi na polasaithe cuntasaíochta (ar lean)

hÚdaráis Áitiúla ar an 1 Eanáir 2014. Féach ar nóta 19 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi phróiseas athmheasúnaithe 2022. Áirítear anseo freisin soláthairtí a bhaineann le tionscadail chaipitiúla ar théarma níos faide, féach nóta 19 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Cuireadh na tionchair a bhí ag Covid-19 san áireamh freisin i bpróiseas athmheasúnaithe 2022 i dtaca le "dliteanais eile". Bunaithe ar athbhreithniú ar na tosca ábhartha go léir, lena n-áirítear éilimh a fuarthas, Treoir ón Oifig um Sholáthar Rialtais agus taithí éileamh roimhe seo (lena n-áirítear taithí éileamh Covid-19), rinne an Chuideachta a meastachán is fearr bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar an dliteanas a éilítear san am atá le teacht mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirtear faisnéis bhreise ar fáil.

I bhfianaise chineál na bhforálacha agus na ndliteanas sin agus na neamhchinnteachta meastachán atá i gceist, meastar nach bhfuil sé indéanta tuilleadh anailíse íogaireachta a dhéanamh ar na méideanna sin.

## 2. Ioncam

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam fóirdheontas Rialtais | **961,000** | 893,000 |
| Ioncam neamhtheaghlaigh | **221,814** | 198,480 |
| Ioncam ó cheangail nua | **125,944** | 99,601 |
| **Iomlán** | **1,308,758** | 1,191,081 |

*Féach nóta 1 le haghaidh sonraí ar bheartas cuntasaíochta ioncaim na Cuideachta agus anailís mhionsonraithe ar gach sruth ioncaim. Tá na breithiúnais agus na meastacháin chuntasaíochta ríthábhachtacha maidir le haithint ioncaim leagtha amach sa chuid ábhartha de nóta 1 freisin.*

## 3. Costais Oibriúcháin

| | | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Costas sochair fostaí | 4 | **(94,980)** | (60,622) |
| Comhaontú Leibhéal Seirbhíse Údaráis Áitiúil, párolla agus forchostais tacaíochta feidhme | 24 | **(221,842)** | (219,854) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | | **(252,847)** | (202,631) |
| Ábhair, cothabháil agus gléasra ar cíos | | **(122,833)** | (113,723) |
| Cíos, rátaí, fóntais agus árachas | | **(116,424)** | (121,039) |
| Costais lársheirbhísí idirbhirt agus tacaíochta | 24 | **(1,259)** | (49,320) |
| Costais oibriúcháin eile | | **(60,227)** | (36,608) |
| Fuascailt i dtaobh athmheasúnú dliteanas | | **4,005** | 11,899 |
| Coigeartú aistrithe néalríomhaireachta | 10 | **-** | (7,360) |
| **Costais oibriúcháin (roimh chaillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais)** | | **(866,407)** | (799,258) |
| Caillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | 11 | **(18,209)** | (9,479) |
| **Iomlán** | | **(884,616)** | (808,737) |

## 3. Costais Oibriúcháin (ar lean)

### Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

**(a) Luach saothair an iniúchóra[1]**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais eintitis | **(228)** | (202) |
| Seirbhísí árachais eile | **(6)** | - |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | **-** | - |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | **(9)** | - |
| Iomlán | **(243)** | (202) |

[1] ní áirítear CBL do-aisghabhála sna méideanna

Bhí roinnt seirbhísí árachais eile agus seirbhísí comhairleacha cánach léirithe i bhfaisnéisiú íocaíochta iniúchóra Ervia sa bhliain 2021 agus sna blianta roimhe sin, agus anois tá siad léirithe i bhfaisnéisiú íocaíochta iniúchóra Uisce Éireann le haghaidh 2022 agus na mbliana ina diaidh.

**(b) Luach saothair an stiúrthóra**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Stiúrthóirí - táillí | **-** | - |
| Stiúrthóirí - luach saothair | **(1,522)** | (998) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí leis an bpinsean sochair shainithe | **(143)** | (118) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí le pinsean ranníocaíochta sainithe | **(51)** | (19) |
| **Iomlán** | **(1,716)** | (1,135) |

Bunaíodh Bord Uisce Éireann nua ar 1 Eanáir 2023 i ndiaidh idirscartha dhlíthiúil ó Ervia. Léiríonn an faisnéisiú thuas íocaíocht na stiúrthóirí a bhí i bhfeidhm le linn 2022. I gcomhréir le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta, níl na stiúrthóirí i dteideal táillí a fháil. Ba é líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin le sochar sainithe dóibh agus 5 (2021: 5) agus ba é líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin sainithe dóibh agus 2 (2021: 2).

Léiríonn luach saothair na Stiúrthóirí le haghaidh 2022 agus 2021, mar atá nochta thuas, cionroinnt den luach saothair iomlán a tuilleadh mar fhostaithe a fuair tuarastal ó Ervia agus Uisce Éireann, bunaithe ar na seirbhísí a tugadh don Chuideachta sna blianta cúlghabhálacha. I ndiaidh idirscartha oibríochta sa bhliain 2022, sholáthair tromlach stiúrthóirí na Cuideachta a seirbhísí féin d'Uisce Éireann amháin sa bhliain 2022, seachas do thrí eintiteas Ervia mar a tharla sa bhliain 2021. Mhéadaigh sé seo cionroinnt na gcostas don Chuideachta agus dá réir sin méadaíodh íocaíocht na stiúrthóirí de réir na dtuairiscí le haghaidh 2022 i gcomparáid le 2021, mar a leagadh amach thuas. Leagann an tábla thíos comparáid mhacasamhail le macasamhail d'íocaíocht stiúrthóirí, trí ráta cionroinnte 2021 a chur i bhfeidhm don dá bhliain.

**Le haghaidh faisnéise, íocaíocht stiúrthóirí ag cur cionroinnt 2021 i bhfeidhm don dá bhliain;**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Stiúrthóirí - táillí | **-** | - |
| Stiúrthóirí - luach saothair | **(1,124)** | (998) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí leis an bpinsean sochair shainithe | **(106)** | (118) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí le pinsean ranníocaíochta sainithe | **(38)** | (19) |
| **Iomlán** | **(1,268)** | (1,135) |

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 3. Costais Oibriúcháin (ar lean)

**(c) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) tuarastal agus buntáistí**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | **(225)** | (200) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile le haghaidh fostaithe | **(24)** | (15) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(27)** | (24) |
| **Iomlán** | **(276)** | (239) |

## 4. Sochair Fostaithe

**(a) Sochair chomhiomlána le haghaidh fostaithe**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh baill foirne | **(100,779)** | (64,617) |
| Sochair iarfhostaíochta - scéim sochair shainithe | **(7,464)** | (6,271) |
| Sochair iarfhostaíochta - scéim le ranníocaíocht shainnithe | **(6,551)** | (4,060) |
| Costais árachais sóisialta | **(10,775)** | (6,890) |
| | **(125,569)** | (81,838) |
| Párolla caipitlithe | **30,589** | 21,216 |
| **Speansas sochair fostaí muirearaithe ar an ráiteas ioncaim** | **(94,980)** | (60,622) |

**(b) Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh ball foirne**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(96,183)** | (61,787) |
| Ragobair | **(101)** | (59) |
| Liúntais | **(1,655)** | (1,347) |
| Eile[1] | **(2,840)** | (1,424) |
| **Iomlán** | **(100,779)** | (64,617) |

[1] Áiríonn sochair fostaithe ghearrthéarmacha eile sochair árachais saoil bhuana agus liúntais taistil inchánach go príomha.

*Féach nóta 25 maidir le nochtadh phárolla na Cuideachta mar a cheanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014.*

Is é meánlíon na bhfostaithe a sholáthraíonn seirbhísí don Chuideachta, le haghaidh na bliana, ná 1,231 fostaí (2021: 823). I ndiaidh fógra an Rialtais ag rá go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas neamhspleách, faoi úinéireacht phoiblí, rialaithe; cuireadh clár suntasach oibre i gcrích sa bhliain 2021 chun idirscaradh oibríochta a bhaint amach ó Ervia. Aistríodh 355 fostaithe ó Ervia go dtí Uisce Éireann i ndiaidh sin le linn 2022.

## 5. Dímheas agus Amúchadh

| | | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh | 8 | **(126,989)** | (103,230) |
| Dímheas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (ráiteas ioncaim) | 9 | **(5,960)** | (3,593) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 10 | **(29,706)** | (41,757) |
| Muirear bearnúcháin | 8 | **(4,573)** | (4,030) |
| Coigeartú aistrithe néalríomhaireachta | 10 | **-** | 262 |
| Amúchadh deontais | 18 | **80** | 70 |
| **Iomlán** | | **(167,148)** | (152,278) |

## 6. Costais Airgeadais

| | | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Costais úis agus airgeadais | | **(4,228)** | (4,458) |
| Ús caipitlithe | | **880** | 1,636 |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa (ráiteas ioncaim) | 9 | **(512)** | (277) |
| Glanioncam úis ar an nglandliteanas sochair shainithe | 16 | **(460)** | (328) |
| **Iomlán** | | **(4,320)** | (3,427) |

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 7. Tax

**Cáin ioncaim**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Creidmheas cánach reatha | **-** | 151 |
| Speansas cánach iarchurtha | **(32,090)** | (27,299) |
| **Cáin ioncaim iomlán** | **(32,090)** | (27,148) |

**Réiteach an ráta cánach iarbhír**

| | | |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | **252,674** | 226,639 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2021: 12.5%) | **(31,584)** | (28,330) |
| Dímheas ar chaiteachas caipitil nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **(1,156)** | (594) |
| Speansais eile nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | **(203)** | (224) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | **508** | 893 |
| Ioncam inchánach ag rátaí níos airde | **(85)** | (61) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta airgeadais roimhe seo | **430** | 1,168 |
| **Costas iomlán cánach ioncaim** | **(32,090)** | (27,148) |

*Féach ar ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoi na tionchair chánach ann.*

**Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainn cánach reatha** | **-** | 151 |

**Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| | Oibleagáidí pinsin €'000 | Caillteanais chánach ar aghaidh €'000 | Dímheas luathaithe cánach €'000 | Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | 2,893 | 54,068 | (137,056) | 138 | (79,957) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 148 | 24,648 | (52,000) | (95) | (27,299) |
| Aitheanta i gcothromas | (1,014) | - | - | - | (1,014) |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | 2,027 | 78,716 | (189,056) | 43 | (108,270) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | **1,109** | **23,767** | **(56,741)** | **(225)** | **(32,090)** |
| Aitheanta i gcothromas | **(2,146)** | **-** | **-** | **42** | **(2,104)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **990** | **102,483** | **(245,797)** | **(140)** | **(142,464)** |

## 8. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Maoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | **5,778,338** | 4,873,978 |
| Maoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní ceartúsáide | **30,479** | 10,864 |
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh - mar a thuairiscítear sa chlár comhardaithe iad** | **5,808,817** | 4,884,842 |

**Maoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht**

| | Sócmhainní bonneagair €'000 | Sócmhainní oibriúcháin €'000 | Sócmhainní neamhlíonra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | 1,848,575 | 1,290,814 | 140,555 | 1,207,950 | 4,487,894 |
| Breiseanna | - | - | 216 | 833,730 | 833,946 |
| Diúscairtí | - | - | (152) | - | (152) |
| Aistrithe | 520,939 | 514,210 | 61,420 | (1,096,569) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | 2,369,514 | 1,805,024 | 202,039 | 945,111 | 5,321,688 |
| | | | | | |
| Breiseanna | **-** | **-** | **-** | **1,035,630** | **1,035,630** |
| Diúscairtí | **-** | **-** | **(18)** | **-** | **(18)** |
| Aistrithe | **476,049** | **274,095** | **43,249** | **(793,393)** | **-** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **2,845,563** | **2,079,119** | **245,270** | **1,187,348** | **6,357,300** |
| | | | | | |
| **Caillteanais charntha dímheasa agus bearnúcháin** | | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | (109,322) | (172,974) | (58,223) | - | (340,519) |
| Muirear dímheasa | (25,832) | (58,514) | (18,884) | - | (103,230) |
| Muirear bearnúcháin | - | - | - | (4,030) | (4,030) |
| Diúscairtí | - | - | 69 | - | 69 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | (135,154) | (231,488) | (77,038) | (4,030) | (447,710) |
| | | | | | |
| Muirear dímheasa | **(34,427)** | **(69,080)** | **(23,482)** | **-** | **(126,989)** |
| Muirear lagaithe | **-** | **-** | **-** | **(4,279)** | **(4,279)** |
| Diúscairtí | **-** | **-** | **16** | **-** | **16** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **(169,581)** | **(300,568)** | **(100,504)** | **(8,309)** | **(578,962)** |
| | | | | | |
| **Méideanna anonn** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2021 | **2,234,360** | **1,573,536** | **125,001** | **941,081** | **4,873,978** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **2,675,982** | **1,778,551** | **144,766** | **1,179,039** | **5,778,338** |

Baineann an muirear bearnúcháin de €4.3 milliún sa bhliain 2022 (2021: €4.0 milliún) le tionscadail forbartha bonneagair, agus áiríodh é roimhe seo laistigh de phlean infheistíochta caipitiúil na Cuideachta, agus socraíodh nach rachaidh siad ar aghaidh a thuilleadh mar gheall ar réitigh mhalartacha a bheith aitheanta.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 9. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa

## An Chuideachta mar Léasaí

Chuaigh an Chuideachta i mbun socruithe léasa éagsúla a bhaineann den chuid is mó le foirgnimh agus talamh a ligean ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a chur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

### (a) Méideanna arna n-aithint sa Chlár Comhardaithe

**Sócmhainní ceart úsáide**

| | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | 19,309 | 19,309 |
| Breiseanna | 2,252 | 2,252 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | 21,561 | 21,561 |
| | | |
| Léas ar glacadh leis faoi idirbheart rialaithe comónta[1] | **14,878** | **14,878** |
| Léas a tugadh isteach ó pháirtí lena bhaineann[2] | **12,982** | **12,982** |
| Breiseanna | **1,156** | **1,156** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **50,577** | **50,577** |
| | | |
| **Caillteanais charntha dímheasa agus bearnúcháin** | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | (6,689) | (6,689) |
| Muirear dímheasa | (4,008) | (4,008) |
| Diúscairtí | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | (10,697) | (10,697) |
| | | |
| Dímheas léasa ar glacadh leis faoi idirbheart rialaithe comónta[1] | **(3,026)** | **(3,026)** |
| Muirear dímheasa[3] | **(6,375)** | **(6,375)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **(20,098)** | **(20,098)** |
| | | |
| **Méideanna glanluacha** | | |
| Ar an 31 Nollaig 2021 | 10,864 | 10,864 |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **30,479** | **30,479** |

**Dliteanais léasa**

| | |
|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | (13,222) |
| Breiseanna | (2,253) |
| Costais úis | (277) |
| Íocaíochtaí léasa[4] | 3,740 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021[5]** | (12,012) |
| | |
| Breiseanna | **(26,953)** |
| Costais úis | **(517)** |
| Íocaíochtaí léasa[4] | **8,476** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022[5]** | **(31,006)** |

## 9. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (ar lean)

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(26,677)** | (9,201) |
| Reatha | **(4,329)** | (2,811) |
| **Iomlán** | **(31,006)** | (12,012) |

[1]Mar chuid de idirscaradh dlíthiúil ó Ervia, ghlac an Chuideachta oibleagáidí léasa oifige ó Ervia sa bhliain 2022. Féach nóta 24 le haghaidh tuilleadh sonraí.

[2]Le linn na bliana chuaigh an Chuideachta isteach i socrú léasa oifige le páirtí lena bhaineann. Féach nóta 24 le haghaidh tuilleadh sonraí.

[3] Le linn na bliana, chaipitligh an Chuideachta Sócmhainní €0.415 milliún i ndímheas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide bainteach leo (2021:€0.415 milliún) agus caipitlíodh €0.005 milliún de tháillí airgeadais dliteanais léasa (2021: nialas).

[4] Áirítear ar íocaíochtaí léasa, íocaíochtaí as príomhchuid an dliteanais léasa, a chuirtear i láthair mar ghníomhaíochtaí maoinithe de luach €8.0 milliún (2021: €3.5 milliún) sa ráiteas ar shreafaí airgid.

[5] Níl an Chuideachta ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dliteanais léasa. Féach nóta 15 d'anailís aibíochta ar dhliteanais léasa.

### (b) Méideanna eile aitheanta sa ráiteas ioncaim

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **(7,349)** | (6,732) |
| **Iomlán** | **(7,349)** | (6,732) |

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 10. Sócmhainní Doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | Bogearraí á bhforbairt €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | 274,067 | 7,849 | 281,916 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 16,917 | 16,917 |
| Aistrithe | 15,972 | (15,972) | - |
| Coigeartú idirbhearta néalríomhaireachta | (7,360) | - | (7,360) |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | 282,679 | 8,794 | 291,473 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | **-** | **24,931** | **24,931** |
| Aistrithe | **16,326** | **(16,326)** | **-** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **299,005** | **17,399** | **316,404** |
| **Caillteanais charntha amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | (181,928) | - | (181,928) |
| Muirear amúchta | (41,757) | - | (41,757) |
| Coigeartú idirbhearta néalríomhaireachta | 262 | - | 262 |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | (223,423) | - | (223,423) |
| Muirear bearnúcháin | **-** | **(294)** | **(294)** |
| Muirear amúchta | **(29,706)** | **-** | **(29,706)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **(253,129)** | **(294)** | **(253,423)** |
| **Méideanna Glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2021 | 59,256 | 8,794 | 68,050 |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | **45,876** | **17,105** | **62,981** |

I mí Aibreáin 2021 d'fhoilsigh Coiste Léirmhínithe IFRS cinneadh críochnaitheach don chlár oibre, cinneadh ina shoiléirítear conas caiteachais áirithe um chumraíocht agus shaincheapadh, a bhaineann le socruithe néalríomhaireachta, a aithint. Ba cheart costais nach gcomhlíonann na critéir chaipitlithe a chlárú mar chaiteachas mar a thabhaítear iad. Sa bhliain 2021, d'athraigh an Chuideachta a polasaí cuntasaíochta chun ailíniú le cinneadh an chláir oibre agus cláraíodh costais chaipitlithe roimhe seo mar chaiteachas sa tréimhse reatha, costais nach bhfuil cáilithe le haghaidh caipitlithe a thuilleadh (níor cuireadh feidhm chúlghabhálach i bhfeidhm toisc nach bhfuil an tsuim ábhartha). Tá glanchoigeartú aistrithe néalríomhaireachta de €7.1 milliún curtha i láthair thuas, tá tionchair chomhfhreagracha ráitis ioncaim curtha i láthair i nótaí 3 agus 5, agus tá coigeartú ráiteas sreafa airgid (neamhairgid) curtha i láthair i nóta 14.

# 11. Trádáil agus Infháltais Eile

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | **35,368** | 31,620 |
| Tomhaltas nár gearradh bille air | **48,946** | 46,659 |
| iarmhéideanna airgid srainta i seilbh Údaráis Áitiúla | **-** | 2,193 |
| Méideanna dlite ó pháirtithe gaolmhara | **27,053** | 30,535 |
| Clár Aisíocaíochta Custaiméara atá infhála ón Rialtas | **12,973** | 13,013 |
| Infháltais Eile | **3,140** | 3,106 |
| **Fo-iomlán** | **127,480** | 127,126 |
| Réamhíocaíochtaí | **22,945** | 12,285 |
| **Iomlán** | **150,425** | 139,411 |
| | | |
| Neamh-reatha | **290** | 4,252 |
| Reatha | **150,135** | 135,159 |
| **Iomlán** | **150,425** | 139,411 |

Sonraítear trádáil agus infháltais eile gan caillteanais chreidmheasa ionchais a áireamh agus aicmítear iad sna ráitis airgeadais mar reatha nó neamhreatha i gcomhréir lena réadú ionchais. Féach ar nóta 1 chun measúnú a fháil ar na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá curtha i bhfeidhm. Féach ar nóta 24 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le hiarmhéideanna le páirtithe bainteacha agus iarmhéideanna airgid srianta atá i seilbh na nÚdarás Áitiúil.

### Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais

Níl aon chomhchruinniú ábhartha riosca creidmheasa i gceist mar go gcuimsíonn infháltais trádála na Cuideachta méideanna atá dlite ó líon mór custaiméirí nach custaiméirí tí iad, agus iad scaipthe thar thionscail éagsúla.

Athraíonn na téarmaí creidmheasa do chustaiméirí tráchtála de réir réigiúin Údaráis Áitiúil, ag dul suas go 45 lá. Tá srian curtha ar an gCuideachta ó athrú a dhéanamh ar na téarmaí creidmheasa seo, ach deanfar obair chun iad seo a ailíniú mar chuid den phróiseas foriomlán chun taraifí tráchtála a chomhoiriúnú. Déantar bainistiú ar riosca creidmheasa infháltais tráchtála trí mhonatóireacht réamhghníomhach agus bainistíocht a dhéanamh ar iarmhéideanna infháltais tráchtála. Tar éis aistriú na bhféichiúnaithe nach féichiúnaithe tí iad ó 31 Údarás Áitiúil i 2017, tá infheictheacht agus smacht iomlán ag an gCuideachta maidir le gach gné den ghníomhaíocht chreidmheasa agus bhailithe. Déanann foireann bailiúcháin creidmheasa na Cuideachta bainistíocht ghníomhach ar chuntais i riaráiste trí mheasúnú iar-iniúchta custaiméara. Tá an Chuideachta ag déanamh forbairt agus feabhsúchán leanúnach ar a chleachtais bhainistíochta riosca creidmheasa.

Tá roinnt iarmhéideanna infháltais eile ag an gCuideachta atá dlite ó Údaráis Áitiúla agus ó pháirtithe bainteacha eile. Bíonn an Chuideachta i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla ar bhealach gníomhach agus ar bhonn rialta agus creideann an Chuideachta nach bhfuil ach riosca creidmheasa an-íseal ag eascairt as idirbhearta le hÚdaráis Áitiúla.

Díscríobhann an Chuideachta infháltas trádála áit gurb ann d'fhaisnéis a shonraíonn go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach dócha le réasún go dtarlóidh aisghabháil e.g. nuair atá an féichiúnaí curtha faoi leachtú nó nuair atá siad tar éis dul isteach in teagmhais féimheachta. Tá an próiseas sin faoi réir rialachas inmheánach láidir mar a luaitear thíos. Níl ceann ar bith de na hinfháltais tráchtála a díscríobhadh faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

Tá uas-nochtadh infháltas trádála agus infháltas do riosca creidmheasa, ar an dáta tuairiscithe, leagtha amach thíos. Eisiatar réamhíocaíochtaí toisc nach n-eascraíonn aon riosca creidmheasa.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 11. Trádáil agus infháltais eile (ar lean)

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | **35,368** | 31,620 |
| Tomhaltas nár gearradh bille air | **48,946** | 46,659 |
| Iarmhéid airgid srainta seilbh Údaráis Áitiúla | **-** | 2,193 |
| Méideanna dlite ó pháirtithe gaolmhara | **27,053** | 30,535 |
| Clár Aisíocaíochta Custaiméara Infhála ón Rialtas | **12,973** | 13,013 |
| Infháltais Eile | **3,140** | 3,106 |
| **Iomlán** | **127,480** | 127,126 |

Tá aosú na n-infháltas trádála leagtha amach thíos. Ní raibh aon infháltas ag an gCuideachta a bhí thar an am dlite nó bearnaithe.

| | Ollmhéid anonn 31-Nollaig-22 €'000 | Liúntas do chaillteanais chreidmheasa ionchais 31-Nollaig-22 €'000 | Glan-infháltas 31-Nollaig-22 €'000 | Ollmhéid anonn 31-Nollaig-21 €'000 | Liúntas do chaillteanais chreidmheasa ionchais 31-Nollaig-21 €'000 | Glan-infháltas 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Nach bhfuil thar an dáta dlite | **110,658** | **(13,730)** | **96,928** | 115,182 | (16,735) | 98,447 |
| 1-365 lá thar am | **67,844** | **(40,308)** | **27,536** | 59,586 | (34,027) | 25,559 |
| >1 bhliain | **84,939** | **(81,923)** | **3,016** | 83,496 | (80,376) | 3,120 |
| **Iomlán** | **263,441** | **(135,961)** | **127,480** | 258,264 | (131,138) | 127,126 |

Léirítear sa tábla seo a leanas gluaiseacht an liúntais maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais i gcás earraí infháltas trádála:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | **(131,138)** | (130,000) |
| Caillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | **(18,210)** | (9,479) |
| Liúntas a úsáideadh | **13,387** | 8,341 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(135,961)** | (131,138) |

Roimh 2017, agus ag teacht leis na Comhaontuithe Seirbhíse, rinne na hÚdaráis Áitiúla, agus iad ag obair mar ghníomhairí don Chuideachta, billí a chur amach le haghaidh infháltais thrádála ghnó agus na hinfháltais sin a bhailiú thar ceann na Cuideachta. Chríochnaigh an Chuideachta ascnamh na bpróiseas um billeáil ghnó de chuid na 31 Údarás Áitiúil in 2017, agus leis sin tógadh le chéile gach gné de bhainistíocht seirbhísí uisce le haghaidh billeála agus ioncam faoin gCuideachta. Tá an tréimhse ó ascnamh na bpróiseas um billeáil ghnó réasúnta gearr, agus mar sin agus mar a sonraíodh roimhe, tá an Chuideachta fós ag forbairt agus ag feabhsú a cuid cleachtas um bainistíocht riosca creidmheasa. Is é beartas na Cuideachta ná fiacha a dhíscríobh i ach amháin, nuair nach bhfuil an custaiméir ag úsáid ár seirbhíse a thuilleadh agus nuair a bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmithe na Cuideachta go léir triailte. Tá an próiseas seo faoi réir athbhreithnithe agus ceada Choiste Creidmheasa na Cuideachta agus tá an próiseas ag cloí le nósanna imeachta rialachais inmheánaigh. Rinneadh líon teoranta d'fhéichiúnaithe gnó a dhíscríobh go dtí seo. Mar gheall ar na tosca sin, is é an toradh a bhí ar fheidhmiú beartas cuntasaíochta na Cuideachta, maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais ar infháltais thrádála a aithint, ná go ndearnadh foráil do chaillteanais chreidmheasa ionchais de 64% dá oll-infháltais thrádála ghnó amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: 63%). Is ionann an muirear ar chaillteanais chreidmheasa ionchais maidir le hinfháltais ghnó, arna aithint ag an gCuideachta sa bhliain 2021, agus 8% den ioncam gnó a aithníodh sa bhliain 2022 (2021: 5%). Féach ar nóta 1 chun measúnú a fháil ar na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá i bhfeidhm.

## 12. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (Atá ar Fáil d'Úsáid Cuideachta)

Tá iarmhéideanna airgid, taiscí bainc gearrthéarmacha le bunaibíocht ar laghad de thrí mhí i gceist le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a bhí ar fáil d'úsáid cuideachta agus níl aon srianta conartha i gceist maidir le húsáid na gcistí seo. Tugann suim ghlanluacha na sócmhainní seo neasluach dá luach cóir. Féach ar nóta 21 le haghaidh nochtaí riosca creidmheasa cisteáin.

Cuimsíonn airgead tirim agus a choibhéisí ranníocaíochtaí a fhaightear roimh ré ó chustaiméirí do cheangail nua (féach nóta 17). Coinnítear na ranníocaíochtaí sin in airgead tirim agus a choibhéisí chun na gníomhaíochtaí nasctha gaolmhara nua a mhaoiniú. Níl srianta conartha ar úsáid na gcistí seo.

| | 31-Nollaig-22<br>€'000 | 31-Nollaig-21<br>€'000<br>*Athshonraithe*[1] | 01-Eanáir-21<br>€'000<br>*Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh | **11,591** | 6,895 | 3,678 |
| Taiscí gearrthéarmacha | **298,695** | 281,144 | 189,696 |
| **Iomlán** | **310,286** | 288,039 | 193,374 |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

## 13. Urrúis Airgeadais

Coimeádtar urrúis mar chomhthaobhacht ag an gCuideachta maidir le conarthaí tógála tríú páirtí ar feadh ré an tionscadail tógála agus scaoiltear iad tar éis an tionscadail agus tréimhse dliteanais lochtanna 12 mí a bheith curtha i gcrích. Tá srianta conartha ar chumas na Cuideachta úsáid a bhaint as an airgead seo.

Tuairiscítear urrúis a choimeádtar ar thaiscí ar théarma níos mó ná 3 mhí ag an dáta ceannacháin mar 'Shócmhainní Airgeadais". Tá Coimeádtar an fuílleach i gcuntais bhainc atá inrochtana don Chuideachta agus dá réir sin tuairiscítear iad mar "Airgead agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna airgid thirim".

**Sócmhainní airgeadais - urrús coimeádta ar thaisce téarma**

| | 31-Nollaig-22<br>€'000 | 31-Nollaig-21<br>€'000<br>*Athshonraithe*[1] | 01-Eanáir-21<br>€'000<br>*Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|
| Taiscí fadtéarmacha | **55,000** | - | - |
| **Iomlán** | **55,000** | - | - |

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí**

| | 31-Nollaig-22<br>€'000 | 31-Nollaig-21<br>€'000<br>*Athshonraithe*[1] | 01-Eanáir-21<br>€'000<br>*Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh | **3,534** | 4,784 | 17,925 |
| Taiscí gearrthéarmacha | **-** | 33,000 | - |
| **Iomlán** | **3,534** | 37,784 | 17,925 |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 14. Airgead Tirim a gineadh ó Oibríochtaí

| | | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **220,584** | 199,491 |
| Coigeartuithe do: | | | |
| Dhímheas agus amúchadh | 5 | **167,148** | 152,278 |
| Choigeartú aistrithe néalríomhaireachta | 10 | **-** | 7,360 |
| Chostais airgeadais | 6 | **4,320** | 3,427 |
| Chostas sochair scoir | | **681** | 1,056 |
| Chostais cánach ioncaim | 7 | **32,090** | 27,148 |
| | | **424,823** | 390,760 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athrú ar thrádáil agus ar in-íocaíochtaí eile | | **(15,927)** | (29,410) |
| Athrú ar thrádáil agus infháltais eile | | **5,417** | (41,204) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | **62,605** | 58,442 |
| Athrú ar sholáthairtí | | **(9,717)** | (13,780) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **467,201** | 364,808 |
| Míreanna eisceachtúla – aisíocaíochtaí custaiméara agus costais phróiseála ghaolmhara | 19 | **(4)** | (11) |
| Míreanna eisceachtúla – ioncam deontais a fuarthas | 19 | **40** | 59 |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **467,237** | 364,856 |
| Ús íoctha | | **(4,719)** | (4,301) |
| Cáin ioncaim isteach | | **151** | - |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **462,669** | 360,555 |

## 15. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar faisnéis faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí agus an fhiachais eile de chuid na Cuideachta a ngabhann ús leo. Féach ar nóta 21 le haghaidh tuilleadh faisnéise ar nochtadh na Cuideachta do riosca ráta úis agus riosca leachtachta.

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Saoráidí ó Rialtas | **(613,499)** | (501,619) |
| Dliteanais léasa | **(31,006)** | (12,012) |
| **Iomlán** | **(644,505)** | (513,631) |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | **(640,176)** | (510,820) |
| Reatha | **(4,329)** | (2,811) |
| **Iomlán** | **(644,505)** | (513,631) |
| | | |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | **(4,329)** | (2,811) |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | **(11,036)** | (9,131) |
| Níos mó ná cúig bliana | **(629,140)** | (501,689) |
| **Iomlán** | **(644,505)** | (513,631) |

Tá iasachtaí inaisíoctha seachas ina dtráthchuid.

### Glanfhiachas

| | | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 *Athshonraithe*[1] | 01-Eanáir-21 €'000 *Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus fiachas eile san iomlán | | **(644,505)** | (513,631) | (384,781) |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - atá ar fáil d'úsáid cuideachta | 12 | **310,286** | 288,039 | 193,374 |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | 13 | **3,534** | 37,784 | 17,925 |
| **Glanfhiachas** | | **(330,685)** | (187,808) | (173,482) |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 15. Iasachtaí agus Fiachas Eile (ar lean)

**Athruithe ar dhliteanais ag eascairt ó ghníomhaíochtaí maoinithe**

| | | Iasachtaí ó instituiúidí airgeadais €'000 | Saoráidí ó Rialtas €'000 | Dliteanais léasa €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2021** | | - | (371,559) | (13,222) | (384,781) |
| Fáltais | | (75,000) | (130,060) | - | (205,060) |
| Aisíoc | | 75,000 | - | - | 75,000 |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 9 | - | - | 3,463 | 3,463 |
| Neamhairgead | | - | - | (2,253) | (2,253) |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | | - | (501,619) | (12,012) | (513,631) |
| Fáltais | | **-** | **(111,880)** | **-** | **(111,880)** |
| Aisíoc | | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 9 | **-** | **-** | **7,959** | **7,959** |
| Neamhairgead | | **-** | **-** | **(26,953)** | **(26,953)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | | **-** | **(613,499)** | **(31,006)** | **(644,505)** |

## 16. Oibleagáidí Sochair Scoir

Oibríonn an Chuideachta scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe. Chomh maith leis sin, lean roinnt fostaithe a thosaigh ag soláthar seirbhísí don Chuideachta le linn 2022, ar aghaidh ag glacadh páirte i scéim pinsin sochair sainithe Ervia roimh an idirscaradh dlíthiúil ó Ervia ar an 1 Eanáir 2023 (féach nóta 26).

### (a) Scéim pinsin le sochar sainithe de chuid Uisce Éireann

Feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocach le sochar sainithe mar a éilítear faoi ailt 19 agus 27 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 maidir le fostaithe na Cuideachta, a bhí ag obair roimhe sin do na hÚdaráis Áitiúla nó don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Bunaíodh scéim le sochar sainithe Uisce Éireann ar an 27 Eanáir 2017. Soláthraíonn an scéim sochair scoir bunaithe ar thuarastal inphinsin deiridh agus tuarastal glan inphinsin i dtaca le seirbhís inphinsin, chomh maith le "gné thimfhillteach" a choimeádann, ar an iomlán, an nasc tuarastail deiridh maidir le seirbhís inphinsin a thugtar chun críche i Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil nó aon Scéim Aoisliúntais a bhaineann le Státseirbhísigh.

Is é an Bord Iontaobhaithe ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra a riarann an scéim sochair shainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialú, rud a chuimsíonn comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha go léir. Coimeádtar sócmhainní na scéime as féin amach ó shócmhainní na Cuideachta i gcistí arna riar ag iontaobhaithe. Rinne achtúire cáilithe an luacháil ba dheireanaí ar an scéim le sochar sainithe ar an 1 Aibreán 2022. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2025.

## 16. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Mar gheall ar an scéim, tá an Chuideachta nochta ar roinnt rioscaí, seo a leanas na cinn is suntasaí:

### Luaineacht sócmhainne

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí corporáideacha. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d'fhéadfadh sé sin easnamh ní ba mhó a chruthú. Tá cuid shuntasach de shócmhainní fáis (gnáthscaireanna) ag an scéim agus cé go bhfuiltear ag súil go bhfeidhmeoidh siad níos fearr ná bannaí corparáide níos san fhadtéarma, cruthaíonn siad luaineacht agus riosca breise sa ghearrthéarma.

### Athruithe ar thorthaí bannaí

Má thagann laghdú ar thorthaí bannaí corparáideacha, tiocfaidh ardú ar an luach a chuirtear ar dhliteanais chun críocha cuntasaíochta, cé go ndéanfaidh ardú ar luach aon ghabhháltais bannaí an t-ardú sin a fhritháireamh i bpáirt.

### Boilsciú tuarastail

Ós rud é gur scéim tuarastail deiridh atá i gceist, tá nochtadh i leith sochair níos airde ann mar gheall ar mhéaduithe níos airde ar thuarastail ná mar a ndearnadh foráil dóibh sna foshuíomhanna. Déanann na boinn tuisceana a úsáidtear chun an tuarastal deireadh a fhortheilgean ionchorprú ar bhall a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas i gcomhair incrimintí agus arduithe céime.

### Boilsciú

Tá oibleagáidí sochair shainithe na scéime nasctha le boilsciú (tá na sochair nasctha le harduithe ar thuarastal do chomhaltaí gníomhacha, agus tá na sochair choinnithe nasctha ar bhonn lánroghnach le harduithe a thugtar ar phinsean iarscoir do chomhaltaí iarchurtha). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Tá thart ar chúigiú cuid den chiste infheistithe i mbannaí bhoilsciúnasctha mar chomhoiriúint ar fhíor dhliteanais mar sin.

### Riosca ionchais saoil

Tá formhór oibleagáidí na scéime ann le sochair a chur ar fáil do shaol an bhaill (agus a chleithiúnaithe), agus tiocfaidh ardú ar na dliteanais mar thoradh ar arduithe ar an ionchas saoil.

| | **31-Nollaig-22 €'000** | **31-Nollaig-21 €'000** |
|---|---|---|
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | |
| **Gnáthscaireanna** | **19,284** | 19,567 |
| • margaí forbartha | **19,284** | 19,567 |
| **Bannaí** | **5,338** | 6,583 |
| • nasctha le boilsciú | **5,338** | 6,583 |
| Airgead tirim | **947** | - |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | **697** | 698 |
| **Luach cóir sócmhainní plean** | **26,266** | 26,848 |
| Oibleagáid sochar sainithe | **(46,908)** | (63,498) |
| **Oibleagáid glansochair shainithe** | **(20,642)** | (36,650) |

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 16. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

### Straitéis Infheistíochta

Tá straitéis infheistíochta tosaithe atá dírithe ar fhás comhaontaithe ag an gCuideachta agus na hIontaobhaithe (75% fás /25% meaitseáil dliteanais).

**Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe**

| | Dliteanas sochair shainithe | | Luach cóir sócmhainní plean | | Oibleagáid glansochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | **(63,498)** | (61,436) | **26,848** | 18,123 | **(36,650)** | (43,313) |
| **Ráiteas Ioncaim:** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(5,063)** | (5,118) | **-** | - | **(5,063)** | (5,118) |
| Ús ar dhliteanais agus sócmhainní | **(855)** | (491) | **395** | 163 | **(460)** | (328) |
| | **(5,918)** | (5,609) | **395** | 163 | **(5,523)** | (5,446) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile:** | | | | | | |
| Brabús ar shócmhainní plean, ioncam úis as an áireamh | **-** | - | **(5,818)** | 4,085 | **(5,818)** | 4,085 |
| Gnóthachain/(caillteanais) taithí ar dhliteanais | **(4,373)** | 1,679 | **-** | - | **(4,373)** | 1,679 |
| Athruithe ar thoimhdí achtúireacha | **27,348** | 2,351 | **-** | - | **27,348** | 2,351 |
| Athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | **8** | - | **-** | - | **8** | - |
| | **22,983** | 4,030 | **(5,818)** | 4,085 | **17,165** | 8,115 |
| Ranníocaíochtaí na bhfostóirí | **-** | - | **4,366** | 3,994 | **4,366** | 3,994 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | **(737)** | (675) | **737** | 675 | **-** | - |
| Sochair a íocadh | **262** | 192 | **(262)** | (192) | **-** | - |
| | **(475)** | (483) | **4,841** | 4,477 | **4,366** | 3,994 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(46,908)** | (63,498) | **26,266** | 26,848 | **(20,642)** | (36,650) |

Ba í meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe ar an 31 Nollaig 2022 ná thart ar 26 bliain (2021: 29 bliain). Tá an Chuideachta ag súil go ranníocfaidh sí €4.2 milliún lena plean pinsin sa bhliain 2023.

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **3.65%** | 1.35% |
| Toimhde maidir le boilsciú | **2.50%** | 1.90% |
| Ráta méadaithe ar thuarastail* | **3.00%** | 2.40% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | **2.50%** | 1.90% |

*Móide scála tuarastail le meáduithe ardú céime a cheadú

## 16. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Ag dul ar scor inniu | Mná | **24.8** | 24.6 |
| | Fir | **23.0** | 22.9 |
| Dul ar scor in 25 bliain | Mná | **27.0** | 26.9 |
| | Fir | **25.1** | 25.1 |

**Anailís íogaireachta do na toimhdí a úsáideadh go príomha chun dliteanais na scéime a thomhas**

Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na boinn tuisceana airgeadais agus déimeagrafacha a glacadh chun luach achtúireach oibleagáid sochair shainithe na Cuideachta a ríomh. Déanann an tábla seo a leanas anailís ar an tionchar measta a bheadh ar dhliteanais scéime ag athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha.

| Toimhde | Athrú ar bhonn tuisceana | Éifeacht ar dhliteanais na scéimeanna |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | Méadú/laghdú 0.25% | Laghdú 6.0%/méadú 6.5% |
| Boilsciú | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú 6.2%/laghdú 5.8% |
| Tuarastal | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú 6.0%/laghdú 5.8% |
| Básmhaireacht | Méadú/laghdú aon bhliain amháin | Méadú 2.3%/laghdú 2.4% |

### (b) Scéim pinsin sochair shainithe ar tugadh cuntas ina leith mar Phlean Grúpa

D'oibrigh Grúpa Ervia scéim pinsin le sochar sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Tugadh cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa de réir CIC 19. D'aithin Ervia, mar fhostóir urraithe na scéime, an glanchostas sochair shainithe, agus ní aithníonn an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fostaithe Cuideachta.

Níl raibh aon chomhaontú conartha ná beartas sonraithe i bhfeidhm chun costas glansochar sainithe na Cuideachta a mhuirearú. Rinne achtúire na scéime pinsin an ráta ranníocaíochta maoinithe a ríomh gach 3 bliana, do Ghrúpa Ervia ina iomláine. Cinneadh méid ranníocaíochta na Cuideachta trí ráta ranníocaíochta Ghrúpa Ervia a chur i bhfeidhm ar thuarastail na bhfostaithe rannpháirteacha in Uisce Éireann. Féach Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia le haghaidh nochtadh iomlán i leith na scéime. Féach nóta 26 le haghaidh nochtadh teagmhais dá éis maidir le dualgais sochar sainithe a ghlac Uisce Éireann i ndiaidh an idirscaradh dlíthiúil ó Ervia.

Tá costas na ranníocaíochtaí seo leagtha amach thíos agus tá sé san áireamh i gcostas sochair fostaithe na Cuideachta (nóta 4) agus sainaithnítear é mar idirbheart páirtí gaolmhar i nóta 24.

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Costais phinsean | **(2,401)** | (1,153) |

### (c) Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Déanann an Chuideachta ranníocaíochtaí le Scéim Ranníocaíochta Sainithe Uisce Éireann thar ceann a fostaithe. Gearrtar na costais seo ar an ráiteas ioncaim agus nochtar iad i nóta 4.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 17. Ioncam Iarchurtha

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(249,799)** | (191,357) |
| Faighte | **(188,615)** | (158,043) |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **125,944** | 99,601 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(312,470)** | (249,799) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Nollaig-22<br>€'000 | 31-Nollaig-21<br>€'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(157,904)** | (136,114) |
| Reatha | **(154,566)** | (113,685) |
| **Iomlán** | **(312,470)** | (249,799) |

Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó cheangail nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim ansin mar ioncam, de réir mar a chuirtear na hoibreacha ceangail (oibleagáid feidhmíochta) i gcrích.

# 18. Deontais

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(2,642)** | (2,431) |
| Faighte | **(87)** | (281) |
| Amúchta | **80** | 70 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(2,649)** | (2,642) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Nollaig-22<br>€'000 | 31-Nollaig-21<br>€'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(2,579)** | (2,572) |
| Reatha | **(70)** | (70) |
| **Iomlán** | **(2,649)** | (2,642 |

Baineann na méideanna seo le maoiniú deontais ó thionscadail Interreg Foinse-go-Tapáil agus Borradh do thionscadail thrasteorainn. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais seo fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh deontais a bheith in-aisíoctha mura gcloífí leis na coinníollacha a leagadh síos sna comhaontuithe deontais. Níl an Chuideachta ag súil go dtiocfaidh cúinsí dá leithéid chun cinn agus ní raibh aon aisíocaíocht deontas sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe sin.

## 19. Soláthairtí, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil

### Soláthairtí

| | Soláthairtí maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí €'000 | Éilimh féin-árachaithe €'000 | Soláthairtí Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2022** | (13,446) | (29,929) | (40,379) | (83,754) |
| Soláthairtí a rinneadh | - | (8,051) | (1,594) | (9,645) |
| Aistriú ó in-íocaíochtaí trádála agus eile | - | - | (25,200) | (25,200) |
| Soláthairtí a eisíodh | - | 3,215 | 6,367 | 9,582 |
| Soláthairtí a úsáideach | 4 | 3,119 | 6,662 | 9,785 |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | (13,442) | (31,646) | (54,144) | (99,232) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | (43,548) | (47,915) |
| Reatha | (55,684) | (35,839) |
| **Iomlán** | (99,232) | (83,754) |

**Soláthairtí maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí**
De bhun alt 22 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, éilíodh ar Uisce Éireann airgead tirim arbh fhiú €171.7m a bailíodh roimhe sin ó chustaiméirí tí a aisíoc. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil don chlár aisíocaíochta custaiméirí sin, trí dheontas rialtais leis an gcoinníoll aonair go n-úsáidfear an maoiniú chun aisíocaíocht a dhéanamh le custaiméirí tí agus chun an riarachán gaolmhar a urscaoileadh.

Amhail an 31 Nollaig 2022, lean an Chuideachta d'aitheantas a thabhairt do dhliteanas de €13.4m (2021: €13.4m) le haghaidh aisíocaíochtaí dlite do chustaiméirí tí, áit nár cuireadh i láthair le briseadh seiceanna a bhí eisithe nó áit nár thug na custaiméirí fógra don Chuideachta faoina gcuid sonraí teagmhála is deireanaí. Bhí sócmhainn chomhfhreagrach de €13.0m (2021: €13.0 m) (nóta 11) aitheanta freisin arb ionann í agus na méideanna infhála ón Rialtas chun dliteanais neamh-mhaoinithe na Cuideachta a chlúdach faoin gclár aisíocaíochta custaiméara. Ar 31 Nollaig 2022, bhí airgead ar láimh de €0.4m (2021: €0.4m) i seilbh na Cuideachta i leith an chláir aisíocaíochta do chustaiméirí. Cuirtear sreafaí airgid i leith an chláir i láthair i nóta 14 mar "míreanna eisceachtúla" comhsheasmhach le blianta roimhe seo.

**Éilimh**
Tá an Chuideachta féin-árachaithe maidir le héilimh áirithe dhíobhála agus dhamáiste. Tá an soláthar ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais atá i ndiaidh tarlú suas leis an 31 Nollaig 2022. Déantar íocaíochtaí de réir mar a shocraítear cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Tá nádúr na n-éileamh seo neamhchinnte faoi dháta socraíochta ach tá an Chuideachta ag súil go mbeidh na héilimh socraithe go substaintiúil faoi 2024.

**Soláthairtí Eile**
Tá soláthairtí eile comhdhéanta go príomha d'éilimh dhlíthiúla, soláthairtí ceadanna slí agus éilimh chonraitheora. Aistríodh fabhruithe de €25.2m ar théarma caipitiúil níos faide ó thrádáil agus suimeanna iníoctha eile go dtí soláthairtí mar tá siad seo bainteach le tionscadail níos faide nuair a bhíonn am na híocaíochta éiginnte. Baineann an chuid eile de na soláthairtí sin le sócmhainní an bhonneagair uisce agus fuíolluisce a aistríodh chuig an gCuideachta ó na hÚdaráis Áitiúla ar an 1 Eanáir 2014. Mar chuid den phróiseas dícheall cuí a dhéanamh teacht ar aontú faoi na sócmhainní agus na dliteanais a bhí le haistriú ó gach Údarás Áitiúil chuig Uisce Éireann, tugadh faoi bheart chun gach dliteanas féideartha a aithint agus iad a ghabháil mar sholáthair, dá mba rud é gur chomhlíon siad critéir aitheantais IAS 37. Le linn na bliana, rinneadh measúnú mionsonraithe chun an meastachán is fearr a bhí ag an gCuideachta, ar an gcaiteachas a theastaíonn chun na hoibleagáidí seo a réiteach, a thabhairt cothrom le dáta. Agus an toradh dóchúil á mheas, bhunaigh an Chuideachta a measúnú ar thaithí ó rinneadh an t-aistriú ó na hÚdaráis Áitiúla agus ar thosca eile a mheastar a bheith réasúnta sna cúinsí (comhairle dlí san áireamh). I ndiaidh an mheasúnaithe seo, le linn 2022, scaoil an Chuideachta €4.0m (2021: €11.9 m) i dtaobh na ndliteanas a glacadh leo i ndiaidh bhunú Uisce Éireann.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 19. Soláthairtí, Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil (ar lean)

#### Teagmhais

Níl an Chuideachta ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ábhartha nach mór a nochtadh. Mar chuid den phróiseas dícheall cuí a dhéanamh chun teacht ar aontú faoi na sócmhainní agus na dliteanais a bhí le haistriú ó gach Údarás Áitiúil chuig an gCuideachta, tugadh faoi bheart chun gach dliteanas teagmhasach a aithint agus iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, dá mba rud é gur chomhlíon siad critéir nochta IAS 37.

Bíonn an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ag baint le teagmhais den sórt sin, nílimid ag súil go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach aon teagmhais den saghas sin ar ár dtorthaí ó thaobh oibríochtaí, sreafaí airgid oibriúcháin nó staid airgeadais ó thaobh glansócmhainní de.

#### Gealltanais chaipitil

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | **755,047** | 559,081 |

## 20. In-íocaíochtaí trádála agus In-íocaíochtaí eile

| | | 31-Dec-22<br>€'000 | 31-Dec-21<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| In-íocaíoctaí trádála | | **(50,881)** | (22,913) |
| Speansais fhabhraithe | | **(318,011)** | (307,490) |
| Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara | 24 | **(35,317)** | (37,863) |
| In-íocaíochtaí eile | | **(57,748)** | (37,477) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialaigh | | **(29,127)** | (29,102) |
| **Iomlán** | | **(491,084)** | (434,845) |

#### Anailísithe mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(9,245)** | (13,614) |
| Reatha | **(481,839)** | (421,231) |
| **Iomlán** | **(491,084)** | (434,845) |

**Creidiúnaithe cánachais agus árachais shóisialaigh**

| | | |
|---|---|---|
| ÍMAT/árachas sóisialach | **(2,995)** | (3,572) |
| CBL | **(26,132)** | (25,530) |
| **Iomlán** | **(29,127)** | (29,102) |

## 21. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

Is féidir anailís a dhéanamh ar luachanna anonn shócmhainní agus dhliteanais airgeadais na Cuideachta mar atá leagtha amach thíos. Níl luachanna córa ionstraimí airgeadais ar nós infháltas agus iníocthach nochta ag an gCuideachta mar gur neasúchán réasúnta luacha chóir iad a suimeanna glanluacha.

**Ag costas amúchta**

| | **31-Nollaig-22 €'000** | **31-Nollaig-21 €'000** *Athshonraithe*[1] | **01-Eanáir-21 €'000** *Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | **127,480** | 127,126 | 107,081 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta[3] | **310,286** | 288,039 | 193,374 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí[3] | **3,534** | 37,784 | 17,925 |
| Sócmhainní airgeadais - urrús coimeádta ar thaisce téarma | **55,000** | - | - |
| | **496,300** | 452,949 | 318,380 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[4] | **(644,505)** | (513,631) | (384,781) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile[5] | **(143,946)** | (98,253) | (127,195) |
| | **(788,451)** | (611,884) | (511,976) |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(292,151)** | (158,935) | (193,596) |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

[2] Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais

[3] Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus léirítear an glanmhéid ar an gclár comhardaithe sa chás, agus sa chás seo, go bhfuil ceart dlíthiúil ag an gCuideachta na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil rún aici íocaíocht a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus íoc as an dliteanas ag an am céanna. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá €11.8 milliún d'airgead tirim (2021: €7.8 milliún) frithchaite in éadan rótharraingtí bainc €0.2 milliún (2021: €0.5 milliún), agus cuirtear suíomh glan de €11.6 milliún i láthair in 'airgead ar láimh' i nóta 12 (2021(athshonraithe1): €6.9 milliún).

[4] Ba é cóirluach iasachtaí agus fiachais eile amhail an 31 Nollaig 2022 ná €547.6 milliún (2021: €511.5 milliún).

[5] Níor cuireadh speansais agus dliteanais chánach fhabhraithe san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar dhliteanais airgeadais.

**Bainistíocht Riosca Airgeadais**

Tá beartais bhainistíochta riosca airgeadais curtha ar bun chun na rioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta a aithint agus anailís a dhéanamh orthu, chun teorainneacha agus rialuithe cuí riosca a shocrú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Déantar na beartais agus na córais bhainistíochta riosca airgeadais sin a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí na Cuideachta. Forbraíonn an Chuideachta, trína caighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht rialaithe eagraithe agus cuiditheach, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a ról agus a n-oibleagáidí.

### (i) Riosca creidmheasa

Sainítear riosca creidmheasa mar an caillteanas iomlán a d'fhulaingeodh an Chuideachta ar a chuid idirbheart gnó agus margaidh dá loicfeadh contrapháirtí agus dá mainneodh sé a chuid oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh. Áirítear leis nochtuithe creidmheasa ag eascairt as gaoil thrádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná nochtuithe riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha, agus an toradh á bharrfheabhsú lena linn sin.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

### 21. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais (ar lean)

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. An neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe:

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 *Athshonraithe*[1] | 01-Eanáir-21 €'000 *Athshonraithe*[1] |
|---|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **127,480** | 127,126 | 107,081 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil d'úsáid cuideachta | **310,286** | 288,039 | 193,374 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - iarmhéideanna tríú páirtí | **3,534** | 37,784 | 17,925 |
| Sócmhainní airgeadais - urrús coimeádta ar thaisce téarma | **55,000** | - | - |
| **Iomlán** | **496,300** | 452,949 | 318,380 |

[1] Athshonraíodh an t-eolas comparáideach mar gheall ar athrú sa bheartas cuntasaíochta maidir le taiscí prapéilimh faoi mar a pléadh i Nóta 1.

#### (i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le ciste

Bainistíonn feidhm Chiste na Cuideachta rioscaí creidmheasa a bhaineann le cisteán trí úsáid a bhaint as teorainneacha creidmheasa contrapháirtí a chuireann san áireamh, i measc tosca ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é beartas na Cuideachta ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Ciste measúnú agus tomhas rialta ar a neamhchosaintí contrapháirtí cisteáin.

#### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach ar nóta 11 chun anailís a fháil ar nochtadh na Cuideachta do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

### (ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige na Cuideachta maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith gnáthdhálaí nó i ndálaí anáis.

Forbraíonn agus cothaíonn an Ciste caidrimh le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don Chuideachta a fhorbairt. Déantar gach seirbhís bhaincéireachta agus chisteáin a fhoinsiú ar phraghsanna iomaíocha.

Tá an Ciste freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an gCuideachta ar leachtacht imleor chun a chinntiú go bhfuil sí in ann oibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn as a oibríochtaí ó lá go lá, oibleagáidí fiacha atá ag aibiú agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla. Déantar comhthiomsú airgid agus déantar iarmhéideanna cuntais a ghlanluacháil áit is féidir chun airgead tirim gan úsáid agus an speansas úis a íoslaghdú.

#### (ii) (a) Barrachais airgid thirim

Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal fiachais go príomha a úsáidtear barrachais airgid. Coinnítear barrachais airgid in euro agus infheistítear iad den chuid is mó i gcuntais taisce.

#### (ii) (b) Maoiniú

Tá €613.5m den €1021.6m saoráidí iasachta Stáit, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil curtha i leith na hearnála neamh-theaghlaigh, tarraingthe anois (tarraingíodh €111.8 milliún le linn 2022). Tá na saoráidí eile de €408.1 milliún le cur ar fáil thar an tréimhse 2023 go 2024, faoi réir cheadú an Aire Airgeadais, chun caiteachas caipitil nach caiteachas baile é thar an tréimhse sin a chumhdach.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuaigh an Chuideachta isteach i saoráid caipiteal oibre nua 5 bliana de luach €350.0 milliún le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, arbh í an chéim dheireanach í d'athsholáthar saoráidí fiachais tráchtála le maoiniú Stáit. Tá Uisce Éireann tiomanta do chinntiú nach mbeidh saoráid caipitil oibre Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tarraingthe anuas ar an 31 Nollaig gach bliain féilire, ach amháin má tá comhaontú Aireachta faighte ag Uisce Éireann roimh ré chun í a úsáid.

Choimeád Uisce Éireann saoráid rótharraingthe baincéireachta de luach €10.0m lena riachtanais bhaincéireachta laethúla a shásamh.

Níl in iasachtaí na Cuideachta ach amháin saoráidí arna dtarraingt ón Rialtas, ag rátaí seasta úis.

## 21. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais (ar lean)

| | 31-Nollaig-22 | 31-Nollaig-21 |
|---|---|---|
| Meánráta úis ualaithe ar phunann iasachtaí gan íoc na Cuideachta | **0.90%** | 0.54% |
| Meán-aibíocht fiachais | **8.14 bliana** | 9.17 bliana |

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Iomlán na n-iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh) | **(613,499)** | (501,619) |
| Saoráidí Rialtais neamhtharraingthe tiomanta | **(350,000)** | (350,000) |
| Saoráidí bainc tiomanta neamhtharraingthe (gan saoráid rótharraingte san áireamh) | **-** | - |
| Teorainn iasachta reachtúil | **(2,000,000)** | (2,000,000) |

### (ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta

Seo a leanas aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus fiachas eile.

| | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | < 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | > 5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(644,505)** | **(695,921)** | **(9,948)** | **(10,088)** | **(23,421)** | **(652,464)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | **(143,946)** | **(143,946)** | **(134,701)** | **(9,245)** | **-** | **-** |
| **Iomlán** | **(788,451)** | **(839,867)** | **(144,649)** | **(19,333)** | **(23,421)** | **(652,464)** |
| | | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2021** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (513,631) | (539,063) | (5,551) | (6,116) | (13,995) | (513,401) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (98,253) | (98,253) | (84,639) | (13,614) | - | - |
| **Iomlán** | (611,884) | (637,316) | (90,190) | (19,730) | (13,995) | (513,401) |

## (iii) Riosca margaidh

Is éard atá i gceist le riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar thosca margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais na Cuideachta don todhchaí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca margaidh ná nochtaí do riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú. Tá an Ciste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí malairte airgeadra agus rátaí úis na Cuideachta.

### (iii) (a) Riosca an ráta malairte

Tá an Chuideachta nochta do riosca airgeadra eachtraigh áirithe nach bhfuil rómhór a bhaineann le trádáil agus mar sin is fíorbheag an tionchar ar thorthaí na Cuideachta.

### (iii) (b) Riosca an ráta úis

Tagann riosca rátaí úis chun cinn ó athruithe ar rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dliteanais airgeadais na Cuideachta agus ar leibhéal na muirear airgeadais. Mar a thuairiscítear sa chuid riosca leachtachta den nóta seo, tá iasachtaí uile na Cuideachta fadtéarmach agus ag rátaí úis seasta amhail an 31 Nollaig 2022, dá bhrí sin níl an Chuideachta neamhchosanta a thuilleadh ar riosca ráta úis sreafa airgid ar a hiasachtaí.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 22. Tomhas Cóirluacha

Tá tomhas cóirluachanna le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ag teastáil do roinnt beartas cuntasaíochta agus nochtaí na Cuideachta. Agus cóirluach sócmhainne nó dliteanais á mheas, úsáideann an Chuideachta sonraí inbhraite margaidh chomh fada agus atá siad ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (i.e. praghsanna) nó go hindíreach (i.e. bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Chuideachta aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistrithe ann sa bhliain 2022.

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luacha cóir: Leibhéal 2. Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag an gcostas amúchta ach a bhfuil gá le nochtadh luach cóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

# 23. Caipiteal gnáthscaireanna

## (a) Scairchaipiteal

| | 31-Nollaig-22 €'000 | 31-Nollaig-21 €'000 |
|---|---|---|
| Údaraithe: | | |
| 50,000,000 scair "A" ag €0.01 an ceann | **500** | 500 |
| 50,000,000 scair "B" ag €0.01 an ceann | **500** | 500 |
| **Iomlán** | **1,000** | 1,000 |

| | 31-Nollaig-22 € | 31-Nollaig-21 € |
|---|---|---|
| Eisithe, glaoite agus íoctha go hiomlán: | | |
| 1 scair "A" amháin ag €0.01 an ceann | **0.01** | 0.01 |
| 650 scair "B" ag €0.01 an ceann | **6.50** | 6.50 |
| **Iomlán** | **6.51** | 6.51 |

### Scairbhiseach

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | **(324,000)** | (324,000) |
| Ar an 31 Nollaig | **(324,000)** | (324,000) |

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí scair "A" amháin ag Ervia, bhí 325 scair "B" i seilbh ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus bhí 325 scair "B" i seilbh ag an Aire Airgeadais.

Tugann scair "A" ceart don sealbhóir vóta a chaitheamh ag aon chruinniú ginearálta a bheadh ag an gCuideachta. Mar shealbhóir aonair den 1 scair "A" atá eisithe bhí smacht iomlán vótála ag Ervia. Ní thugann an scair "A" aon teidlíocht dá sealbhóirí ar aon rannpháirtíocht i mbrabúis nó i sócmhainní na Cuideachta ach amháin luach an tsíntiúis a fháil ar ais i gcás leachtaithe.

Ní thugann scaireanna "B" aon chumhacht rialaithe nó treorach don sealbhóir ar an gCuideachta. Tugann na scaireanna sin an ceart don sealbhóir fógra a fháil faoi chruinniú ginearálta na Cuideachta agus freastal air ach gan vótáil ann. Tugann na scaireanna sin an ceart le haon díbhinn nó dáileachán (más ann dóibh) a chinntíonn an Bord a fháil agus iompraíonn siad 'Toiliú Aire' agus tá cearta cosanta acu. I gcás leachtachta tar éis an luach suibscríbhinne a bheith aisíoctha le scairshealbhóir(í) A, beidh iarmhéid na nglanfháltas indáilte ar shealbhóirí scaireanna "B" ar bhonn pro rata don líon scaireanna "B" atá i seilbh gach duine.

Féach nóta 26 le haghaidh nochtaí i ndiaidh na n-eachtraí i dtaobh idirbhearta scaireanna ar idirscaradh dlíthiúil.

## (b) Ranníocaíocht chaipitil

| | | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | | **(2,938,466)** | (2,555,466) |
| Ranníocaíocht caipitil airgid | (i) | **(454,000)** | (383,000) |
| Oibleagáid léasa oifige measta | (ii) | **292** | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | | **(3,392,174)** | (2,938,466) |

(i) Gach bliain, fuair an Chuideachta ranníocaíocht chaipitil airgid thirim neamh-inaisíoctha ón Rialtas mar atá leagtha amach thuas.

(ii) I dtaca le beartas an Rialtais chun Uisce Éireann a scaradh ó Ervia, mar a fógraíodh sa bhliain 2018, bhí ar an gCuideachta glacadh le roinnt dliteanas a bhí ag Ervia roimhe seo. Le linn 2022, ghlac an Chuideachta dualgais léasa oifige ó Ervia (féach nóta 24 le haghaidh níos mó sonraí).

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 24. Páirtithe Gaolmhara

Cuideachta gníomhaíochta sainithe is ea Uisce Éireann ('an Chuideachta'). Ar an 31 Nollaig 2022, bhí 100% de scaireanna vótála (scaireanna "A") ag Ervia sa Chuideachta, ach ní raibh aon chearta eacnamaíochta ag dul leis an leas sin. Bhí 325 scair Ceart Eacnamaíoch Uisce ("B") ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha ar fad acu chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí na Cuideachta.

Luaitear in IFRS 10 go bhfuil "infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair a nochtar an t-infheisteoir do nó a bhfuil cearta acu chun, torthaí éagsúla óna bplé leis an institiúid infheistiúcháin agus atá sé de chumas acu dul i bhfeidhm ar na torthaí sin trína gcumhacht thar an institiúid infheistiúcháin". Ní shásaíonn úinéireacht Ervia sa Chuideachta coinníollacha rialaithe smachta de réir IFRS 10, agus dá bhrí sin d'fhonn riachtanais IFRS a chomhlíonadh, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa Ervia. Meastar gur páirtí gaolmhar le Grúpa Ervia í an Chuideachta le haghaidh 2022 agus 2021.

Mar a mhínítear i nóta 1, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, scar an Chuideachta go dleathach ó Ervia ar 1 Eanáir 2023.

Is iad seo a leanas iarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara, maidir leis na hidirbhearta atá sonraithe sna rannáin ábhartha thíos:

| | 31-Nollaig-22<br>€'000 | 31-Nollaig-21<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha le heintiteas Ghrúpa Ervia | - | (4,849) |
| Iníoctha le hÚdaráis Áitiúla | **(35,317)** | (33,014) |
| **Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara** | **(35,317)** | (37,863) |
| | | |
| Infháltas ó Údaráis Áitiúla | **27,053** | 30,535 |
| Iarmhéid airgid srianta i seilbh Údaráis Áitiúla | - | 2,193 |
| **Méideanna infhála ó pháirtithe gaolmhara** | **27,053** | 32,728 |

### Idirbhearta le Grúpa Ervia

**(a) Seirbhísí lárnacha idirbheartaíochta agus tacaíochta**

Le linn 2021, chuir Ervia seirbhísí straitéiseacha, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair chaipitil agus idirbheartaíochta agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann agus do Líonraí Gáis Éireann, tríd an Lárionad Grúpa, trí réimse na Mórthionscadal agus trí Sheirbhísí Gnó. Dearadh an eagraíocht Seirbhísí Gnó chun seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta a sholáthar i réimsí an Airgeadais, an tSoláthair, na Saoráidí, an Árachais, na Tacaíochta Tionscadail, na nAcmhainní Daonna agus na Teicneolaíochta Faisnéise. Suas chun dáta le hidirscaradh dlíthiúil, ar 1 Eanáir 2023, lean Ervia ar aghaidh ag soláthar seirbhísí rialachais d'Uisce Éireann. Cuireadh deireadh le seirbhísí lárnacha eile a sholáthar sa bhliain 2022 nuair a tosaíodh leis an idirscaradh oibríochta ó Ervia.

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais oibriúcháin tabhaithe ag Máthairchuideachta Ervia agus athmhuirearaithe ar Uisce Éireann | **1,259** | 49,320 |

An bonn le cionnroinnt chostais oibriúcháin Mháthairchuideachta Ervia:

- Aisghabhadh costais oibriúcháin a tabhaíodh Máthairchuideachta Ervia agus seirbhísí á sholáthar d'Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann (agus a chuid fochuideachtaí) ar bhonn aisghabhála costas.
- Rinneadh costais oibriúcháin a tabhaíodh i soláthar na seirbhísí sin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ar bhonn cúisíocht costas, a léiríonn an fhachtóir bhunúsach a spreag costas a bhí ag gabháil le gach lárionad costais laistigh de Mháthairchuideachta Ervia. Mar shampla, aithníodh an spreagadh ábhartha costais don ionad costais Seirbhísí Airgeadais - Cuntais Iníoctha mar "líón na sonrasc a próiseáladh". Dá bhrí sin, rinneadh costais ionad costais na gCuntas Iníoctha a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar an gcuid choibhneasta den líon sonrasc a próiseáladh.
- Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar na tosca aitheanta a spreagann costais do gach lárionad costas aonair lena chinntiú go ndearnadh costais a athmhuirearú ar aon dul leis na bunleibhéil ghníomhaíochta.

## 24. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

- Muirearaíodh na costais oibriúcháin a bhí inchurtha go díreach go díreach go dtí Uisce Éireann, sin nó athmhuirearaíodh iad go hiomlán go dtí Uisce Éireann.
- Ba é an cuspóir uileghabhálach a bhí i gceist le cionroinnt na gcostas oibriúcháin ná cinntiú go ndearnadh costais oibriúcháin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar mhodheolaíocht chóir agus trédhearcach a léiríonn na fachtóirí atá taobh thiar de chostais.

**(b) Costais caiteachais chaipitiúil a thabhaigh Grúpa Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Costais caiteachais chaipitiúil arna n-athmhuirearú ag Grúpa Ervia | - | (11,764) |

Roimh an idirscaradh oibríochta, rinne an Chuideachta idirbhearta le Grúpa Ervia i dtaobh tionscadail chomhfhóntais, a sholáthraítear go lárnach agus a sholáthraítear ag gnó, lena n-áirítear na costais phárolla a thabhaíonn an réimse Mórthionscadal. Rinneadh na costais atá inchurtha go díreach i leith Uisce Éireann a athmhuirearú ar bhonn míosúil agus níor chuir Grúpa Ervia aon fhorchostas ná corrlach i bhfeidhm.

**(c) Costais pinsin**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Costais phinsean | **(2,401)** | (1,153) |

Mar a shonraítear i nóta 16, feidhmíonn an Grúpa Ervia scéim pinsin le sochar sainithe. Ghlac roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Tugadh cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa de réir CIC 19. D'aithin Ervia, mar fhostóir urraithe an phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus níor aithin an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe na Cuideachta. Tá costas na ranníocaíochtaí sin maidir le fostaithe na Cuideachta curtha san áireamh i gcostas sochair fostaithe na Cuideachta (nóta 4). Féach nóta 26 le haghaidh nochtadh i ndiaidh na heachtra maidir le dualgais sochar sainithe a ghlac Uisce Éireann i ndiaidh an idirscaradh dlíthiúil ó Ervia.

**d) Idirbhearta a tháinig chun cinn as an Idirscaradh Dlíthiúil ó Ervia**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní ceart úsáide ar glacadh leo (sócmhainn lúide dímheas a glacadh léi) | **11,852** | - |
| Dliteanais léasa ar glacadh leo | **(12,185)** | - |
| Idirbheart rialaithe comónta a aithníodh i gcothromas (glan) | **292** | - |
| Sócmhainn chánach iarchurtha a aithníodh (nóta 7) | **42** | - |

I dtaca le beartas an Rialtais chun Uisce Éireann a scaradh ó Ervia, mar a fógraíodh sa bhliain 2018, bhí ar an gCuideachta glacadh le roinnt dliteanas a bhí ag Ervia roimhe seo. Le linn 2022, ghlac an Chuideachta le dualgais léasa oifige ó Ervia. Léirítear na sócmhainní agus na dliteanais léasa seo i nóta 9, léirítear an farasbarr dliteanais thar shócmhainn i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitiúil.

**(e) Comhaontú léasa le Líonraí Gáis Éireann**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní ceart úsáide ar glacadh leo | **12,982** | - |
| Dliteanais léasa ar glacadh leo | **(12,982)** | - |

Le linn 2022 chuaigh an Chuideachta isteach i gcomhaontú léasa oifige le Líonraí Gáis Éireann.

### Idirbhearta le hÚdaráis Áitiúla

Mar aon le cuid mhaith eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a gnó le hÚdaráis Áitiúla. De réir IFRS, níl sonraí na n-idirbheart sin curtha san áireamh anseo. Tá sonraí nochta ag an gCuideachta, áfach, i dtaobh na n-idirbheart suntasach seo a leanas le hÚdaráis Áitiúla.

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

## 24. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(a) Comhaontú seirbhíse**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas oibriúcháin (párolla, forchostais thacaíochta fheidhmiúil) | **(221,842)** | (219,854) |
| Caiteachas oibriúcháin (forchostais ghinearálta) | **(3,634)** | (3,103) |
| Caiteachas caipitil | **(64,811)** | (53,824) |
| Athmhuirir sholáthair | **(28,494)** | (27,742) |
| | **(318,781)** | (304,523) |

Rinneadh comhaontú seirbhíse a shíniú idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil ar an mbonn go mbeadh seilbh ag an gCuideachta ar na sócmhainní uisce ón 1 Eanáir 2014. Is comhaontú seachfhoinsithe é an comhaontú seirbhíse idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil aonair ar feadh tréimhse 12 bliain.

Leanann gach Údarás Áitiúil ar aghaidh ag oibriú agus ag cothabháil na sócmhainní uisce thar ceann na Cuideachta mar mhalairt ar na táillí comhaontaithe sa chomhaontú seirbhíse. Aontaítear spriocanna feidhmíochta agus leibhéil seirbhíse i bPlean Bliantúil Seirbhíse idir gach Údarás Áitiúil agus an Chuideachta i gcomhréir leis an gcomhaontú seirbhíse.

Thug gach Údarás Áitiúil Ceadúnas don Chuideachta chun na sócmhainní uisce a úsáid mar chuid den chomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil. Ceadúnas frithpháirteach 12 mhí atá sa cheadúnas. Cuireann sé ar chumas na Cuideachta agus na nÚdarás Áitiúil a gcuid feidhmeanna conarthacha agus reachtúla a chomhlíonadh amhail is dá mbeadh aistriú reachtúil na sócmhainní uisce tar éis tarlú mar a rabhthas ag súil leis (an "Ceadúnas"). Ar son an Cheadúnais, thug an Chuideachta slánaíocht do na hÚdaráis Áitiúla ó aon chaillteanais toisc gurb iad úinéirí na sócmhainní iad fós de réir dlí. Baineann an Ceadúnas le sócmhainní fisiceacha (e.g. píblínte, gléasra agus trealamh) agus ní bhaineann sé le conarthaí ná teidlíochtaí (is cuma má ghabhann siad leis na sócmhainní sin).

**(b) Socruithe caipitil oibre**

Tá réamhíocaíocht caipitil oibre curtha ar fáil ag an gCuideachta do na hÚdaráis Áitiúla chun íocaíochtaí a dhéanann na hÚdaráis Áitiúla gach mí a chlúdach, íocaíochtaí a athmhuirearaítear ina dhiaidh sin ar an gCuideachta faoin gcomhaontú seirbhíse ag (a) thuas. Baineann na híocaíochtaí sin le tuarastail, lármhuirir bhainistíochta, agus méid teoranta earraí agus seirbhísí.

**(c) Éadáil shócmhainne**

Aistríodh sócmhainní an bhonneagair uisce agus fhuíolluisce ó na hÚdaráis Áitiúla go dtí an Chuideachta ar an 1 Eanáir 2014. Níor íoc an Chuideachta aon chomaoin as na sócmhainní sealbhaithe. Rinneadh cúiteamh leis na hÚdaráis Áitiúla ar shócmhainní airgeadais áirithe (infháltais san áireamh) nó gearradh muirir orthu faoi dhliteanais airgeadais áirithe a aistríodh. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh an idirbhirt sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

### Idirbhearta le Rialtas

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa gnó leis an Rialtas. De réir IFRS, níl sonraí na n-idirbheart sin curtha san áireamh anseo. Mar sin féin, tá mionsonraí nochta ag an gCuideachta maidir leis na hidirbhearta suntasacha seo a leanas leis an Rialtas.

| | | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam fóirdheontas Rialtais | 2 | **961,000** | 893,000 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 23 | **454,000** | 383,000 |
| Ioncam deontais faighte – clár aisíocaíochta custaiméirí uisce tí | 14 | **40** | 59 |
| Saoráid an Aire Airgeadais | 15 | **111,880** | 130,060 |

Tá saoráid chaipitil oibre ag an gCuideachta freisin le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a raibh nár tarraingíodh ag deireadh na bliana, le linn na bliana agus i mblianta roimhe seo.

## 24. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

### Comhlachtaí rialtais

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile arna n-urrú ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus le bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach ag Rialtas na hÉireann. Déantar gach idirbheart ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí nó taiscí ag an gCuideachta le haon bhanc dá leithéid i rith na bliana, ag an dáta tuairiscithe, nó ag deireadh na tréimhse comparáide.

### Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Tá an phríomhbhainistíocht measúnaithe le bheith comhdhéanta den Bhord, an POF agus tuairiscí a bhaineann go díreach leis an POF. Cionroinntear cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí sa Chuideachta agus in eintitis eile laistigh de ghrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí a soláthraíodh.

Léiríonn bonn na cionroinnte sa bhliain 2021 na struchtúir rialtais a bhí i bhfeidhm roimh an idirscaradh oibríochta. Measúnadh go mbeadh an phríomhbhainistíocht le haghaidh 2021 comhdhéanta as iad seo a leanas; Bord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuairiscí díreacha. Cionroinneadh costais chúitimh príomhbhainistíochta don Chuideachta bunaithe ar sheirbhísí a soláthraíodh.

Déantar príomhbhainistíocht Uisce Éireann le haghaidh 2022 a mheasúnú leis na rudaí seo a leanas; Bord Ervia (lena n-áirítear POF Uisce Éireann agus a thuairiscí. I ndiaidh an idirscartha dhlíthiúil sa bhliain 2022, sholáthair tromlach phríomhbhainistíocht na Cuideachta a seirbhísí d'Uisce Éireann amháin. Mhéadaigh sé seo cionroinnt na gcostas don Chuideachta le haghaidh 2022 agus dá réir sin méadaíodh cúiteamh na príomhbhainistíochta de réir a tuairiscíodh faoi IFRS le haghaidh 2022 i gcomparáid le 2021, (atá sonraithe sa chéad tábla thíos). Leagann an dara tábla thíos comparáid mhacasamhail le macasamhail d'íocaíocht na bpríomh-bhainistíochta, trí ráta cionroinnte 2021 a chur i bhfeidhm don dá bhliain.

| | **2022 €'000** | **2021 €'000** |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh fostaithe | **(2,607)** | (1,115) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(341)** | (107) |
| **Iomlán** | **(2,948)** | (1,222) |

**Le haghaidh faisnéise, ag cur cionroinnt 2021 i bhfeidhm don dá bhliain;**

| | **2022 €'000** | **2021 €'000** |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha | **(1,066)** | (1,115) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(139)** | (107) |
| **Iomlán** | **(1,205)** | (1,222) |

### Stiúrthóirí

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag na stiúrthóirí sa Chuideachta ag aon am i rith na bliana nó ag an dáta tuairiscithe.

## Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais (ar lean)

# 25. Nochtaí Párolla faoi Acht na gCuideachtaí

I ndiaidh an idirscartha dhlíthiúil sa bhliain 2021, athlonnaíodh fostaithe Ervia go dtí Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. De réir IAS 19, tuairiscíonn an t-eintiteas ina gcuirtear seirbhísí fostaithe ar fáil na costais ghaolmhara párolla agus sochair fostaithe eile agus nochtann sé iad (nóta 4).

Éilíonn Alt 317 d'Acht na gCuideachtaí 2014, áfach, go nochtfar líon na bhfostaithe agus na costais phárolla i ráitis airgeadais an eintitis maidir leis an áit a bhfuil an conradh fostaíochta seachas an áit a gcuirtear seirbhísí ar fáil (is é sin ceanglas IAS 19). Tá na nochtaí sochair fostaithe d'Uisce Éireann, mar atá de dhíth ó Acht na gCuideachtaí, leagtha amach thíos.

### (i) Sochair chomhiomlána fhostaí

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha do bhaill foirne | **(72,765)** | (65,959) |
| Costais sochair scoir | **(11,036)** | (10,428) |
| Costais árachais sóisialta | **(7,807)** | (7,027) |
| | **(91,608)** | (83,414) |
| Párolla caipitlithe | **22,543** | 21,265 |
| **Speansas sochair fostaí muirearaithe ar an ráiteas ioncaim** | **(69,065)** | (62,149) |

### (ii) Sochair ghearrthéarmacha foirne

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(70,222)** | (63,111) |
| Ragobair | **(88)** | (59) |
| Liúntais | **(1,311)** | (1,357) |
| Eile[1] | **(1,144)** | (1,431) |
| **Iomlán** | **(72,765)** | (65,958) |

[1] Áiríonn sochair fostaithe ghearrthéarmacha eile sochair árachais saoil bhuana agus liúntais taistil inchánach go príomha.

Ba é 893 meán na bhfostaithe a raibh conradh fostaíochta acu leis an gCuideachta don bhliain (2021: 834). Lean fostaithe ar aghaidh ar conradh lena mbuneintiteas cé gur aistríodh iad go hUisce Éireann mar chuid den idirscaradh oibríochtúil, athrófar é seo nuair a tharlóidh an idirscaradh dlíthiúil an 1 Eanáir 2023.

## 26. Teagmhais dá éis

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar ghlac leis na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, rud a d'éileodh go ndéanfaí coigeartú ar na ráitis airgeadais seo.

Mar a mhínítear i nóta 1, de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022, scar an Chuideachta go dleathach ó Ervia ar 1 Eanáir 2023. Tharla na hidirbhearta seo a leanas sa bhliain 2023 i dtaca le hidirscaradh dlíthiúil agus níl coigeartú ar na Ráitis Airgeadais 2022 ag teastáil uathu ach nochtaítear iad anseo mar gheall ar a nádúr nó a n-ábharthacht;

- Cuireadh gach scair a eisíodh ar an 1 Eanáir 2023 ar ceal gan aon chomaoin agus eisíodh scaireanna nua láithreach go dtí an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Stáit do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, i gcomhréir leis na forálacha den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2022. Ní raibh aon tionchar cuntasaíochta ábhartha ann agus i ndiaidh na scaireanna seo a chur ar ceal, d'fhan an Scairbhiseach i gcothromas agus ceaptar gur cúlchiste caipitil é nach féidir a dháileadh.
- Bhí ar an gCuideachta glacadh le dualgais sochar sainithe a bhí ag Ervia roimhe seo. D'fheidhmigh Ervia scéim le sochar sainithe roimhe seo, lena n-áirítear roinnt fostaithe Uisce Éireann incháilithe. Cuireadh an scéim le sochar sainithe san áireamh mar Phlean Grúpa roimhe seo i gcomhréir le CIC 19 agus dá réir sin, d'aithin Ervia, an fostóir urraithe don phlean, an glandliteanas pinsin iomlán le sochar sainithe, lena n-áirítear an dliteanas.

  Bunaíodh scéim 'macasamhlaithe' le sochar sainithe laistigh d'Uisce Éireann chun an idirscaradh dlíthiúil d'Ervia agus Uisce Éireann a éascú, d'aistriú na bhfostaithe cuí, le haghaidh seirbhísí na todhchaí amháin, agus choimeád Scéim le Sochar Sainithe Ervia an tseirbhís a bhí ann cheana. Dá réir sin, d'aithin Uisce Éireann dliteanas pinsin i ndiaidh an idirscartha dhlíthiúil, chun an nasc tuarastail deireanach de gach fostaí cuí a chothabháil.

  Fuarthas coigeartú cúitimh airgead tirim de €12.2m ó Ervia ar an 8 Feabhra 2023. Socraíodh an coigeartú cúitimh airgead tirim ar bhonn cionroinnte cothroime den easnamh maoinithe achtúireachta iomláin idir Ervia agus Uisce Éireann, bunaithe ar an mballraíocht ghníomhach den scéim roimh an idirscaradh dlíthiúil.

## 27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 30 Márta 2023.

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

| | | |
|---|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Tony Keohane *(Cathaoirleach)* | |
| | Niall Gleeson *(POF)* | |
| | Liz Joyce | |
| | Fred Barry | |
| | Cathy Mannion | |
| | Chris Banks | |
| | Patricia King | |
| | Gerry Britchfield | |
| | Eileen Maher | |
| | Michael Walsh | |
| **Rúnaí** | Richard O'Sullivan | |
| **Oifig Chláraithe** | Teach Colvill<br>24/26 Sráid Thalbóid<br>Baile Átha Cliath 1 | |
| **Dlíodóirí** | **McCann Fitzgerald**<br>Riverside One<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 | **A & L Goodbody**<br>IFSC<br>Cé an Phoirt Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí** | **Banc-Aontas Éireann**<br>40-41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| **Iniúchóir** | **Deloitte Ireland LLP**<br>Cuntasóirí Cairte & Gnólachtaí Iniúchta Reachtúla<br>Deloitte & Touche House<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| **Uimhir Chuideachta** | 530363 | |

Uisce Éireann
Irish Water